



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Feabhra 2025
(OR. en)

5522/25
ADD 1

LIMITE

CORLX 89
CFSP/PESC 132
RELEX 76
COEST 57
FIN 84

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0016 (NLE)

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin

IARSCRÍBHINN

Leasaítear leis seo na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 765/2006 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn Va:

‘IARSCRÍBHINN Va

Liosta earraí agus teicneolaíochtaí dá dtagraítear in airteagail 1f(1) agus 1fa(1)

Cuid A

Tá feidhm maidir leis an Iarscríbhinn seo ag na Nótaí Ginearálta, na hAcrainmneacha agus na Giorrúcháin, agus ag na Sainmhínithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821, cé is moite de ‘Páirt I – Nótaí Ginearálta, Acrainmneacha agus Giorrúcháin, agus Sainmhínithe, Nótaí Ginearálta a ghabhann le hIarscríbhinn I, pointe 2’.

Tá feidhm maidir leis an Iarscríbhinn seo ag na sainmhínithe ar théarmaí a úsáidtear i Liosta Comhchoiteann Míleata (LCM) an Aontais Eorpaigh (C/2024/1945).

Gan dochar d’Airteagal 1m den Rialachán seo, maidir le hítimí neamhrialaithe ina bhfuil ceann amháin nó níos mó de na comhpháirteanna a liostaítear san Iarscríbhinn seo, ní bheidh na hítimí sin faoi réir na rialuithe faoi Airteagal 1f(1) agus Airteagal 1fa(1) den Rialachán seo.

Catagóir I – Leictreonaic

X.A.I.001 Feistí leictreonacha agus comhpháirteanna.

- a. ‘Micareachiorcaid mhicreaphróiseálaithe’, ‘micreachiorcaid mhicríríomhaire’ agus micreachiorcaid mhicrírialaitheora, ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:
 1. Tá luas feidhmíochta 5 GigeaFLOPS nó níos mó acu agus aonad loighce uimhríochta acu a bhfuil leithead rochtana aige arb ionann é agus 32 ghiotán nó ar mó é ná sin;
 2. Tá ráta clogmhinicíochta acu ar mó é ná 25 MHz; nó
 3. Tá níos mó ná bus sonraí amháin nó bus teorach amháin nó port cumarsáide srathaí amháin acu, a sholáthraíonn idirnasc seachtrach díreach idir ‘micreachiorcaid mhicreaphróiseálaithe’ chomhthreomhara a bhfuil ráta aistrithe de 2,5 Mb/s acu;
- b. Ciorcaid iomlánaithe stórála, mar a leanas:
 1. Cuimhní inléite amháin in-ríomhchláráithe in-léirscriosta go leictreach (EEPROManna) a bhfuil toilleadh stórála iontu;
 - a. Ar mó é ná 16 Mbit in aghaidh an phacáiste le haghaidh cineálacha flaischuimhne; nó
 - b. Ar mó é ná ceachtar den dá theorainn seo a leanas le haghaidh chineálacha uile eile EEPROM:
 1. Ar mó é ná 1 Mbit in aghaidh an phacáiste; nó

2. Ar mó é ná 256 chilighiotán in aghaidh an phacáiste agus a bhfuil uas-aga rochtana aige ar lú é ná 80 ns;
2. Cuimhní randamrochtana statacha (SRAManna) a bhfuil toilleadh stórála iontu:
 - a. Ar mó é ná 1 Mbit in aghaidh an phacáiste; nó
 - b. Ar mó é ná 256 chilighiotán in aghaidh an phacáiste agus a bhfuil uas-aga rochtana aige ar lú é ná 25 ns;
 - c. Tiontairí ó analógach go digiteach ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:
 1. Tá taifeach 8 ngiotán nó níos mó, ach níos lú ná 12 ghiotán, acu agus ráta aschuir is mó ná 200 Meigeashampla in aghaidh an tsoicind;
 2. Tá taifeach 12 ghiotán acu agus ráta aschuir is mó ná 105 Meigeashampla in aghaidh an tsoicind;
 3. Tá taifeach acu is mó ná 12 ghiotán ach atá cothrom le 14 ghiotán nó níos lú ná sin, agus ráta aschuir is mó ná 10 Meigeashampla in aghaidh an tsoicind; nó
 4. Tá taifeach acu is mó ná 14 ghiotán agus ráta aschuir is mó ná 2,5 Meigeashampla in aghaidh an tsoicind;
 - d. Feistí loighce in-ríomhchláraithe sa réimse a bhfuil uasmhéid ionchur/aschur digiteach aonathraithe acu idir 200 agus 700;

- e. Próiseálaithe Trasfhoirme Tapa Fourier (FFT) a bhfuil aga rite ráitithe acu do FFT coimpléascach phointe 1 024 ar lú é ná 1 ms;
- f. Ciorcaid iomlánaithe shaincheaptha nach eol cén fheidhm a bhaineann leo nó nach eol don mhonaróir an stádas rialaithe atá ag an trealamh ina n-úsáidfear an ciorcad iomlánaithe, ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:
 - 1. Tá níos mó ná 144 teirminéal acu; nó
 - 2. Tá ‘moill ar fhorleathadh bunúsach’ thipiciúil níos lú ná 0,4 ns acu;
- g. ‘Feistí folúis leictreonacha’ toinne taistil, de thonn bhíogach nó leanúnach, mar a leanas:
 - 1. Feistí cuasán cúpláilte, nó díorthaigh díobh sin;
 - 2. Feistí atá bunaithe ar chiorcaid héilics, tonntreorach fillte, nó tonntreorach lúbaí, nó ar dhíorthaigh díobh sin, ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:
 - a. Tá ‘bandaleithead meandrach’ leath ochtáibhe nó níos mó acu, agus meánchumhacht (arna sloinneadh in kW) iolraithe faoin minicíocht (arna sloinneadh in GHz) is mó ná 0,2; nó
 - b. Tá ‘bandaleithead meandrach’ acu ar lú é ná leath ochtáibhe; agus meánchumhacht (arna sloinneadh in kW) iolraithe faoin minicíocht (arna sloinneadh in GHz) is mó ná 0,4;
- h. Tá tonntreoracha solúbtha acu atá ceaptha lena n-úsáid ag minicíochtaí arb airde iad ná 40 GHz;

- i. Feistí tonnta fuaimiúla dromchla agus feistí tonnta fuaimiúla um bearradh dromchla (bulc éadomhain) (i.e., feistí ‘próiseála comharthaí’ lena n-úsáidtear tonnta leaisteacha in ábhair), ar fíor ina leith ceachtar de na nithe seo a leanas:
1. Tá minicíocht iompróra acu ar mó í ná 1 GHz; nó
 2. Tá minicíocht iompróra acu arb ionann í agus 1 GHz nó ar lú í ná sin; agus
 - a. Tá ‘diúltú minicíochta taobhlóba’ acu ar mó é ná 55 dB;
 - b. Is mó toradh na moille uasta agus an bhandaleithid (am in μ s agus bandaleithead in MHz) acu ná 100; nó
 - c. Tá moill spréite acu ar mó í ná 10 μ s;

Nóta Teicniúil: Chun críoch X.A.I.001.i, is é is ‘diúltú minicíochta taobhlóba’ ann luach uasta an diúltaithe a shonraítear ar an mbileog sonraí.

- j. ‘Cealla’, mar a leanas:
1. ‘Cealla príomhúla’ a bhfuil ‘dlús fuinnimh’ acu arb ionann é agus 550 Wh/kg nó níos lú ag 293 K (20 °C);
 2. ‘Cealla tánaisteacha’ a bhfuil ‘dlús fuinnimh’ acu arb ionann é agus 350 Wh/kg nó níos lú ag 293 K (20 °C);

Nóta: Le X.A.I.001.j., ní rialaítear ceallraí, lena n-áirítear ceallraí aonchille.

Nótaí Teicniúla:

1. *Chun críoch X.A.I.001.j, ríomhfar dlús fuinnimh (Wh/kg) ón voltas ainmniúil á iolrú faoin acmhainneacht ainmniúil in aimpéaruairéanta á roinnt ar an mais i gcileagraim. Mura luaitear an acmhainneacht ainmniúil, ríomhfar an dlús fuinnimh ón voltas ainmniúil á chearnú agus ansin á iolrú faoin ré díluchtaithe in uaireanta á roinnt ar an ualach díluchtaithe in Óim agus an mhais i gcileagraim.*
 2. *Chun críoch X.A.I.001.j, sainmhínítear ‘cill’ mar fheiste leictriceimiceach a bhfuil leictreoidí dearfacha agus diúltacha, agus leictrilít aici, agus ar foinse fuinnimh leictrigh í. Is é bloc tógála bunúsach an cheallra é.*
 3. *Chun críoch X.A.I.001.j.1, is éard atá i ‘gcill phríomhúil’ ‘cill’ nach bhfuil deartha lena luchtú ó aon fhoínse eile.*
 4. *Chun críoch X.A.I.001.j.2, is éard atá i ‘gcill thánaisteach’ ‘cill’ atá deartha lena luchtú ó fhoínse leictreach sheachtrach.*
- k. Leictreamaighnéid nó solanóidigh ‘fhorsheoltacha’ atá saindeartha lena luchtú nó lena ndíluchtú go hiomlán laistigh de níos lú ná nóiméad amháin, ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas:

Nóta: *Le X.A.I.001.k, ní rialaítear leictreamaighnéid nó solanóidigh ‘fhorsheoltacha’ atá deartha lena n-úsáid i dtrealamh leighis um Íomháu Athshondais Mhaighnéadaigh.*

1. Is mó ná 500 kJ in aghaidh an tsoicind an fuinneamh uasta a sholáthraítear i rith an díluchtaithe á roinnt ar ré an díluchtaithe leo;

2. Tá trastomhas inmheánach ag na tochráin iompróra srutha acu ar mó é ná 250 mm; agus
 3. Tá siad rátaithe d'ionduchtú maighnéadach ar mó é ná 8 T nó do 'dhlús iomlán an tsrutha' ar mó é ná 300 A/mm² sa tochrán;
- l. Ciorcaid nó córais le haghaidh stóráil fuinnimh leictreamaighnéadaigh a bhfuil comhpháirteanna iontu atá monaraithe as ábhair 'fhorsheoltacha' atá saindeartha chun go bhfeidhmeoidh ar a laghad ceann amháin dá gcomhchodaigh 'fhorsheoltacha' ag teochtaí arb ísle iad ná an 'teocht chriticiúil', ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas:
1. Tá minicíochtaí oibriúcháin athshondacha acu ar mó iad ná 1 MHz;
 2. Tá dlús fuinnimh thaiscthe acu arb ionann é agus 1 MJ/m³ nó ar mó é ná sin; agus
 3. Tá aga díluchtaithe acu ar lú é ná 1 ms;
- m. Tíreatróin hidrigine/hidrigine-iseatóip atá déanta de mhiotal ceirmeach acu agus atá rátaithe le haghaidh bhuaicshrutha 500 A nó níos mó;
- n. Scagairí minicíochta ceirmeacha;
- o. Grianchealla, cóimeálacha fuinneog idirnasctha cealla (CIC), grianphainéil agus eagair ghréine, atá 'spáscháilithe', agus nach rialaítear le 3A001.e.4¹;
- p. gearrthóirí ceirméid.

¹ Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

X.A.I.002 ‘Cóimeálacha leictreonacha’ ilchuspóireacha, modúil agus trealamh.

- a. Trealamh tástála leictreonach, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821;
- b. Taifeadáin dhigiteacha sonraí ionstraimíochta téipe maighnéadaí, ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:
 1. Tá uasráta aistrithe an chomhéadain dhigitigh acu ar mó é ná 60 Mbit/s agus úsáidtear teicnící scanta héiliciúla iontu;
 2. Tá uasráta aistrithe an chomhéadain dhigitigh acu ar mó é ná 120 Mbit/s agus úsáidtear teicnící cnoga fhosaithe iontu; nó
 3. ‘Spáscháilithe’;
- c. Trealamh, a bhfuil uasráta aistrithe an chomhéadain dhigitigh aige ar mó é ná 60 Mbit/s, atá deartha chun fístaifeadáin dhigiteacha téipe maighnéadaí a thiontú chun a n-úsáide mar thaifeadáin dhigiteacha sonraí ionstraimíochta;
- d. Ascalascóip analógacha neamh-mhodúlacha a bhfuil bandaleithead acu arb ionann é agus 1 GHz nó ar mó é ná sin;
- e. Córais ascalascóip analógaigh neamh-mhodúlaigh, ag a bhfuil ceachtar de na saintréithe seo a leanas:
 1. Tá mór-ríomhaire acu a bhfuil bandaleithead aige arb ionann é agus 1 GHz nó ar mó é ná sin; nó
 2. Tá modúil a phlugáiltear isteach acu a bhfuil bandaleithead aonair acu arb ionann é agus 4 GHz nó ar mó é ná sin;

- f. Ascalascóip analógacha shamplála chun anailís a dhéanamh ar na feiniméin athfhillteacha a bhfuil bandaleithead éifeachtach acu ar mó é ná 4 GHz;
- g. Ascalascóip dhigiteacha agus taifeadáin díomuana, lena úsáidtear teicnící tiontaithe ó analógach go digiteach, lenar féidir díomhanta a stóráil trí shampláil sheicheamhach a dhéanamh ar ionchuir urchair aonair ag eatraimh chomhleantacha ar lú iad ná 1 ns (níos mó ná 1 Ghigeashampla in aghaidh an tSoicind), lena ndigitítear go 8 ghiotán nó taifeach níos mó agus lena stóráiltear 256 shampla nó níos mó.

Nóta: Le X.A.I.002 rialaítear na comhpháirteanna saindeartha seo a leanas le haghaidh ascalascóip analógacha:

- 1. *Aonaid a phlugáiltear isteach;*
- 2. *Aimplitheoirí seachtracha;*
- 3. *Réamhaimplitheoirí;*
- 4. *Gairis samplála;*
- 5. *Feaddáin gha-chatóideacha.*

X.A.I.003 Trealamh próiseála sonrach, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, mar a leanas:

- a. Athróirí minicíochta agus a gcomhpháirteanna saindeartha, seachas iad sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821;’;

- b. Mais-speictriméadair, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821;
- c. Meaisíní x-ghathanna splaince uile, agus comhpháirteanna de chórais cumhachta bíogaí atá deartha díobh, lena n-áirítear gineadóirí Marx, líonraí lena múnlaítear bíog ardchumhachta, toilleoirí ardvoltais, agus truicir;
- d. Bíog-aimplitheoirí, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821;
- e. Trealamh leictreonach maidir le giniúint moille ama nó tomhas eatraimh ama, mar a leanas:
 - 1. Gineadóirí moille ama dhigitigh ag a bhfuil taifeach arb ionann é agus 50 nanashoicind nó ar lú é ná sin thar eatraimh ama arb ionann iad agus 1 mhicreashoicind nó ar mó iad ná sin; nó
 - 2. Méadar eatraimh ilchainéil (trí cinn nó níos mó) nó méadar eatraimh ama mhodúlaigh agus trealamh cronaiméadrachta ag a bhfuil taifeach arb ionann é agus 50 nanashoicind nó ar lú é ná sin thar eatraimh ama arb ionann iad agus 1 mhicreashoicind nó ar mó iad ná sin;
- f. Ionstraimí anailíseacha crómataagrafaíochta agus speictriméadrachta.

X.B.I.001 Trealamh chun comhpháirteanna nó ábhair leictreonacha a mhonarú, mar a leanas, agus comhpháirteanna agus gabhálais atá saindeartha lena aghaidh:

- a. Trealamh atá saindeartha chun leictreonfheadáin, eilimintí optúla agus comhpháirteanna atá saindeartha lena aghaidh a mhonarú, ar trealamh é a rialaítear le 3A001² nó le X.A.I.001;
- b. Trealamh atá saindeartha chun feistí leathsheoltacha, ciorcaid iomlánaithe agus ‘cóimeálacha leictreonacha’ a mhonarú, mar a leanas, agus córais ina n-ionchorpraítear an trealamh sin nó ag a bhfuil saintréithe an trealaimh sin:

Nóta: Le X.B.I.001.b., rialaítear freisin trealamh a úsáidtear nó atá modhnaithe lena úsáid chun feistí eile a mhonarú, amhail gairis íomháiithe, gairis leictrea-optúla, feistí tonnta fuaimiúla.

1. Trealamh chun ábhair a phróiseáil chun gairis agus comhpháirteanna a mhonarú mar a shonraítear i gceannteideal X.B.I.001.b, mar a leanas:

Nóta: Ní rialaítear le X.B.I.001 feadáin fhoirnéise grianchloiche, lineálacha foirnéise, céaslaí, báid (cé is moite de chásbháid shaindeartha), boilgeoirí, caiséid nó breogáin atá saindeartha le haghaidh an trealaimh próiseála a rialaítear le X.B.I.001.b.1.

- a. Trealamh chun sileacan polachriostalach agus ábhair a rialaítear le 3C001 a tháirgeadh³;

² Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

³ Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

- b. Trealamh atá saindeartha chun ábhair leathsheoltacha III/V agus II/VI a íonú nó a phróiseáil agus a rialaítear le 3C001, 3C002, 3C003, 3C004, nó 3C005⁴ cé is moite de tharraingeoirí criostail – maidir le tarraingeoirí criostail, féachtar X.B.I.001.b.1.c thíos;
- c. Tarraingeoirí criostail agus foirnéisí criostail, mar a leanas:

Nóta: Ní rialaítear le X.B.I.001.b.1.c foirnéisí idirleata agus ocsaídiúcháin.

- 1. Trealamh ainéalta agus athchriostalaithe seachas na foirnéisí teochta sheasta ina n-úsáidtear rátaí arda aistrithe fuinnimh, ar trealamh é lenar féidir sliseoga a phróiseáil ar ráta is mó ná 0,005 m² in aghaidh an nóiméid;
- 2. Tarraingeoirí criostail den chineál ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe seo a leanas:
 - a. Tá siad in-athluchtaithe gan coimeádán an bhreogáin a ionadú;
 - b. Tá ar a gcumas feidhmiú ag brúnna os cionn $2,5 \times 10^5$ Pa; nó
 - c. Tá ar a gcumas criostail a tharraingt a bhfuil trastomhas acu is mó ná 100 mm;

⁴ Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

- d. Trealamh den chineál ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ le haghaidh fás eipealuadrach ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe seo a leanas:
1. Tá ar a chumas ciseal sileacain dar tiús nach mó ná $\pm 2,5 \%$ thar achar 200 mm nó níos mó a tháirgeadh;
 2. Tá ar a chumas ciseal aon ábhair a tháirgeadh seachas sileacan darb aonfhoirmeacht tiúis ar feadh na sliseoige nach lú ná $\pm 3,5 \%$; nó
 3. Uainíocht sliseog aonair le linn na próiseála;
- e. Trealamh fáis eipealuadraigh léasacha móilíneacha;
- f. Trealamh ‘spriúchta’ atá feabhsaithe go maighnéadach agus a bhfuil loic lódála chomhtháite shaindeartha acu lenar féidir sliseoga a aistriú i dtimpeallacht folúis leithlisithe;
- g. Trealamh atá saindeartha le haghaidh an ian-ionphlandaithe, an idirleata ianfheabhsaithe nó fhótaifheabhsaithe, agus ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe seo a leanas:
1. Cumas patrúnaithe;
 2. Fuinneamh léis (voltas luasghéaraithe) is mó é ná 200 keV;
 3. Tá siad optamaithe chun oibriú ag fuinneamh léis (voltas luasghéaraithe) ar lú é ná 10 keV; nó

4. Tá ar a gcumas ionphlandú ardfhuinnimh ocsaigine a dhéanamh i ‘bhfoshraith’ téite;
- h. Trealamh den chineál ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ le haghaidh baint roghnaíoch (eitseáil) trí mhodhanna tirime ainiseatrópacha (e.g. plasma), mar a leanas:
1. ‘Cineálacha baisce’ ag a bhfuil aon cheann díobh seo a leanas:
 - a. Aimsiú críochphointe, seachas cineálacha speictreascópacht astaíochta optúla; nó
 - b. Brú oibríochta (eitseáil) imoibreora 26,66 Pa nó níos lú;
 2. ‘Cineálacha sliseog aonair’ ag a bhfuil aon cheann díobh seo a leanas:
 - a. Aimsiú críochphointe, seachas cineálacha speictreascópacht astaíochta optúla;
 - b. Brú oibríochta (eitseáil) imoibreora 26,66 Pa nó níos lú; nó
 - c. Láimhseáil sliseog le fearais caiséad-go-caiséad agus le loic lódála;

Nótaí:

1. *Tagraíonn ‘cineálacha baiste’ do mheaisíní nach bhfuil saindeartha chun sliseoga aonair a phróiseáil. Le meaisíní den sórt sin is féidir dhá shliseog nó níos mó a phróiseáil go comhuaineach le paraiméadair phróisis choitianta, e.g., cumhacht RF, teocht, speicis gháis eitseála, rátaí sreafa.*
 2. *Le ‘cineálacha sliseog aonair’, tagraítear do mheaisíní atá ‘saindeartha’ chun sliseoga aonair a phróiseáil. Sna meaisíní sin d’fhéadfadh teicnící uathoibríocha láimhseála sliseog a bheith in úsáid chun sliseog aonair a luchtú sa trealamh lena próiseáil. Sa sainmhíniú áirítear trealamh lenar féidir roinnt sliseog a lódáil agus a phróiseáil ach inar féidir na paraiméadair eitseála, e.g. cumhacht radaimhinicíochta nó críochphointe, a chinneadh go neamhspleách i gcás gach sliseoige aonair.*
- i. Trealamh ‘deascadh trí ghalú ceimiceach’ (CVD), e.g., CVD atá feabhsaithe le plasma (PECVD) nó CVD fóta-fheabhsaithe, do mhonarú feistí leathsheoltacha, ar fíor ina leith ceachtar den dá chumas seo a leanas, chun ocsaídí, nítrídí, miotail nó sileacan polaichriostalach a dheascadh:
1. Trealamh ‘deascadh gaile ceimiceach’ a oibríonn faoi bhun 10^5 Pa; nó

2. Trealamh PECVD a oibríonn faoi bhun 60 Pa nó ag a bhfuil láimhseáil sliseog uathoibríoch le fearais caiséad-go-caiséad agus le loic lódála;

Nóta: Ní rialaítear le X.B.I.001.b.1.i córais lagbhrú 'deascadh gaile ceimici' (LPCVD) ná trealamh imoibríoch den chineál 'spriúchta'.

- j. Córais léasacha leictreon atá saindeartha nó atá modhnaithe chun maisc a dhéanamh nó chun feistí leathsheoltacha a phróiseáil, ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe seo a leanas:

1. Sraonadh léasacha leictreastatacha;
2. Próifil léis neamh-Ghuaiseach, í múnlaith;e;
3. Ráta comhshó ó dhigiteach go hanalógach is mó ná 3 MHz;
4. Cruinneas tiontaithe ó dhigiteach go hanalógach is mó ná 12 giotán; nó
5. Cruinneas rialaithe aischothúcháin maidir le suíomh ó sprioc go léas 1 μm nó níos míne;

Nóta: Ní rialaítear le X.B.I.001.b.1.j córais deasctha léasacha leictreon ná micreascóip leictreon scanacháin ilchuspóireacha.

- k. Trealamh críochnaithe dromchla chun sliseoga leathsheoltacha a phróiseáil mar a leanas:
1. Trealamh atá saindeartha chun próiseáil chúlrach a dhéanamh ar shliseoga is tanaí ná 100 μm agus an deighilt ina dhiaidh sin; nó
 2. Trealamh atá saindeartha chun gairbhe dromchla a bhaint amach i ndromchla gníomhach sliseoige próiseáilte dar luach dhá-shigme nach mó ná 2 μm , léamh iomlán léirithe (TIR);

Nóta: Ní rialaítear le X.B.I.001.b.1.k trealamh rádalaithe agus snasaithe aontaobha chun dromchla sliseog a bhailchríochnú.

1. Trealamh idirnasctha lena n-áirítear comhchuasáin folúis aonair nó ilchuasáin folúis atá saindeartha chun gur féidir aon trealamh a rialaítear le X.B.I.001 a chomhtháthú i gcóras iomlán;
- m. Trealamh den chineál ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ lena n-úsáidtear ‘léasair’ chun ‘ciorcaid iomlánaithe mhonailiotacha’ a dheisiú nó a bhearradh, ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe seo a leanas:
1. Cruinneas aimsiúcháin suímh is mó ná $\pm 1 \mu\text{m}$; nó
 2. Tá méid an spota (leithead an ghearrtha) níos lú ná 3 μm .

Nóta Teicniúil: Chun críoch X.B.I.001.b.1, is éard atá sa ‘spriúchadh’ próiseas brataithe forleagain ina ndéantar iain a bhfuil lucht deimhneach iontu a luathú le réimse leictreach, i dtreo dromchla sprice (ábhar brataithe). Is leor fuinneamh cinéiteach na n-ian tuinsimh chun go scaoilfí adaimh an dromchla sprice agus chun go ndeascfaí iad ar fhoshraith. (Tugtar faoi deara: Is gnáthmhodhuithe ar an bpróiseas iad spriúchadh trióide, maighnéatróin nó radaimhinicíochta chun greamaitheacht an bhrataithe agus an ráta deasctha a mhéadú.)

2. Maisc, foshraitheanna masc, trealamh chun maisc a dhéanamh agus trealamh aistrithe íomhánna chun gairis agus comhpháirteanna a mhonarú mar a shonraítear i gceannteideal X.B.I.001, mar a leanas:

Nóta: Leis an téarma maisc, tagraítear do na maisc a úsáidtear i liteagrafaíocht léasacha leictreon, i liteagrafaíocht X-ghathach, agus i liteagrafaíocht ultraivialait, chomh maith leis an ngnáth-fhótailiteagrafaíocht ultraivialaite agus infheicthe.

- a. Maisc chríochnaithe, mioneangaí agus dearáí lena n-aghaidh, ach amháin:
 1. Maisc nó mioneangacha críochnaithe le haghaidh táirgeadh ciorcad iomlánaithe nach rialaítear le 3A001⁵; nó
 2. Maisc nó mioneangaí ag a bhfuil an dá shaintréith seo a leanas:
 - a. Tá a ndearadh bunaithe ar gheoiméadracht 2,5 µm nó níos mó; agus
 - b. Ní áirítear sa dearadh gnéithe speisialta chun an úsáid atá beartaithe a athrú trí threalamh táirgthe nó trí ‘bhogearraí’;
- b. Foshraitheanna masc, mar a leanas:

⁵ Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

1. ‘Foshraitheanna’ (e.g., gloine, grianchloiche, saifir) dromchla crua (e.g., cróimiam, sileacan, molaibdéineam) atá brataithe chun maisc a ullmhú ag a bhfuil toisí is mó ná 125 mm x 125 mm; nó
 2. Foshraitheanna atá saindeartha le haghaidh maisc x-ghathacha;
- c. Trealamh, seachas ríomhairí ilchuspóireacha, atá saindeartha le haghaidh dearadh ríomhchuidithe (CAD) feistí leathsheoltacha nó ciorcad iomlánaithe;
- d. Trealamh nó meaisíní, mar a leanas, chun maisc nó mioneangaí a mhonarú:
1. Ceamaraí céime agus athdhéanta fóta-optúla agus athcheamaraí lenar féidir eagair is mó ná 100 mm x 100 mm a tháirgeadh, nó lenar féidir aon nochtadh amháin is mó ná 6 mm x 6 mm a tháirgeadh sa phlána íomhá (i.e., fócasach), nó lenar féidir leithid líne is lú ná 2,5 μm a tháirgeadh san fhótaifhriotaí ar an ‘bhfoshraith’;

2. Trealamh chun maisc nó mioneangaí a dhéanamh lena n-úsáidtear liteagrafaíocht léis iain nó 'léasair' lenar féidir leithid líne is lú ná $2,5\text{ }\mu\text{m}$ a tháirgeadh; nó
3. Trealamh nó gabhdáin chun maisc nó mioneangaí a athrú nó chun scannáin a chur isteach nó chun fabhtanna a bhaint;

Nóta: Ní rialaítear le X.B.I.001.b.2.d.1 ná le b.2.d.2 trealamh monaraithe masc ina n-úsáidtear modhanna fóta-optúla, trealamh a bhí ar fáil ar bhonn tráchtála roimh an 1 Eanáir 1980 nó nach fearr a fheidhmíocht ná an trealamh sin.

- e. Trealamh den chineál 'rialú le ríomhchlár stóráilte' chun maisc, mioneangacha nó scannáin a iniúchadh ag a bhfuil na saintréithe seo a leanas:

1. Taifeach $0,25\text{ }\mu\text{m}$ nó taifeach is míne ná sin; agus
2. Beachtas $0,75\text{ }\mu\text{m}$ nó beachtas is míne ná sin thar fhad $63,5\text{ mm}$ nó níos mó i gcomhordanáid amháin nó dhó;

Nóta: Ní rialaítear le X.B.I.001.b.2.e micreascóip leictreon scanacháin ilchuspóireacha ach amháin nuair atá siad saindeartha agus ionstraimithe chun iniúchadh uathoibríoch a dhéanamh ar phatrúin.

- f. Trealamh chun sliseoga a tháirgeadh a ailíniú agus a nochtadh trí mhodhanna fóta-optúla nó x-gha, e.g. trealamh liteagrafaíochta, lena n-áirítear trealamh aistrithe íomhánna teilgin agus trealamh céime agus athdhéanta (céim dhíreach ar an sliseog) nó trealamh céime agus scanta (scanóir), trealamh lenar féidir aon cheann de na feidhmeanna seo a leanas a dhéanamh:

Nóta: Ní rialaítear le X.B.I.001.b.2.f trealamh rianaithe fhóta-optúil agus ailíniú agus nochtadh masc gaireachta ná trealamh rianaithe aistriú íomhánna.

1. Táirgeadh patrúin is lú ná 2.5 μm ;
 2. Ailíniú le beachtas is míne ná $\pm 0,25 \mu\text{m}$ (3 shigme);
 3. Forleagan meaisín le meaisín nach fearr ná $\pm 0,3 \mu\text{m}$; nó
 4. Tonnfhad foinse solais is giorra ná 400 nm;
- g. Trealamh léasacha leictreoin, léasacha iain nó trealamh X-ghathach le haghaidh aistriú íomhánna teilgin lenar féidir patrúin is lú é ná 2,5 μm a tháirgeadh;

Nóta: Maidir le córais dhírithe léasacha sraonta (córais taifeadta dhíreacha), féachtar X.B.I.001.b.1.j.

- h. Trealamh lena n-úsáidtear ‘léasair’ chun taifead díreach a dhéanamh ar shliseoga lenar féidir patrúin is lú ná 2,5 μm a tháirgeadh.

3. Trealamh chun ciorcaid iomlánaithe a chóimeáil, mar a leanas:
- a. Nascóir díse den chineál ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe seo a leanas:
 - 1. ‘Tá siad saindeartha’ do ‘chiorcaid iomlánaithe hibrídeacha’;
 - 2. Bogadh aimsiúcháin céim X-Y is mó ná 37,5 x 37,5 mm; agus
 - 3. Cruinneas suiteála i bplána X-Y is míne ná $\pm 10 \mu\text{m}$;
 - b. ‘Trealamh den chineál ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ chun roinnt nasc a tháirgeadh in aon oibríocht amháin (e.g., nascóirí léis seolán, nascóirí iompartha sliseanna, nascóirí téipe);
 - c. Séalóirí caipíní teo leath-uathoibríocha nó uathoibríocha, lena ndéantar téamh áitiúil ar an gcaipín go teocht is airde ná corp an phacáiste, atá saindeartha le haghaidh pacáistí ceirmeacha micrichiorcaid a rialaítear le 3A001⁶ agus ag a bhfuil tréachur nach lú ná aon phacáiste amháin in aghaidh an nóiméid.

Nóta: Ní rialaítear le X.B.I.001.b.3 spot-táthairí den chineál friotaíochta ilchuspóirí.

⁶ Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

4. Scagairí le haghaidh seomraí glana lenar féidir timpeallacht aeir a sholáthar nach mó ná deich gcáithnín atá inti, ar cáithníní 0,3 μm nó níos lú atá iontu, in aghaidh an 0,02832 m^3 agus scagairí lena n-aghaidh.

Nóta Teicniúil: Chun críoch X.B.I.001, is éard is ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ ann rialú a úsáideann treoracha atá stóráilte i stóras leictreonach ar féidir le próiseálai iad a rith chun feidhmiú feidhmeanna réamhchinntithe a stiúradh. Féadfaidh trealamh a bheith faoi ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ bíodh an stóráil leictreonach á dhéanamh go hinmheánach sa trealamh nó go seachtrach.

X.B.I.002 Trealamh chun comhpháirteanna agus ábhair leictreonacha a iniúchadh nó a thástáil, agus comhpháirteanna agus gabhálais atá saindeartha lena n-aghaidh.

- a. Trealamh atá saindeartha chun iniúchadh nó tástáil a dhéanamh ar leictreonfheadáin, ar eilimintí optúla agus ar chomhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh, agus a rialaítear le 3A001⁷ nó X.A.I.001;
- b. Trealamh atá saindeartha chun iniúchadh nó tástáil a dhéanamh ar fheistí leathsheoltacha, ar chiorcaid iomlánaithe agus ar ‘chóimeálacha leictreonacha’, mar a leanas, agus córais ina n-ionchorpraítear an trealamh sin nó ag a bhfuil saintréithe an trealaimh sin:

Nóta: Le X.B.I.002.b. freisin, rialaítear trealamh a úsáidtear nó atá modhnaithe lena úsáid chun feistí eile a mhonarú, amhail gairis íomháiithe, gairis leictrea-optúla, feistí tonnta fuaimiúla.

⁷ Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

1. Trealamh iniúchta den chineál ‘rialaithe faoi chlár stóráilte’ chun fabhtanna, earráidí nó éilleáin nach mó ná 0,6 micriméadar a bhrath go huathoibríoch ar shliseoga nó ar fhoshraitheanna próiseáilte, nó iontu, cé is moite de chlár ciorcaid phriontáilte nó sliseanna, agus úsáid á baint as teicnící chun íomhánna optúla a fháil lena ndéantar comparáid idir patrúin;

Nóta: Ní rialaítear le X.B.I.002.b.1. micreascóip leictreon scanacháin ilchuspóireacha, ach amháin nuair atá siad saindeartha agus sain-ionstraimithe chun iniúchadh uathoibríoch a dhéanamh ar phatrúin.

2. Trealamh tomhais agus anailíse den chineál ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’, mar a leanas:
 - a. Trealamh atá saindeartha chun an cion ocsaigin nó carbóin in ábhair leathsheoltacha a thomhas;
 - b. Trealamh chun leithid líne a thomhas le taifeach 1 μm nó taifeach is míne ná sin;
 - c. Ionstraimí tomhais saindeartha chun plánacht a thomhas, lenar féidir dialltaí ón bplánacht 10 μm nó níos lú a thomhas le taifeach 1 μm nó níos lú.
3. Trealamh scrúdaithe sliseog den chineál ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe seo a leanas:
 - a. Cruinneas aimsiúcháin is míne ná 3,5 μm ;
 - b. Tá ar a chumas tástáil a dhéanamh ar fheistí ina bhfuil líon is mó ná 68 teirminéal; nó

- c. Tá ar a chumas tástáil a dhéanamh ag minicíocht is mó ná 1 GHz;
4. Trealamh optúil mar a leanas:
- a. Trealamh den chineál ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ atá saindeartha chun feistí leathsheoltóra scoite agus díslí neamh-imchochlaithe a thástáil, lenar féidir tástáil a dhéanamh ag minicíochtaí is airde ná 18 GHz;

Nóta Teicniúil: I measc na bhfeistí leathsheoltacha scoite tá fótaichealla agus grianchealla.

- b. Trealamh den chineál ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ atá saindeartha chun tástáil a dhéanamh ar chiorcaid iomlánaithe agus ar ‘choímeálacha leictreonacha’ díobh, lenar féidir tástáil fheidhmiúil a dhéanamh:
1. Ag ‘ráta patrúin’ is mó ná 20 MHz; nó
 2. Ag ‘ráta pátrún’ is mó ná 10 MHz ach nach mó ná 20 MHz agus lenar féidir pacáistí ina bhfuil níos mó ná 68 teirminéal a thástáil.

Nótaí: Ní rialaítear le X.B.I.002.b.4.b. trealamh tástála atá saindeartha chun tástáil a dhéanamh orthu seo a leanas:

1. *Cuimhní;*
2. *‘Cóimeálacha’ nó aicme ‘cóimeálacha leictreonacha’ le haghaidh feidhmeanna baile agus siamsaíochta; agus*

3. *Comhpháirteanna leictreonacha, ‘cóimeálacha leictreonacha’ agus ciorcaid iomlánaithe nach rialaítear le 3A001⁸ ná le X.A.I.001, ar choinníoll nach n-ionchorpraítear leis an trealamh tástála sin saoráidí ríomhaireachta le ‘in-ríomhchláráitheacht atá inrochtana don úsáideoir’.*

Nóta Teicniúil: Chun críocha X.B.I.002.b.4.b, sainmhínítear gurb é is ‘ráta patrúin’ ann uasmhinicíocht an oibriúcháin dhigitiúil atá ag tástálaí. Dá bhrí sin, tá sé coibhéiseach leis an ráta sonraí is airde is féidir le tástálaí a sholáthar sa mhód neamhilphléacsaithe. Tagraítear dó freisin mar luas tástála, mar uasmhinicíocht dhigiteach nó mar uasluas digiteach.

- c. Trealamh atá saindeartha chun feidhmíocht eagar plánaí fócasacha a chinneadh ag tonnfhaid is mó ná 1 200 nm, agus lena n-úsáidtear tomhais ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ nó meastóireacht ríomhchuidithe agus ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe seo a leanas:
1. Úsáid trastomhais spota solais scanacháin is lú ná 0,12 mm;
 2. Tá siad deartha chun paraiméadair feidhmíochta fótamhothálacha a thomhas agus chun meastóireacht a dhéanamh ar an bhfreagairt mhinicíochta, ar fheidhm aistrithe modhnúcháin, ar aonfhoirmeacht na freagrúlachta nó an torainn; nó
 3. Tá siad deartha chun meastóireacht a dhéanamh ar eagair lenar féidir íomhánna a chruthú inar mó ná 32 x 32 dúil líne atá iontu;
5. Córais tástála leis leictreoin atá deartha chun feidhmiú ag 3 keV nó faoina bhun sin, nó córais léasacha ‘léasair’, chun scrúdú neamhtheagmhála a dhéanamh ar fheistí leathsheoltacha ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe:

⁸ Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

- a. Cumas stróbascóipach le dalladh léis nó stróbáil bhrathadóireachta;
- b. Speictriméadar leictreon chun voltas a thomhas le taifeach is lú ná 0,5 V; nó
- c. Daingneáin tástálacha leictreacha chun anailís feidhmíochta a dhéanamh ar chiorcaid iomlánaithe;

Nóta: Ní rialaítear le X.B.I.002.b.5 micreascóip leictreon scanacháin, ach amháin nuair atá siad saindeartha agus sain-ionstraimithe chun scrúdú neamhtheagmhála a dhéanamh ar fheiste leathsheoltach chumhachtaithe.

- 6. Córais ilfheidhmeacha léis ian fócasaithe den chineál ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ atá saindeartha chun maisc nó feistí leathsheoltacha a mhonarú, a dheisiú, chun anailís a dhéanamh ar a leagan amach fisiciúil agus chun iad a thástáil, agus ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe seo a leanas:
 - a. Cruinneas rialaithe aischothúcháin maidir le suíomh ó sprioc go léas 1 μm nó níos míne; nó
 - b. Cruinneas tiontaithe ó dhigiteach go hanalógach is mó ná 12 giotán;

7. Córais tomhaiste cáithníní lena n-úsáidtear ‘léasair’ atá deartha chun méid na gcáithníní agus a dtiúchan san aer a thomhas, ag a:
- a. Tá ar a chumas méid cáithníní nach mó ná $0,2\text{ }\mu\text{m}$ a thomhas ag ráta sreafa $0,02832\text{ m}^3$ in aghaidh an nóiméid nó níos mó; agus
 - b. Tá ar a chumas aer glan d’Aicme 10 nó níos fearr a shaintréithriú.

Nóta Teicniúil: Chun críoch X.B.I.002, is éard is ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ ann rialú a úsáideann treoracha atá stóráilte i stóras leictreonach ar féidir le próiseálai iad a rith chun feidhmiú feidhmeanna réamhchinntithe a stiúradh. Féadfaidh trealamh a bheith faoi ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ bíodh an stóráil leictreonach á dhéanamh go hinmheánach sa trealamh nó go seachtrach.

X.B.I.003 Trealamh chun Cláir Ciorcad Phriontáilte (PCBanna) a mhonarú agus comhpháirteanna agus gabhálais atá saindeartha lena n-aghaidh, mar a leanas:

- a. Trealamh próiseála scannán;
- b. Trealamh brataithe masc sádair;
- c. Trealamh breacaire grianghraif;
- d. Trealamh deasctha plátála nó leictreaphlátála;
- e. cuasáin agus preasanna folúis;

- f. Lannaitheoirí rolla;
- g. Trealamh ailínithe; nó
- h. Trealamh eitseála.

X.B.I.004 Trealamh iniúchta optúil uathoibrithe chun Cláir Ciorcad Phriontáilte (PCBanna) a thástáil, bunaithe ar bhraiteoirí optúla nó leictreacha, agus atá ábalta aon cheann de na lochtanna cáilíochta seo a leanas a bhrath:

- a. Spásáil, achar, toirt nó airde;
- b. Bordáil bille;
- c. Comhpháirteanna (láithreach, neamhláithreach, tiontaithe, seach-churtha, polaraíocht, nó sceabha);
- d. Sádair (droicheadú, siúntaí sádair neamh-leordhóthanacha);
- e. Luaidheanna (taos neamh-leordhóthanach, ardú);
- f. Ceannéirí; nó
- g. Leictreach (gearrchiorcaid, ciorcaid oscailte, friotaíocht, toilleas, cumhacht, feidhmíocht eangaí).

X.C.I.001 Friotáin dhearfacha atá deartha le haghaidh liteagrafaíocht leathsheoltóra atá coigeartaithe go speisialta (optamaithe) lena n-úsáid ag tonnfhaid idir 370 nm agus 193 nm.

X.C.I.002 Ceimiceáin agus ábhair den chineál a úsáidtear chun Cláir Ciorcad Phriontáilte (PCBanna) a tháirgeadh, mar a leanas:

- a. Foshraitheanna ‘comhchodacha’ CCP atá déanta as snáithín gloine nó cadás (e.g. FR-4, FR-2, FR-6, CEM-1, G-10, etc.);
- b. Foshraitheanna ilchisealacha PCB, a bhfuil ciseal amháin ar a laghad d’aon cheann de na hábhair seo a leanas iontu:
 1. Alúmanam;
 2. Polaiteitreafluairetiléin (PTFE); nó
 3. Ábhair cheirmeacha (e.g. alúmana, ocsaíd tíotániam, etc.);
- c. Ceimiceáin eitseálóra:
 1. Clóiríd fheireach (7705-08-0);
 2. Clóiríd choprach (7447-39-4);
 3. Sárshulfáit amóiniam (7727-54-0);
 4. Sárshulfáit sóidiam (7775-27-1); nó
 5. Ullmhóidí ceimiceacha atá saindeartha le haghaidh eitseála agus ina bhfuil aon cheann de na ceimiceáin a áirítear in X.C.I.002.c.1 go X.C.I.002.c.4.

Nóta: Ní rialaítear le X.C.I.002.c ‘meascáin cheimiceacha’ ina bhfuil ceann amháin nó níos mó de na ceimiceáin atá sonraithe in iontrálacha X.C.I.002.c nach mó ná 10 % de réir mheáchan an mheascáin aon cheimiceán ar leith atá sonraithe.

- d. Scragall copair a bhfuil íos-íonacht 95 % ann agus ar lú a thiús ná 100 µm;
- e. Substaintí polaiméireacha agus scannáin díobh atá níos lú ná 0,5 mm ar tiús, mar a leanas:
 - 1. Poilimídí aramatacha;
 - 2. Pairiléiní;
 - 3. Beinsicioglabúitéiní (BCBanna); nó
 - 4. Polabeansocsasóil.

- X.D.I.001 ‘Bogearraí’ atá saindeartha le haghaidh ‘fhorbairt’, ‘tháirgeadh’, nó ‘úsáid’ gaireas leictreonach nó comhpháirteanna a rialaítear le X.A.I.001, trealamh leictreonach ilchuspóireach a rialaítear le X.A.I.002, nó trealamh monaraíochta agus tástála a rialaítear le X.B.I.001 agus le X.B.I.002; nó ‘bogearraí’ atá saindeartha le haghaidh ‘úsáid’ trealamh a rialaítear le 3B001.g agus le 3B001.h⁹.
- X.D.I.002 ‘Bogearraí’ atá saindeartha chun Cláir Ciorcad Phriontáilte (PCBanna) a thástáil, ‘a fhorbairt’ nó ‘a tháirgeadh’.

⁹ Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

- X.E.I.001 ‘Teicneolaíocht’ le haghaidh ‘fhorbairt’, ‘táirgeadh’ nó ‘úsáid’ gaireas leictreonach nó comhpháirteanna a rialaítear le X.A.I.001, trealamh leictreonach ilchuspóireach a rialaítear le X.A.I.002, nó trealamh monaraíochta agus tástála a rialaítear le X.B.I.001 nó le X.B.I.002, nó ábhair a rialaítear le X.C.I.001.
- X.E.I.002 ‘Teicneolaíocht’ chun Cláir Ciorcad Phriontáilte (PCBanna) ‘a fhorbairt’, ‘a tháirgeadh’ nó ‘a úsáid’.

Catagóir II – Ríomhairí

Nóta: Ní rialaítear le Catagóir II earraí ar le haghaidh úsáid phearsanta daoine nádúrtha iad.

- X.A.II.001 Ríomhairí, ‘cóimeálacha leictreonacha’ agus trealamh gaolmhar, nach rialaítear le 4A001 ná le 4A003¹⁰, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh.

Nóta: Is trí stádas rialaithe trealaimh eile agus córas eile a chinnfear stádas rialaithe na ‘ríomhairí digiteacha’ agus an trealaimh ghaolmhair a dtugtar tuairisc orthu in X.A.II.001, ar na coinníollacha seo a leanas:

- a. Tá na ‘ríomhairí digiteacha’ nó an trealamh gaolmhar fíor-riachtanach chun an trealamh eile nó na córais eile a oibriú;*
- b. Nach ‘príomheilimint’ den trealamh eile nó de na córais eile iad na ‘ríomhairí digiteacha’ nó an trealamh gaolmhar; agus*

¹⁰ Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

N.B.1: Is trí stádas rialaithe trealamh eile, fiú amháin má sháraíonn sé critéar na 'príomheiliminte', a chinnfear stádas rialaithe an trealamh 'próiseála comharthaí' nó an trealamh 'feabhsaithe íomhánna' atá saindeartha le haghaidh trealamh eile a bhfuil a chuid feidhmeanna teoranta do na feidhmeanna a theastaíonn le haghaidh an trealamh eile.

N.B.2: Maidir le stádas rialaithe na 'ríomhairí digiteacha' nó an trealamh ghaolmhair do threalamh teileachumarsáide, féach Catagóir 5, Cuid 1 (Teileachumarsáid)¹¹.

- c. Go gcinnefar le 4E an 'teicneolaíocht' do na 'ríomhairí digiteacha' agus don trealamh gaolmhar¹².
 - a. Ríomhairí leictreonacha agus trealamh gaolmhar, agus 'cóimeálacha leictreonacha' agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh, atá rátaíte chun oibriú ag teocht chomhthimpeallach os cionn 343 K (70 °C);
 - b. 'Ríomhairí digiteacha', lena n-áirítear trealamh 'próiseála comharthaí' nó trealamh 'feabhsaithe íomhánna', ag a bhfuil 'Buaicfheidhmiú Coigeartaithe' ('APP') atá cothrom le 0,0128 Teireaflap Ualaithe (WT) nó níos mó;
 - c. 'Cóimeálacha leictreonacha' atá saindeartha nó modhnaithe chun feidhmíocht a fheabhsú trí phróiseálaithe a chomhbhailiú, mar a leanas:
 - 1. Cinn atá deartha chun bheith in ann comhbhailiú a dhéanamh i gcumraíochtaí ina bhfuil 16 phróiseálaí nó níos mó;

¹¹ Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

¹² Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

2. Ní úsáidtear;

Nóta 1: Níl feidhm ag X.A.II.001.c. ach amháin maidir le ‘cóimeálacha leictreonacha’ agus idirnaisc in-ríomhchláraithe ag a bhfuil ‘APP’ nach sáraíonn na teorainneacha in X.A.II.001.b. tráth a sheoltar iad mar ‘chóimeálacha leictreonacha’ neamh-chomhtháite. Níl feidhm aige maidir le ‘cóimeálacha leictreonacha’ atá teoranta go bunúsach i ngeall ar iad a bheith deartha lena n-úsáid mar threalamh gaolmhar a rialaítear le X.A.II.001.k.

Nóta 2: Ní rialaítear le X.A.II.001.c. aon ‘chóimeáil leictreonach’ atá saindeartha le haghaidh táirge nó le haghaidh tacar táirgí nach sáraíonn a n-uaschumraíocht na teorainneacha in X.A.II.001.b.

- d. Ní úsáidtear;
- e. Ní úsáidtear;
- f. Trealamh ‘próiseála comharthaí’ nó trealamh ‘feabhsaithe íomhánna’ ag a bhfuil ‘Buaicfheidhmiú Coigeartaithe’ (‘APP’) atá cothrom le 0,0128 Teireaflap Ualaithe (WT) nó níos mó;
- g. Ní úsáidtear;
- h. Ní úsáidtear;
- i. Trealamh ina bhfuil ‘trealamh teirminéil comhéadain’ a sháraíonn na teorainneacha in X.A.III.101;

Nóta Teicniúil: Chun críoch X.A.II.001.i, ciallaíonn ‘trealamh teirminéil comhéadain’ trealamh ag a dtéann faisnéis isteach i gcóras teileachumarsáide, nó amach as e.g. teileafón, seirbhís sonraí, ríomhaire, etc.

- j. Trealamh atá saindeartha chun idirnasc seachtrach ‘ríomhairí digiteacha’ a sholáthar nó trealamh gaolmhar lenar féidir cumarsáid a dhéanamh ag rátaí sonraí a sháraíonn 80 Meigibheart/s.

Nóta: Ní rialaítear le X.A.II.001.j. trealamh inmheánach um idirnascadh (e.g. cúlphlánaí, busanna), trealamh éighníomhach um idirnascadh, ‘rialaitheoirí rochtana ar an líonra’ nó ‘rialaitheoirí cainéal cumarsáide’.

Nóta Teicniúil: Chun críoch X.A.II.001.j, is iad ‘rialaitheoirí cainéal cumarsáide’ an comhéadan fisiceach lena rialaítear sreabhadh na faisnéise digítí sioncronaí nó aisioncronaí. Cóimeáil atá ann is féidir a chomhtháthú i dtrealamh ríomhaireachta nó i dtrealamh teileachumarsáide ionas go mbeidh rochtain ar chumarsáid.

- k. ‘Ríomhairí hibride’ agus ‘cóimeálacha leictreonacha’ agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh, ina bhfuil tiontairí analógach-go-digiteach ag a bhfuil na saintréithe uile seo a leanas:
1. 32 chainéal nó níos mó; agus
 2. Taifeach 14 ghiotán (maille le sínghiotán) nó níos mó ag a bhfuil ráta comhshó 200 000 Hz nó níos mó.

- X.D.II.001 ‘Bogearraí’ cruthaithe agus bailíochtaithe ‘feidhmchlár’, ‘bogearraí’ lenar féidir ‘cóid foinse’ a ghiniúint go huathoibríoch, agus ‘bogearraí’ córais oibriúcháin atá saindeartha le haghaidh trealamh ‘próiseála fíor-ama’.
- ‘Bogearraí’ cruthaithe agus bailíochtaithe ‘feidhmchlár’ a bhaineann úsáid as teicnící matamaiticiúla agus anailíseacha agus atá deartha nó modhnaithe le haghaidh ‘feidhmchlár’ ag a bhfuil níos mó ná 500 000 treoir maidir le ‘cóid foinse’;
 - ‘Bogearraí’ lenar féidir ‘cóid foinse’ a ghiniúint go huathoibríoch ó shonraí a fhaightear ar líne ó bhraiteoirí seachtracha a dtugtar tuairisc orthu i Rialachán (AE) 2021/821; nó
 - ‘Bogearraí’ córais oibriúcháin atá saindeartha le haghaidh trealamh ‘próiseála fíor-ama’ lena ráthaítear ‘am folaigh idirbhriste uilíoch’ is lú ná 20 μs.

Nóta Teicniúil: Chun críoch X.D.II.001, is éard is ‘am folaigh idirbhriste uilíoch’ ann an méid ama a ghlacann sé ar an gcóras ríomhaireachta idirbhriseadh de bharr teagmhais a aithint, an t-idirbhriseadh a sheirbhísiú agus aistriú comhthéacs a dhéanamh chuig tasc malartach cuimhne-lonnaithe atá ar feitheamh ag an idirbhriseadh.

- X.D.II.002 ‘Bogearraí’, seachas iad siúd a rialaítear le 4D001¹³, atá saindeartha nó sainmhodhnaithe chun trealamh a rialaítear le 4A101¹⁴ ‘a fhorbairt’, ‘a tháirgeadh’ nó ‘a úsáid’.
- X.E.II.001 ‘Teicneolaíocht’ chun trealamh a rialaítear le X.A.II.001, nó ‘bogearraí’ a rialaítear le X.D.II.001 nó X.D.II.002 ‘a fhorbairt’, ‘a tháirgeadh’ nó ‘a úsáid’.

¹³ Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

¹⁴ Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

X.E.II.002 ‘Teicneolaíocht’ le haghaidh ‘forbairt’ nó ‘táirgeadh’ trealaimh atá deartha le haghaidh ‘próiseáil sreafaí sonraí iomadúla’.

Nóta Teicniúil: Chun críoch X.E.II.002, is éard is ‘próiseáil sreafaí sonraí iomadúla’ ann teicníc micreachláir nó ailtireachta trealaimh a fhágann gur féidir próiseáil chomhuaineach a dhéanamh ar dhá sheicheamh sonraí nó níos mó ná sin faoi rialú ceann amháin nó níos mó de sheichimh teoracha trí bhithin nithe mar iad seo a leanas:

1. *Ailtireachtaí Il-Sonraí Teoracha Singile (SIMD) amhail próiseálaithe veicteora nó eagair;*
2. *Ailtireachtaí Il-Sonraí Il-Teoracha Singile (MSIMD);*
3. *Ailtireachtaí Il-Sonraí Il-Teoracha (MIMD), lena n-áirítear cinn atá cúpláilte go teann, cúpláilte go dlúth nó cúpláilte go scaoilte; nó*
4. *Eagair struchtúrtha d’eilimintí próiseála, lena n-áirítear eagair shiostólacha.*

Catagóir III. Cuid 1 – Teileachumarsáid

Nóta: Catagóir III. Ní rialaítear le Cuid 1 earraí ar le haghaidh úsáid phearsanta daoine nádúrtha iad.

X.A.III.101 Trealamh Teileachumarsáide.

- a. Aon chineál trealaimh cumarsáide, nach bhfuil á rialú ag 5A001.a¹⁵, atá saincheaptha chun oibriú lasmuigh den raon teochta 219 K (– 54 °C) go 397 K (124 °C).

¹⁵ Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

- b. Trealamh agus córais tarchurtha teileachumarsáide, agus comhpháirteanna agus gabhálais atá saincheaptha lena n-aghaidh, ag a bhfuil aon cheann de na tréithe, feidhmeanna nó gnéithe seo a leanas:

Nóta: *Trealamh tarchurtha teileachumarsáide:*

a. *Arna aicmiú mar a leanas, nó teaglamaí díobh sin:*

1. *Trealamh raidió (e.g., tarchuradóir, glacadóirí agus trasghlacadóirí);*
2. *Trealamh teirminéil líne;*
3. *Trealamh aimplitheora idirmheánaigh;*
4. *Trealamh athchurtha;*
5. *Trealamh athghiniúna;*
6. *Ionchódóirí aistriúcháin (traschódóirí);*
7. *Trealamh ilphléacsaithe (lena n-áirítear ilphléascú staidrimh);*
8. *Modhnóirí/dímhodhnóirí (móideimí);*
9. *Trealamh tras-ilphléascaithe (féach an Moladh ó CCITT G701);*
10. *Trealamh trasnasctha digiteach den chineál 'rialú le ríomhchlár stóráilte';*
11. *'Tairsí' agus 'droichid';*
12. *'Aonaid um rochtain meán cumarsáide'; agus*

b. *Arna ceapadh le haghaidh a úsáide i gcumarsáid cainéil aonair nó ilchainéil trí aon cheann díobh seo a leanas:*

1. *Sreang (líne);*
2. *Cábla comhaiseach;*
3. *Cábla snáithín optúil;*
4. *Radaíocht leictreamaighnéadach; nó*
5. *Forleathadh fuaimthoinne faoi uisce.*

1. Ina n-úsáidtear teicnící digiteacha, lena n-áirítear próiseáil dhigiteach comharthaí analógacha, agus é ceaptha chun a bheith ag oibriú ar 'ráta an aistrithe dhigitigh' ar an leibhéal is airde ilphléascaithe os cionn 45 Mbit/s nó ar 'ráta iomlán an aistrithe dhigitigh' os cionn 90 Mbit/s;

Nóta: Ní rialaítear le X.A.III.101.b.7 trealamh atá saindeartha chun a chomhtháite agus a oibrithe in aon chóras satailíte le haghaidh úsáid shibhialta.

2. Móideimí a úsáideann 'bandaíthead aon chainéil gutha amháin' ar a bhfuil 'ráta comharthaíochta sonraí' os cionn 9 600 giotán in aghaidh an tsoicind;
3. Trealamh trasnasctha digiteach den chineál 'rialú le ríomhchlár stóráilte' ag a bhfuil 'ráta aistrithe dhigitigh' is mó ná 8,5 Mbit/s in aghaidh an phoirt;

4. Trealamh raidió ina bhfuil aon cheann díobh seo a leanas:
- a. ‘Rialaitheoirí um rochtain ar an líonra’ agus an meán coiteann atá gaolmhar leo, ag a bhfuil ‘ráta aistrithe dhigitigh’ is mó ná 33 Mbit/s; nó
 - b. ‘Rialaitheoirí cainéal cumarsáide’ ag a bhfuil aschur digiteach ag a bhfuil ‘ráta comharthaíochta sonraí’ is mó ná 64 000 bit/s in aghaidh an chainéil;

Nóta: Más amhlaidh go bhfuil ‘rialaitheoir rochtana ar an líonra’ in aon trealamh neamhrialaithe, ní ceadmhach aon chineál comhéadain teileachumarsáide a bheith aige, cé is moite díobh sin a dtugtar tuairisc orthu in X.A.III.101.b.4, ach gan é a bheith á rialú aige.

5. Trealamh lena n-úsáidtear ‘léasar’, ina bhfuil aon cheann de na tréithe seo a leanas:
- a. Tonnfhad tarchurtha os cionn 1 000 nm; nó
 - b. Úsáidtear leis teicnící analógacha agus tá bandaleithead aige ar mó é ná 45 MHz;
 - c. Úsáidtear leis teicnící optúla comhtháite tarchuradóireachta nó teicnící braite optúla comhtháite (ar a dtugtar teicnící homaidíne nó teicnící heitridíne freisin);
 - d. Úsáidtear leis teicnící ilphléacsaithe roinnte tonnfhad; nó
 - e. Trealamh a dhéanann ‘aimplíú optúil’;

6. Trealamh raidió a oibríonn ag minicíochtaí ionchurtha nó aschurtha os cionn:

- a. 31 GHz le haghaidh feidhmchláir idir satailít agus stáisiún talún; nó
- b. 26,5 GHz le haghaidh feidhmchláir eile;

Nóta: Le X.A.III.101.b.6., ní rialaítear trealamh le haghaidh úsáid shibhialta nuair atá sé i gcomhréir le banda leithdháilte de chuid Aontas Idirnáisiúnta Teileachumarsáide idir 26,5 GHz agus 31 GHz.

7. Is trealamh raidió é ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:

- a. Úsáidtear ann teicnící Modhnúcháin Aimplitiúide Cearnaithe (QAM) os cionn leibhéal 4 más mó ná 8,5 Mbit/s ‘ráta iomlán an aistrithe dhigitigh’;
- b. Úsáidtear ann teicnící QAM os cionn leibhéal 16 más cothrom le 8,5 Mbit/s nó más lú ná sin ‘ráta iomlán an aistrithe dhigitigh’;
- c. Úsáidtear teicnící modhnúcháin dhigitigh eile ann agus is mó ná 3 bit/s/Hz an ‘éifeachtúlacht speictreach’; nó
- d. Oibríonn sé sa bhandá idir 1,5 MHz agus 87,5 MHz agus ionchorpraítear leis teicnící oiriúnaitheacha lena soláthraítear sochtadh ar mó é ná 15 dB ar chomhartha trasnaíochta.

Nótaí:

- 1. *Ní rialaítear le X.A.III.101.b.7 trealamh atá saindeartha chun a chomhtháite agus a oibríthe in aon chóras satailíte le haghaidh úsáid shibhialta.*

2. *Ní rialaítear le X.A.III.101.b.7 trealamh athsheachadáin raidió a bhfuiltear lena oibriú i mbanda arna leithroinnt ag an Aontas Teileachumarsáide Idirnáisiúnta (ITU):*

a. *Ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:*

1. *Ní théann sé thar 960 MHz; nó*

2. *Ní mó ná 8,5 Mbit/s 'ráta iomlán an aistrithe dhigitigh' ann; agus*

b. *Ní mó ná 4 bit/s/Hz an 'éifeachtúlacht speictreach' ann.*

c. Trealamh lasctha den chineál 'rialú le ríomhchlár stóráilte' agus córais chomharthaíochta ghaolmhara, ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe, de na feidhmeanna nó de na sainghnéithe seo a leanas, agus comhpháirteanna agus gabhálais atá saindeartha lena n-aghaidh:

Nóta: *Maidir le hilphléacsóirí staitistiúla ag a bhfuil ionchur digiteach agus aschur digiteach agus a chuireann lascachán ar fáil, caitear leo mar lasca den chineál 'rialú le ríomhchlár stóráilte'.*

1. Trealamh nó córais 'lasctha sonraí (teachtaireachtaí)' atá deartha le haghaidh 'lascadh paicéid', 'cóimeálacha leictreonacha' agus comhpháirteanna lena n-aghaidh, cé is moite díobh siúd a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821;

2. Ní úsáidtear;

3. Ródú nó lascadh paicéad ‘sonagraim’;

Nóta: Ní rialaítear le X.A.III.101.c.3 líonraí nach n-úsáidtear iontu ach ‘rialaitheoirí rochtana ar an líonra’, ná líonraí nach n-úsáidtear iontu ach na ‘rialaitheoirí rochtana ar an líonra’ féin.

4. Ní úsáidtear;

5. Tosaíocht il-leibhéil agus réamhthosaíocht le haghaidh lascadh ciorcad;

Nóta: Ní rialaítear le X.A.III.101.c.5 réamhthosaíocht glao aon-leibhéil.

6. Tá sé deartha le haghaidh glaonna raidió cheallaigh ar lasca ceallacha eile a chur ar atreo go huathoibríoch nó le haghaidh nascadh go huathoibríoch le bunachar láraithe suibscríobhaithe a bhfuil níos mó ná aon lasc amháin ag baint úsáid as;

7. Ina bhfuil trealamh trasnasctha digiteach den chineál ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ ag a bhfuil ‘ráta aistrithe dhigitigh’ is mó ná 8,5 Mbit/s in aghaidh an phoirt:

8. Tá ‘comharthaíocht cainéil choitinn’ ann a oibríonn i mód oibriúcháin neamh-chomhcheangailte, sin nó i mód oibriúcháin cuasa-chomhcheangailte;

9. ‘Ródú oiriúnaitheach dinimiciúil’;

10. Is éard atá ann lasca paicéid, lasca ciorcad agus ródairí ag a bhfuil poirt nó línte a théann thar an méid seo a leanas:
- a. ‘Ráta comharthaíochta sonraí’ 64 000 bit/s in aghaidh an chainéil le haghaidh ‘rialaitheoir cainéal cumarsáide’; nó
- Nóta: Ní rialaítear le X.A.III.101.c.10.a naisc ilchodacha ilphléacs nach bhfuil comhdhéanta ach de bhealaí cumarsáide nach rialaítear go leithleach le X.A.III.101.b.1.*
- b. ‘Ráta aistrithe dhigitigh’ 33 Mbit/s le haghaidh ‘rialaitheoir um rochtain ar an líonra’ agus meáin choiteanna ghaolmhara;
- Nóta: Ní rialaítear le X.A.III.101.c.10 lasca paicéid ná ródairí ag a bhfuil poirt nó línte nach dtéann thar na teorainneacha atá in X.A.III.101.c.10.*
11. ‘Lascadh optúil’;
12. Úsáidtear teicnící den chineál ‘Modh Aistrithe Aisioncronach’ (‘ATM’) ann.
- d. Snáithíní optúla agus cáblaí snáithíní optúla is faide ná 50 m atá deartha le haghaidh oibriú aonmhóid;
- e. Rialú láraithe líonra ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas:
1. Faigheann sé sonraí ó na nóid; agus

2. Déanann sé próiseáil ar na sonraí sin chun rialú tráchta a dhéanamh nach n-éilíonn aon chinneadh ón oibreoir, agus ar an gcaoi sin déanann sé ‘ródu oiriúnaitheach dinimiciúil’;

Nóta 1: Ní chuimsítear le X.A.III.101.e cásanna a bhaineann le cinntí ródúcháin a dhéantar de réir faisnéis réamhshainithe.

Nóta 2: Ní chuirtear as an áireamh le X.A.III.101.e rialú tráchta a athraíonn de réir dálaí tráchta staitistiúla intuartha.

- f. Aeróga eagair chéimnithe, a oibríonn ag minicíocht is airde ná 10,5 GHz, ina bhfuil eilimintí gníomhacha agus comhpháirteanna dailte, agus atá deartha ar bhealach a fhágann gur féidir rialú leictreonach a dhéanamh ar mhúnlú agus ar threodhíriú léasa, cé is moite de chórais tuirlingthe ina bhfuil ionstraimí atá de réir chaighdeáin na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) (córais tuirlingthe micreathoinne (MLS));
- g. Trealamh cumarsáide móibíle, cé is moite de sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, agus cóimeálacha leictreonacha agus comhpháirteanna lena n-aghaidh;
- h. Trealamh cumarsáide athsheachadáin raidió atá deartha lena úsáid ag minicíochtaí 19,7 GHz nó níos airde, agus comhpháirteanna lena aghaidh, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821; nó
- i. Rialaitheoirí físchluichí, rialaitheoirí cluichíochta, rialaitheoirí ionsamhlóirí eitilte, ceapa stiúrtha, luamháin stiúrtha agus aonaid ionchuir eile, le haghaidh consóil físchluichí nó córais siamsaíochta, bíodh sreang acu nó ná bíodh.

Nóta Teicniúil: Chun críoch X.A.III.101:

- 1) *Modh aistrithe is ea é ‘modh aistrithe aisioncronach’ (‘ATM’) ina n-eagraítear an fhaisnéis i gcealla; tá sé aisioncronach sa bhrí go bhfuil atarlú na gceall ag brath ar an ráta giotán atá ag teastáil nó ar an ráta giotán meandrach.*
- 2) *Trealamh cumarsáide sonraí is ea é ‘bandaleithead aon chainéil gutha amháin’ atá ceaptha chun oibriú ar aon chainéal gutha amháin, is é sin 3 100 Hz, faoi mar a shainítear i Moladh G.151 ó CCITT.*
- 3) *An comhéadan fisiceach is ea é ‘rialaitheoir an chainéil chumarsáide’, lena rialaítear sreabhadh na faisnéise digití sioncrónaí nó aisioncrónaí. Cóimeáil atá ann is féidir a chomhtháthú i dtrealamh ríomhaireachta nó i dtrealamh teileachumarsáide ionas go mbeidh rochtain ar chumarsáid.*
- 4) *Eintiteas cuimsithe, neamhspleách sonraí is ea é ‘sonrogram’ ina n-iompraítear faisnéis leordhóthanach ionas gur féidir í a threorú ón bhfoinse go dtí trealamh teirminéil sonraí an chinn scríbe gan a bheith ag brath ar mhalartuithe a rinneadh ní ba luaithe idir an fhoinse sin agus trealamh teirminéil sonraí an chinn scríbe agus an líonra iompair.*
- 5) *Saoráid is ea é ‘mear-roghnaigh’ a bhfuil feidhm aici maidir le glaonna fíorúla a fhágann go bhfuil trealamh teirminéil in ann cur lena chumas sonraí a tharchur i ‘bpaicéid’ a bhaineann le leagan amach agus imréiteach na nglaonna agus atá lasmuigh de chumais bhunúsacha na nglaonna fíorúla.*

- 6) *‘Tairseach’ is ea í an fheidhm is féidir le haon teaghlaim de threalamh agus ‘bogearra’ a dhéanamh, ar feidhm í a dhéanann na coinbhinsiúin a chomhshó chun faisnéis a úsáidtear i gcóras amháin a ionadú, a phróiseáil nó a chur in iúl do na coinbhinsiúin chomhfhreagracha, ach éagsúla, a úsáidtear i gcóras eile.*
- 7) *Líonra digiteach aontaithe ó cheann go ceann is ea é an ‘Líonra Digiteach de Sheirbhísí Comhtháite’ (ISDN), ina dtarchuirtear sonraí ó gach cineál cumarsáide (e.g. Guth, téacs, sonraí, pictiúir socra agus reatha) ó phort (teirminéal) sa mhalartán (lasc) thar aon líne rochtana amháin go dtí an rannpháirtí agus ar ais uaidh.*
- 8) *Is éard is ‘paicéad’ ann, grúpa de dhigití dénártha lena n-áirítear sonraí agus comharthaí rialaithe glaonna a dhéantar a lascadh mar aonad iomlán comhchodach amháin. Na sonraí, na comharthaí rialaithe glaonna agus an fhaisnéis rialaithe earráide a d’fhéadfadh a bheith ann, déantar iad a shocrú i bhformáid shonraithe.*
- 9) *Ciallaíonn ‘comharthaíocht cainéil choitinn’ faisnéis rialaithe (comharthaíocht) a tharchur trí chainéal ar leithligh seachas an cainéal a úsáidtear le haghaidh na dteachtaireachtaí. Is gnách go rialaíonn an cainéal comharthaíochta an iliomad cainéal teachtaireachtaí.*
- 10) *Ciallaíonn ‘ráta comharthaíochta sonraí’ an ráta, mar a shainítear i Moladh 53-36 ó ITU, agus é á chur san áireamh nach cothrom le chéile, i gcás modhnú neamh-dhénártha, báid in aghaidh an tsoicind agus giotáin in aghaidh an tsoicind. Cuimsítear giotáin le haghaidh códaithe, seiceála agus feidhmeanna sioncronaithe.*
- 11) *Ciallaíonn ‘ró dú oiriúnaitheach dinimiciúil’ trácht a athródú go huathoibríoch agus an t-athródú sin bunaithe ar bhrath agus ar anailisiú na ndálaí líonra láithreacha iarbhir.*

- 12) Ciallaíonn ‘aonaid um rochtain meán cumarsáide’ trealamh ina bhfuil comhéadan cumarsáide amháin nó níos mó (‘Rialaitheoir rochtana ar an líonra’, ‘rialaitheoir cainéil cumarsáide’, móideim nó bus ríomhaire) lena nasctar trealamh teirminéil le líonra.
- 13) Ciallaíonn ‘éifeachtúlacht speictreach’ an ‘ráta aistrithe dhigitigh’ [giotáin/s] / 6 dB bandaleithead speictrim in Hz.
- 14) Is éard is ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ ann rialú a úsáideann treoracha atá stóráilte in stóras leictreonach ar féidir do phróiseálaí iad a rith chun feidhmiú feidhmeanna réamhchinntithe a stiúradh.

Nóta: Féadfaidh trealamh a bheith faoi ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ bíodh an stóráil leictreonach á dhéanamh go himmheánach sa trealamh nó go seachtrach.

- X.B.III.101 Trealamh tástála teileachumarsáide, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.
- X.C.III.101 Réamhghoirmeacha gloine nó réamhghoirmeacha d’aon ábhar eile atá optamaithe chun snáithíní optúla a rialaítear le X.A.III.101 a mhonarú.
- X.D.III.101 ‘Bogearraí’ atá ‘saindeartha’ nó modhnaithe le haghaidh ‘forbairt’, ‘táirgeadh’ nó ‘úsáid’ trealamh a rialaítear le X.A.III.101 agus le X.B.III.101, agus bogearraí ródaithe oiriúnaithigh dhinimiciúil atá de réir na tuairisce seo a leanas:
- a. ‘Bogearraí’, cé is moite de bhogearraí i bhfoirm is inrite ag meaisín, atá saindeartha le haghaidh ‘ródú oiriúnaitheach dinimiciúil’;

b. Ní úsáidtear.

X.E.III.101 ‘Teicneolaíocht’ le haghaidh ‘forbairt’, ‘táirgeadh’ nó ‘úsáid’ trealamh a rialaítear le X.A.III.101 nó le X.B.III.101, nó ‘bogearraí’ a rialaítear le X.D.III.101, agus ‘teicneolaíochtaí’ eile mar a leanas:

a. ‘Teicneolaíochtaí’ sonracha mar a leanas:

1. ‘Teicneolaíocht’ le haghaidh bratuithe a phróiseáil agus a fhorleagan ar shnáithíní optúla atá saindeartha le go mbeidh siad oiriúnach lena n-úsáid faoi uisce;
2. ‘Teicneolaíocht’ le haghaidh ‘forbairt’ trealamh ina n-úsáidtear teicnící den chineál ‘Ordlathas Digiteach Sioncronach’ (‘SDH’) nó teicnící den chineál ‘Líonra Optúil Sioncronach’ (‘SONET’).

Nóta Teicniúil: Chun críoch X.E.III.101:

- 1) *Is éard is ‘ordlathas digiteach sioncronach’ (SDH) ann ordlathas digiteach lena gcuirtear cóir ar fáil chun bainistiú agus ilphléacsú a dhéanamh ar fhoirmeacha éagsúla tráchta dhigitigh, agus chun rochtain a fháil ar an trácht sin, trí fhormáid tarchuir shioncronaigh a úsáid ar chineálacha éagsúla meán. Tá an fhormáid sin bunaithe ar an Modúl Iompair Shioncronaigh (STM) a shainítear i Moladh G.703, G.707, G.708, G.709 ón gCoiste Comhairleach um Nuálaíocht agus Aistriú Teicneolaíochta (CCITT) agus i gcinn eile atá gan foilsiú fós. Is é 155,52 Mbits/s ráta céadleibhéil ‘SDH’.*

- 2) *Is éard is ‘líonra optúil sioncronach’ (SONET) ann líonra lena gcuirtear cóir ar fáil chun bainistiú agus ilphléacsú a dhéanamh ar fhoirmeacha éagsúla tráchtá dhigitigh, agus chun rochtain a fháil ar an trácht sin, trí fhormáid tarchuir shioncronaigh a úsáid i snáithíní optúla. Is leagan de chuid Mheiriceá Thuaidh de ‘SDH’ atá san fhormáid agus úsáidtear an Modúl Iompair Shioncronaigh (STM) inti freisin. Mar sin féin, is é an Comhartha Iompair Shioncronaigh (STS) an modúl iompair bunúsach a úsáidtear inti, agus é ag ráta céadleibhéil 51.81 Mbits/s. Tá caighdeán SONET á gcomhtháthú ionas go mbeidh siad ag teacht le caighdeán ‘SDH’.*

Catagóir III. Cuid 2 – Slándáil faisnéise

Nóta: Catagóir III. Ní rialaítear le Cuid 2 earraí ar le haghaidh úsáid phearsanta daoine nádúrtha iad.

X.A.III.201 Trealamh mar a leanas:

- a. Ní úsáidtear;
- b. Ní úsáidtear;
- c. Earraí atá aicmithe mar chriptiú mórmhargaidh i gcomhréir le Nóta Cripteagrafaíochta – Nóta 3 a ghabhann le Catagóir 5, Cuid 2¹⁶.

¹⁶ Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

X.D.III.201 ‘Bogearraí’ na ‘Slándála Faisnéise’ mar a leanas:

Nóta: Leis an iontráil seo, ní rialaítear ‘bogearraí’ atá saindeartha nó sainmhodhnaithe chun cosaint a thabhairt ar dhamáiste mailíseach ríomhaire, e.g., víris, i gcás nach féidir an ‘chripteagrafaíocht’ a úsáid ach amháin le haghaidh fíordheimhnithe, síniú digiteach agus/nó chun sonraí nó comhaid a dhíchriptiú.

- a. Ní úsáidtear;
- b. Ní úsáidtear;
- c. ‘Bogearraí’ atá aicmithe mar bhogearraí criptithe mórmhargaidh i gcomhréir le Nóta Cripteagrafaíochta – Nóta 3 a ghabhann le Catagóir 5, Cuid 2¹⁷.

X.E.III.201 ‘Teicneolaíocht’ na ‘Slándála Faisnéise’ de réir an Nóta Ghinearálta maidir le Teicneolaíocht, mar a leanas:

- a. Ní úsáidtear;
- b. ‘Teicneolaíocht’, cé is moite di sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, le haghaidh ‘úsáid’ earraí mórmhargaidh a rialaítear le X.A.III.201.c nó ‘bogearraí’ mórmhargaidh a rialaítear le X.D.III.201.c.

Catagóir IV – Braiteoirí agus Léasair

X.A.IV.001 Trealamh fuaime muirí nó talún, atá in ann rudaí nó gnéithe faoi uisce a bhrath nó a aimsiú, nó árthaí dromchla nó feithiclí faoi uisce a shuí; agus comhpháirteanna saindeartha, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.

¹⁷ Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

X.A.IV.002 Braiteoirí Optúla mar a leanas:

- a. Feadáin dianaitheora íomhá agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh, mar a leanas:
 1. Feadáin dianaitheora íomhá ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:
 - a. Tá buaicfhreagairt i raon tonnfhaid acu ar mó í ná 400 nm, ach nach mó í ná 1 050 nm;
 - b. Tá pláta micreachainéal acu chun aimpliú leictreonach a dhéanamh ar íomhánna agus tá spásáil idir poill (spásáil lár-go-lár) ar lú í ná 25 μm ag an bpláta; agus
 - c. Ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:
 1. S-20, S-25 nó fótacatóid il-alcaile; nó
 2. Fótacatóid GaAs nó GaInAs;
 2. Tá plátaí micreachainéal acu atá ‘saindeartha’ agus a bhfuil an dá shaintréith seo a leanas acu:
 - a. 15 000 feadán toll nó níos mó in aghaidh an phláta; agus
 - b. Spásáil idir poill (spásáil lár-go-lár) ar lú í ná 25 μm .
- b. Trealamh íomháithe amhaire dhírigh a oibríonn sa speictream infheicthe nó sa speictream infridhearg, lena n-ionchorpraítear feadáin dianaitheora íomhá a bhfuil na saintréithe a liostaítear in X.A.IV.002.a.1 acu.

X.A.IV.003 Ceamaraí mar a leanas:

- a. Ceamaraí a chomhlíonann critéir Nóta 3 a ghabhann le A003.b.4¹⁸;
- b. Ní úsáidtear;

X.A.IV.004 Optaí mar a leanas:

Nóta: Le X.A.IV.004, ní rialaítear scagairí optúla ag a bhfuil bearnaí aeir seasta nó scagairí de chineál Lyot.

- a. Scagairí optúla:
 1. I gcás tonnfhaid atá níos faide ná 250 nm, ar a bhfuil bratuithe optúla agus ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:
 - a. Tá bandaleithid acu atá cothrom le 1 nm ‘Lánleithhead Leathdhéine’ (FWHI) nó atá níos lú ná sin agus tá buaic-tharchur 90 % nó níos mó acu; nó
 - b. Tá bandaleithid acu atá cothrom le 0,1 nm FWHI nó atá níos lú ná sin agus tá buaic-tharchur 50 % nó níos mó acu;
 2. I gcás tonnfhaid atá níos faide ná 250 nm, agus ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas:
 - a. Tá siad intiúnta thar raon speictrim 500 nm nó níos mó;
 - b. Tá bandabhealach meandrach 1,25 nm nó níos mó acu;

¹⁸ Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

- c. Is féidir an tonnfhad a athshocrú laistigh de 0,1 ms le cruinneas 1 nm nó níos fearr laistigh den raon speictreach intiúnta; agus
 - d. Tá buaic-tharchur aonair 91 % nó níos mó acu;
3. Lasca (scagairí) optúla teimhneachta ag a bhfuil réimse radhairc 30° nó níos leithne agus aga freagartha atá cothrom le 1 ns nó atá níos lú ná sin;
- b. Cábla ‘snáithín fluairíde’, nó snáithíní optúla lena aghaidh sin, ag a bhfuil maolú is lú ná 4 dB/km sa réimse tonnfhaid os cionn 1 000 nm ach nach airde ná 3 000 nm;

Nóta Teicniúil: Chun críoch X.A.IV.004.b, is éard is ‘snáithíní fluairíde’ ann snáithíní a monaraíodh as comhdhúile bulcfhluairíde.

X.A.IV.005 ‘Léasair’ mar a leanas:

- a. ‘Léasair’ dé-ocsaíde carbóin (CO₂) ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:
- 1. Tá cumhacht aschuir CW acu ar mó í ná 10 kW;
 - 2. Tá aschur bíogach acu ag a bhfuil ‘fad bíge’ is mó ná 10 μs; agus
 - a. Tá meánchumhacht aschurtha acu ar mó í ná 10 kW; nó
 - b. Tá ‘uaschumhacht’ bhíogach acu ar mó í ná 100 kW; nó

3. Tá aschur bíogach acu ag a bhfuil ‘fad bíge’ $10\text{ }\mu\text{s}$ nó níos lú ná sin; agus
- Tá bíogfhuinneamh acu ar mó é ná 5 J sa bhíog agus tá ‘uaschumhacht’ acu ar mó í ná $2,5\text{ kW}$; nó
 - Tá meánchumhacht aschurtha acu ar mó í ná 2.5 kW ;
- b. Léasair leathsheoltóra mar a leanas:
- ‘Léasair’ aonair leathsheoltóra aonmhóid thrasnaigh ar fíor ina leith aon cheann de na nithe seo a leanas:
 - Tá meánchumhacht aschurtha acu ar mó í ná 100 mW ; nó
 - Tonnfhad os cionn $1\text{ }050\text{ nm}$;
 - ‘Léasair’ aonair leathsheoltóra ilmhóid thrasnaigh, nó eagair ‘léasar’ aonair leathsheoltóra, ag a bhfuil tonnfhad ar mó é ná $1\text{ }050\text{ nm}$;
- c. ‘Léasair’ rúibíní ag a bhfuil fuinneamh aschuir ar mó é ná 20 J sa bhíog;

- d. 'Léasair bhíogacha' nach bhfuil 'intiúnta' ag a bhfuil tonnfhad aschuir ar mó é ná 975 nm ach nach mó é ná 1 150 nm agus ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:
1. 'Fad bíge' atá cothrom le 1 ns nó ar mó é ná 1 ns ach nach mó é ná 1 μ s, agus ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:
- a. Tá aschur aonmhóid thrasnaigh acu agus is fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:
1. Tá 'éifeachtúlacht ag an bplocóid' acu ar mó í ná 12 % agus tá 'meánchumhacht aschurtha' acu ar mó í ná 10 W agus atá in ann oibriú ag minicíocht atriailta bíge ar mó í ná 1 kHz; nó
2. Tá 'meánchumhacht aschuir' acu ar mó í ná 20 W; nó
- b. Tá aschur ilmhóid thrasnaigh acu agus is fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:
1. Tá 'éifeachtúlacht ag an bplocóid' acu ar mó í ná 18 % agus tá 'meánchumhacht aschurtha' acu ar mó í ná 30 W;
2. Tá 'uaschumhacht' acu ar mó í ná 200 MW; nó
3. Tá 'meánchumhacht aschuir' acu ar mó í ná 50 W; nó

2. Tá ‘fad bíge’ acu ar mó é ná $1\ \mu\text{s}$, agus is fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:
- a. Tá aschur aonmhóid thrasnaigh acu agus is fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:
1. Tá ‘éifeachtúlacht ag an bplocóid’ acu ar mó í ná 12 % agus tá ‘meánchumhacht aschurtha’ acu ar mó í ná 10 W agus atá in ann oibriú ag minicíocht atriallta bíge ar mó í ná 1 kHz; nó
 2. Tá ‘meánchumhacht aschuir’ acu ar mó í ná 20 W; nó
- b. Tá aschur ilmhóid thrasnaigh acu agus is fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:
1. Tá ‘éifeachtúlacht ag an bplocóid’ acu ar mó í ná 18 % agus tá ‘meánchumhacht aschurtha’ acu ar mó í ná 30 W; nó
 2. Tá ‘meánchumhacht aschuir’ acu ar mó í ná 500 W;
- e. ‘Léasair’ toinne leanúnaí nach bhfuil ‘intiúnta’, ag a bhfuil tonnfhad aschuir ar mó é ná 975 nm ach nach mó é ná 1 150 nm agus ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:
1. Tá aschur aonmhóid thrasnaigh acu agus is fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:
- a. Tá ‘éifeachtúlacht ag an bplocóid’ acu ar mó í ná 12 % agus tá ‘meánchumhacht aschurtha’ acu ar mó í ná 10 W agus atá in ann oibriú ag minicíocht atriallta bíge ar mó í ná 1 kHz; nó

- b. Tá ‘meánchumhacht aschuir’ acu ar mó í ná 50 W; nó
- 2. Tá aschur ilmhóid thrasnaigh acu agus is fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:
 - a. Tá ‘éifeachtúlacht ag an bplocóid’ acu ar mó í ná 18 % agus tá ‘meánchumhacht aschurtha’ acu ar mó í ná 30 W; nó
 - b. Tá ‘meánchumhacht aschuir’ acu ar mó í ná 500 W;

Nóta: Le X.A.IV.005.e.2.b, ní rialaítear ‘léasair’ ilmhóid thrasnaigh thionsclaíocha ag a bhfuil cumhacht aschuir ar lú í ná 2 kW agus mais iomlán ar mó í ná 1 200 kg. Chun críoch an nóta seo, áirítear leis an mais iomlán na comhpháirteanna uile is gá chun an ‘léasar’ a oibriú, e.g. an ‘léasar’, an soláthar cumhachta, an malartóir teasa, ach ní áirítear léi an optaic sheachtrach le haghaidh léasacha a chomhoiriú agus/nó a sheachadadh.

- f. ‘Léasair’ nach bhfuil ‘intiúnta’, ag a bhfuil tonnfhad aschuir ar mó é ná 1 400 nm ach nach mó é ná 1 555 nm agus ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:
 - 1. Tá fuinneamh aschuir acu ar mó é ná 100 mJ sa bhíog agus tá ‘uaschumhacht’ bhíogach acu ar mó í ná 1 W; nó
 - 2. Tá meánchumhacht aschuir nó cumhacht aschuir CW acu ar mó í ná 1 W;
- g. ‘Léasair’ saorleictreon.

Nóta Teicniúil: Chun críoch X.A.IV.005, is é an sainmhíniú atá ar ‘éifeachtúlacht ag an bplocóid’ an cóimheas idir an chumhacht aschurtha ‘léasair’ (nó an ‘mheánchumhacht aschurtha’) agus an chumhacht ionchuir leictirigh iomlán a theastaíonn chun an ‘léasar’ a oibriú, lena n-áirítear an soláthar cumhachta/an comhoiriúnú agus an comhoiriúnú teirmeach/an malartóir teasa.

X.A.IV.006 ‘Maighnéadaiméadair’, braiteoirí ‘Forsheoltacha’ leictreamaighnéadacha, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh, mar a leanas:

- a. ‘Maighnéadaiméadair’, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, ag a bhfuil ‘íogaireacht’ is ísle (i.e. is fearr) ná 1,0 nT (luach FMC) in aghaidh an Hz fréimhe cearnaí.

Nóta Teicniúil: Chun críocha X.A.IV.006.a., ciallaíonn ‘íogaireacht’ (an leibhéal torainn) fréamh mheán na gcearnóg de chuid an leibhéil gaireas-teoranta torainn arb é an comhartha is ísle is féidir a thomhas.

- b. Braiteoirí ‘forsheoltacha’ leictreamaighnéadacha, comhpháirteanna atá monaraithe as ábhair ‘fhorsheoltacha’:
 1. Tá siad deartha chun oibriú ag teocht arb ísle í ná ‘teocht chriticiúil’ ceann amháin ar a laghad de na comhábhair ‘fhorsheoltacha’ (lena n-áirítear gairis éifeacht Josephson nó gairis ‘fhorsheoltacha’ trasnaíochta candamaí (SQUIDS);
 2. Tá siad deartha chun éagsúlachtaí i réimsí leictreamaighnéadacha ag minicíochtaí 1 kHz nó níos lú a bhrath; agus

3. Ar fíor ina leith aon cheann de na saintréithe seo a leanas:
- a. Ionchorpraítear leo SQUIDS tanascannáin ag a bhfuil íosmhéid tréithe ar lú í ná $2\text{ }\mu\text{m}$ agus ag a bhfuil ciorcaid chúplála ionchuir agus aschuir;
 - b. Tá siad deartha chun oibriú le sliúráta réimse mhaighnéadaigh ar mó é ná 1×10^6 candaim flosca mhaighnéadaigh in aghaidh an tsoicind;
 - c. Tá siad deartha chun feidhmiú gan sciathú maighnéadach i réimse maighnéadach timpeallach an domhain; nó
 - d. Tá comhéifeacht teochta acu ar lú é ná 0,1 candam flosca mhaighnéadaigh/K.

X.A.IV.007 Meá-mhéadair le haghaidh úsáid ar talamh, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, mar a leanas:

- a. Tá cruinneas statach acu is lú (i.e. is fearr) ná $100\text{ }\mu\text{Gal}$; nó
- b. Tá siad de chineál na heiliminte grianchloiche (Worden).

X.A.IV.008 Córais, trealamh agus comhpháirteanna móra radair, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, agus comhpháirteanna saindeartha lena n-aghaidh, mar a leanas:

- a. Trealamh radair aerbheirthe, cé is moite de sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, agus comhpháirteanna saindeartha lena n-aghaidh;
- b. Trealamh radair ‘léasair’ ‘spáscháilithe’ nó trealamh Braite Solais agus Raonála (LIDAR) atá saindeartha le haghaidh na suirbhéireachta nó le haghaidh na breathnóireachta meitéareolaíche;
- c. Córais íomháiithe radair amhaire fheabhsaithe um thonnta milliméadair atá saindeartha le haghaidh árthaí sciathán rothlach agus ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas:
 1. Oibríonn siad ag minicíocht 94 GHz;
 2. Tá meánchumhacht aschuir acu ar lú í ná 20 mW;
 3. Céim amháin atá i leithead an léis radair; agus
 4. Tá raon oibriúcháin acu atá cothrom le 1 500 m nó atá níos mó ná sin.

Nótaí Teicniúla:

1. Chun críoch X.A.IV.008, áirítear le ‘mór-chomhpháirt’ aon dúil chóimeáilte atá ina cuid de ‘itim deiridh’ agus nach féidir an ‘itim deiridh’ a oibriú dá huireasa.
2. Chun críoch X.A.IV.008, is éard is ‘itim deiridh’ ann córas, trealamh nó tráchtearra cóimeáilte atá réidh don úsáid atá beartaithe dó.

X.A.IV.009 Trealamh próiseála sonrach, mar a leanas:

- a. Trealamh braite seismeach nach rialaítear le X.A.IV.009.c;
- b. Ceamaraí teilifíse atá cruaithe in aghaidh na radaíochta, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821; nó
- c. Córais sheismeacha braite ionraidh lena mbraitear, lena n-aicmítear agus lena gcinntear an tionchar ar fhoinsé an chomhartha a bhraitear.

X.B.IV.001 Trealamh, lena n-áirítear uirlisí, díslí, daingneáin nó tomhsairí, agus comhpháirteanna agus gabhálais eile atá saindeartha lena aghaidh, atá saindeartha nó modhnaithe chun aon cheann de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- a. Chun na nithe seo a leanas a mhonarú nó a iniúchadh:
 1. Inbhéartóir ‘léasair’ saorleictreon maighnéid;
 2. Insteallairí ‘léasair’ saorleictreon grianghraif;
- b. Chun réimse maighnéadach fadchearchaill na ‘léasar’ saorleictreon a chur in oiriúint do na lamháltais is gá.

X.C.IV.001 Snáithíní braite optúla atá modhnaithe ó thaobh struchtúir de chun ‘fad buille’ is lú ná 500 mm (dé-athraonadh ard) a bheith acu nó ábhair braiteoirí optúla nach dtugtar tuairisc orthu in 6C002.b¹⁹ agus ag a bhfuil cion síne 6 % nó níos mó de réir an ‘mhólchodáin’.

Nóta Teicniúil: Chun críoch X.C.IV.001:

- 1) Sainmhínítear ‘mólchodán’ mar chóimheas mhóil ZnTe le suim mhóil CdTe agus ZnTe atá sa chrystal.
- 2) Is é ‘fad buille’ an t-achar nach mór do dhá chomhartha atá polaraithe go horthagánach dul, i gcomhphas ar dtús, chun pasdifríocht dhá raidian Pí a bhaint amach.

X.C.IV.002 Ábhair optúla mar a leanas:

a. Ábhair optúla ionsúcháin ísil, mar a leanas:

1. Comhdhúile bulcfhluaíride ina bhfuil comhábhair ag a bhfuil íonacht 99,999 % nó níos fearr; nó

Nóta: Le X.C.IV.002.a.1, rialaítear fluairídí siorcóiniam nó alúmanaim agus athraithigh.

2. Gloine bhulcfhluaíride atá déanta as comhdhúile a rialaítear le 6C004.e.1²⁰;

¹⁹ Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

²⁰ Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

- b. ‘Réamhghoirmeacha snáithín optúil’ atá déanta as comhdhúile bulcfhluaíride ina bhfuil comhábhair ag a bhfuil íonacht 99,999 % nó níos fearr, atá ‘saindeartha’ chun ‘snáithíní fluairíde’ a rialaítear le X.A.IV.004.b a mhonarú.

Nóta Teicniúil: Chun críoch X.C.IV.002:

- 1) *Is éard is ‘snáithíní fluairíde’ ann snáithíní arna monarú as comhdhúile bulcfhluaíride.*
- 2) *Is éard is ‘réamhghoirmeacha snáithín optúil’ ann barraí, tinní, nó slata gloine, plaisteacha nó atá déanta as ábhair eile a sainphróiseáladh lena n-úsáid chun snáithíní optúla a dhéanamh. Is iad saintréithe na réamhghoirmeacha a chinneann bunpharaiméadair na snáithíní optúla a fhaightear ón bpróiseas monaraíochta.*

X.D.IV.001 ‘Bogearraí’, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, atá saindeartha le haghaidh ‘forbairt’, ‘táirgeadh’ nó ‘úsáid’ earraí a rialaítear le 6A002, 6A003²¹, X.A.IV.001, X.A.IV.006, X.A.IV.007, nó le X.A.IV.008.

X.D.IV.002 ‘Bogearraí’ atá saindeartha le haghaidh ‘forbairt’ nó ‘táirgeadh’ trealamh a rialaítear le X.A.IV.002, X.A.IV.004, nó le X.A.IV.005.

X.D.IV.003 ‘Bogearraí’ eile, mar a leanas:

- a. ‘Cláir’ d’fheidhmchláir ‘bhogearraí’ Rialaithe Aerthráchta (ATC) a óstaítear ar ríomhairí ilfheidhmeacha atá suite in ionaid Rialaithe Aerthráchta, agus a bhfuil ar a gcumas sonraí príomhúla sprice radair a thabhairt ar láimh go huathoibríoch (mura bhfuil siad comhghaolaithe le sonraí ó radar tánaisteach faireachais) ón ionad ATC óstach go hionad ATC eile;

²¹ Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

- b. ‘Bogearraí’ atá saindeartha le haghaidh córais braite ionraidh sheismigh in X.A.IV.009.c; nó
- c. ‘Cód foinse’ atá saindeartha le haghaidh córais braite ionraidh sheismigh in X.A.IV.009.c.

X.E.IV.001 ‘Teicneolaíocht’ chun trealamh atá faoi rialú X.A.IV.001, X.A.IV.006, X.A.IV.007, X.A.IV.008 nó X.A.IV.009.c ‘a fhorbairt’, ‘a tháirgeadh’ nó ‘a úsáid’.

X.E.IV.002 ‘Teicneolaíocht’ chun trealamh, ábhair nó ‘bogearraí’ atá faoi rialú X.A.IV.002, X.A.IV.004, nó X.A.IV.005, X.B.IV.001, X.C.IV.001, X.C.IV.002, nó X.D.IV.003 ‘a fhorbairt’ nó ‘a tháirgeadh’.

X.E.IV.003 ‘Teicneolaíocht’ eile mar a leanas:

- a. Teicneolaíochtaí don mhonarú optúil chun comhpháirteanna a tháirgeadh go sraitheach ag ráta is mó ná 10 m^2 d’achar dromchla in aghaidh na bliana ar aon fhearsaid shingil agus ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas:
 - 1. Limistéar atá níos mó ná 1 m^2 ; agus
 - 2. Cuaire dromchla ar mó í ná $\lambda/10$ (rms) ag an tonnfhad dá ndearadh;
- b. ‘Teicneolaíocht’ le haghaidh scagairí optúla a bhfuil bandaleithead acu arb ionann é agus 10 nm nó ar lú ná sin é, réimse amhairc (FOV) ar mó í ná 40° agus taifeach ar mó é ná $0,75$ péire líne in aghaidh an mhillearaidain;

- c. ‘Teicneolaíocht’ chun ceamaraí atá faoi rialú X.A.IV.003 ‘a fhorbairt’ nó ‘a tháirgeadh’;
- d. ‘Teicneolaíocht’ atá riachtanach le haghaidh ‘forbairt’ nó ‘táirgeadh’ ‘maighnéadaiméadar’ floscgheata neamh-thrí-aiseach nó córas ‘maighnéadaiméadair’ floscgheata neamh-thrí-aiseach, ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:
1. ‘Íogaireacht’ ar lú (ar fearr) í ná 0,05 nT (rms) in aghaidh an Hz fréimhe cearnaí ag minicíochtaí ar lú iad ná 1 Hz; nó
 2. ‘Íogaireacht’ ar lú (ar fearr) í ná 1×10^{-3} nT (rms) in aghaidh na fréimhe cearnaí de heirts ag minicíochtaí 1 Hz nó níos mó.
- e. ‘Teicneolaíocht’ atá ‘riachtanach’ le haghaidh ‘forbairt’ nó ‘táirgeadh’ gaireas uastiontúcháin infridhearg, ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas:
1. Freagairt i réimse an tonnfhaid ar mó í ná 700 nm ach nach mó í ná 1 500 nm; agus
 2. Comhcheangal d’fhotabhraiteoir infridhearg, dé-óid astaithe solais (OLED) agus nanachriostal chun solas infridhearg a thiontú ina sholas infheicthe.

Nóta Teicniúil: Chun críocha X.E.IV.003, ciallaíonn ‘íogaireacht’ (nó an leibhéal torainn) fréamh mheán na gcearnóg den leibhéal gaireas-teoranta torainn arb é an comhartha is ísle is féidir a thomhas é.

Catagóir V – Loingseoireacht agus Eitleonaic

X.A.V.001 Trealamh teileachumarsáide aerbheirthe, gach córas loingseoireachta táimhe ‘aerárthaigh’, agus trealamh eitleonaice eile, lena n-áirítear comhpháirteanna, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.

Nóta 1: Ní rialaítear le X.A.V.001. ceannfhearais ná micreafóin.

Nóta 2: Ní rialaítear le X.A.V.001. earraí ar le haghaidh úsáid phearsanta daoine nádúrtha iad.

X.B.V.001 Trealamh eile atá saindeartha chun trealamh loingseoireachta nó eitleonaice a thástáil, a iniúchadh nó a ‘tháirgeadh’.

X.D.V.001 ‘Bogearraí’, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, atá saindeartha le haghaidh ‘forbairt’, ‘táirgeadh’ nó ‘úsáid’ trealaimh loingseoireachta, trealaimh teileachumarsáide aerbheirthe agus trealaimh eitleonaice eile.

X.E.V.001 ‘Teicneolaíocht’, cé is moite di sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, atá saindeartha le haghaidh ‘forbairt’, ‘táirgeadh’ nó ‘úsáid’ trealaimh loingseoireachta, trealaimh teileachumarsáide aerbheirthe agus trealaimh eitleonaice eile.

Catagóir VI – Cúrsaí Muirí

X.A.VI.001 Soithí, córais nó trealamh muirí, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh, comhpháirteanna agus gabhálais, mar a leanas:

a. Córais radhairc faoi uisce, mar a leanas:

1. Córais teilifíse (ina bhfuil ceamaraí, solais, trealamh monatóireachta agus tarchurtha comharthaí) a bhfuil taifeach teorannach is mó ná 500 líne agus é á thomhas san aer agus atá saindeartha nó sainmhodhnaithe chun gur féidir iad a chianoibriú le feithicil intumtha; nó
2. Ceamaraí teilifíse faoi uisce a bhfuil taifeach teorannach acu ar mó é ná 700 líne agus é á thomhas san aer;

Nóta Teicniúil: I réimse na teilifíse, is éard atá sa 'taifeach teorannach' tomhas de thaifeach cothrománach a chuirtear in iúl, de ghnáth, i dtéarmaí uaslíon na línte in aghaidh airde an phictiúir mar a léirítear ar chairt tástála é, i gcomhréir le Caighdeán IEEE 208/1960 nó le haon chaighdeán coibhéiseach eile.

- b. Ceamaraí grianghrafadóireachta socair atá saindeartha nó sainmhodhnaithe lena n-úsáid faoi uisce, a bhfuil formáid scannáin 35 mm nó níos mó acu, agus a bhfuil uathfhócasú nó cianfhócasú acu atá 'saindeartha' le haghaidh úsáidte faoi uisce;
- c. Córais solais stróbasópacha, atá saindeartha nó sainmhodhnaithe lena n-úsáid faoi uisce, ar córais iad ar féidir dóibh fuinneamh solais is mó ná 300 giúl (J) in aghaidh na splaince a aschur;

- d. Trealamh ceamara eile le haghaidh úsáid faoi uisce, cé is moite de sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821;
- e. Coirí muirí atá deartha chun aon cheann de na tréithe seo a leanas a bheith acu:
1. Ráta scaoilte teasa (ag an rátáil uasta) atá cothrom le nó níos mó ná $1\,966,4\text{ kW/m}^3$ de thoirt na foirnéise; nó
 2. An cóimheas idir an ghal a ghintear i gcileagraim in aghaidh na huaire (ag an rátáil uasta) agus meáchan tirim an choir i gcileagraim atá cothrom le nó níos mó ná 37,6;
- f. Soithí (dromchla nó fo-uisce), lena n-áirítear báid inséidte, agus comhphárteanna saindeartha lena n-aghaidh, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821;
- Nóta: Ní rialaítear le X.A.VI.001.f soithí atá ar cónaí go sealadach, a úsáidtear le haghaidh iompar príobháideach nó chun paisinéirí nó earraí a iompar ó chríocha custaim an Aontais nó tríothu.*
- g. Innill mhuirí (lena n-áirítear innill istigh agus innill transaim) agus innill fomhuireán agus comhphárteanna atá saindeartha lena n-aghaidh, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821;
- h. Gairis neamhspleácha análaithe (trealamh scúba) agus gabhálais lena n-aghaidh, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821;

- i. Seaicéad tarrthála, cartúis aershéidte, compáis tumadóireachta, agus ríomhairí tumadóireachta;

Nóta: Ní rialaítear le X.A.VI.001.i. earraí ar le haghaidh úsáid phearsanta daoine nádúrtha iad.

- j. Soilsí faoi uisce agus trealamh tiomána faoi uisce; nó

Nóta: Ní rialaítear le X.A.VI.001.j. earraí ar le haghaidh úsáid phearsanta daoine nádúrtha iad.

- k. Comhbhrúiteoirí aeir agus córais scagacháin atá saindeartha chun sorcóirí aeir a líonadh.

X.D.VI.001 ‘Bogearraí’ atá saindeartha nó atá sainmhodhnaithe le haghaidh ‘forbairt’, ‘táirgeadh’ nó ‘úsáid’ trealaimh a rialaítear le X.A.VI.001.

X.D.VI.002 ‘Bogearraí’ atá saindeartha chun feithiclí intumtha gan foireann a oibriú, ar feithiclí iad a úsáidtear sa tionscal ola agus gáis.

X.E.VI.001 ‘Teicneolaíocht’ chun trealamh a rialaítear le X.A.VI.001 ‘a fhorbairt’, ‘a tháirgeadh’ nó ‘a úsáid’.

Catagóir VII – Aeraspás agus Tiomáint

X.A.VII.001 Innill díosail, agus tarracóirí agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821:

- a. Innill díosail, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, le haghaidh trucaí, tarracóirí, agus feidhmeanna mótarfheithiclí, ag a bhfuil aschur cumhachta foriomlán 298 kW nó níos mó.
- b. Tarracóirí rothacha seach-mhórbhealaigh ag a bhfuil acmhainneacht iompair 9 t nó níos mó; agus comhpháirteanna agus gabhálaí shaindeartha, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.
- c. Tarracóirí bóthair le haghaidh leathleantóirí, ar a bhfuil acastóirí deiridh singil nó teaindim atá rátaithe le haghaidh 9 dtóna nó níos mó in aghaidh an acastóra agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh.

Nóta: Ní rialaítear le X.A.VII.001.b ná le X.A.VII.001.c feithiclí atá ar cónaí go sealadach, a úsáidtear le haghaidh iompar príobháideach nó chun paisinéirí nó earraí a iompar ó chríocha custaim an Aontais nó tríothu.

Nótaí Teicniúla:

1. Chun críoch X.A.VII.001, áirítear le ‘mór-chomhpháirt’ aon dúil chóimeáilte atá ina cuid de ‘itim deiridh’ agus nach féidir an ‘itim deiridh’ a oibriú dá huireasa.

2. Chun críoch X.A.VII.001, is éard is ‘itim deiridh’ ann córas, trealamh nó tráchtearra cóimeáilte atá réidh don úsáid atá beartaithe dó.

X.A.VII.002 Innill ghástuirbín agus comhpháirteanna, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.

- a. Ní úsáidtear.
- b. Ní úsáidtear.
- c. Aerinnill ghástuirbín, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh.

- d. Ní úsáidtear.
- e. Trealamh análaithe aerárthaigh a oibríonn le comhbhrú, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.

X.A.VII.003 Innill aerárthaigh, cé is moite díobh sin a shonraítear in X.A.VII.002, LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, mar a leanas:

- a. Innill loiní dócháin inmheánaigh, frithingeacha spréachadhainte nó rothlacha; nó
- b. Innill leictreacha.

Nóta Teicniúil: Chun críocha X.A.VII.003, áirítear le haerárthaigh na nithe seo a leanas: eitleáin, aerárthaigh gan foireann, héileacaptair, uathghíreáin, aerárthaigh hibrídeacha nó samhlacha raidió-rialaithe.

X.B.VII.001 Trealamh tástála tonnchreatha agus comhpháirteanna saindeartha, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.

Nóta: Ní rialaítear le X.B.VII.001. ach trealamh le haghaidh ‘forbartha’ nó ‘táirgthe’. Ní rialaítear leis córais faireacháin staide.

X.B.VII.002 ‘Trealamh’, uirlisiú nó daingneáin atá saindeartha, chun lanna tuirbíní gáis, eítí nó múnlaí scriútaí rinne a mhonarú nó a thomhas, mar a leanas:

- a. Trealamh uathoibrithe a úsáideann modhanna neamh-mheicniúla chun tiús ballaí aereiteoige a thomhas;
- b. Uirlisiú, daingneáin nó trealamh tomhais le haghaidh na bpróiseas druileáilte poll ‘léasair’, scaird uisce nó ECM/EDM a rialaítear le 9E003.c²²;
- c. Trealamh láiste croíthe ceirmeacha;
- d. Trealamh nó uirlisí monaraithe croíthe ceirmeacha;
- e. Trealamh ullmhaithe patrún céarach sceallaí ceirmeacha;
- f. Trealamh scriosdóite nó bÁCála sceallaí ceirmeacha.

X.D.VII.001 ‘Bogearraí’, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, le haghaidh ‘forbairt’, ‘táirgeadh’ trealaimh a rialaítear le X.A.VII.001 nó le X.B.VII.001.

²² Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

- X.D.VII.002 ‘Bogearraí’, chun trealamh a rialaítear le X.A.VII.002 nó le X.B.VII.002 ‘a fhorbairt’ nó ‘a tháirgeadh’.
- X.E.VII.001 ‘Teicneolaíocht’, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, le haghaidh ‘forbairt’, ‘táirgeadh’ nó ‘úsáid’ trealaimh a rialaítear le X.A.VII.001 nó le X.B.VII.001.
- X.E.VII.002 ‘Teicneolaíocht’, chun trealamh a rialaítear le X.A.VII.002 nó le X.B.VII.002 ‘a fhorbairt’, ‘a tháirgeadh’ nó ‘a úsáid’.
- X.E.VII.003 Aon ‘teicneolaíocht’ eile, nach dtugtar tuairisc uirthi in 9E003²³, mar a leanas:
- Córais rialaithe le haghaidh glanspás barra lanna rótair a úsáideann ‘teicneolaíocht’ ghníomhach cásála cúitimh atá teoranta do dhearadh agus do bhunachar sonraí forbartha; nó
 - Imthaca gáis le haghaidh cóimeálacha rótair d’innill tuirbín.

‘Catagóir VIII – Ítimí ilghnéitheacha

- X.A.VIII.001 Trealamh le haghaidh táirgeadh nó taiscéalaíocht ola mar a leanas:
- Trealamh tomhais comhtháite cinn druilire, lena n-áirítear córais thámhúla treostiúrtha le haghaidh tomhas le linn druileála;
 - Córais monatóireachta gáis agus brathadóirí lena n-aghaidh, atá deartha chun a n-oibrithe go leanúnach agus chun suilfid hidrigine a bhrath;

²³ Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

- c. Trealamh le haghaidh tomhais seismeolaíocha, lena n-áirítear seisméitic frithchaithimh agus tonnchreathairí seismeacha;
- d. Sondálaithe fuaime dríodair.

X.A.VIII.002 Trealamh, ‘cóimeálacha leictreonacha’ agus comhpháirteanna, atá saindeartha le haghaidh ríomhairí candamacha, leictreonaic chandamach, braiteoirí candamacha, aonaid phróiseála chandamacha, ciorcaid chandamghiotán, gairis chandamghiotán, córais radair chandamacha, lena n-áirítear cealla Pockel.

Nóta 1: Le ríomhairí candamacha, déantar ríomhanna a bhaineann tairbhe as saintréithe comhchoiteanna na staideanna candamacha, amhail as forshuíomh, trasnaíocht agus fostú.

Nóta 2: Aonaid, ciorcaid agus gairis, áirítear leo sin ciorcaid fhorsheoltacha, ainéladh chandamach, gairis ianghaiste, idirghníomhú fótónaice, sileacan/guairne, adaimh fhuara, ach ní hiad sin amháin a áirítear leo.

X.A.VIII.003 Micreascóip, trealamh gaolmhar agus brathadóirí mar a leanas:

- a. Leictreonmhicreascóip scanacháin(SEM);
- b. Micreascóip scanacháin tarathair;
- c. Leictreonmhicreascóip tarchuir (TEM);
- d. Micreascóip fórsa adamhacha (AFM);
- e. Micreascóip fórsa scanacháin (SFM);

- f. Trealamh agus brathadóirí, atá saindeartha le haghaidh a n-úsáidte leis na micreascóip a shonraítear in X.A.VIII.003.a go X.A.VIII.0003.e, agus ina n-úsáidtear aon cheann de na teicnící anailíse ábhair seo a leanas:

1. Fótaispeictreascópacht x-gha (XPS);
2. Speictreascópacht x-gha fhuinneamhspréiteach (EDX, EDS); nó
3. Leictreonspeictreascópacht le haghaidh anailís cheimiceach (ESCA).

X.A.VIII.004 Trealamh tiomsúcháin le haghaidh mianta miotail faoi ghrinneall na domhainmhara.

X.A.VIII.005 Trealamh monaraíochta agus meaisín-uirlisí mar a leanas:

- a. Trealamh monaraithe shuimithigh le haghaidh ‘táirgeadh’ páirteanna miotail;

Nóta: Níl feidhm ag X.A.VIII.005.a ach amháin maidir leis na córais seo a leanas:

1. Córais leapa púdair ina n-úsáidtear leá roghnaitheach le léasair (SLM), leá CUSING le léasair, sintéarú díreach miotail le léasar (DMLS) nó leá le leictreonléas (EBM); nó
2. Córais púdarfhotha ina n-úsáidtear léasarchlúdach, deascadh fuinnimh dhírigh nó deascadh miotail le léasar.

- b. Trealamh monaraithe shuimithigh le haghaidh ‘ábhair fuinneamhachais’, lena n-áirítear trealamh ina n-úsáidtear easbhrú ultrasonach;

- c. Trealamh monaraithe shuimithigh de chineál an fhótaipholaiméirithe dabhcha ina n-úsáidtear liteagrafaíocht steiréo (SLA) nó próiseáil solais dhigiteach (DLP).

X.A.VIII.006 Trealamh le haghaidh ‘táirgeadh’ leictreonaice priontáilte le haghaidh dé-oidí orgánacha astaithe solais (OLED), trasraitheoirí orgánacha tionchair réimse (OFET) nó cealla orgánacha fótavoltacha (OPVC).

X.A.VIII.007 Trealamh le haghaidh ‘táirgeadh’ córas micrileictreameicniúil (MEMS) ina n-úsáidtear saintréithe meicniúla an tsileacain, lena n-áirítear braiteoirí i bhformáid slise amhail brú-scannáin, léasacha lúbthachta nó gairis mhicreachoigeartúcháin.

X.A.VIII.008 Trealamh, é saindeartha chun leictribhreoslaí (leictribhreoslaí agus breoslaí sintéiseacha) nó grianchealla sáréifeachtúla (éifeachtúlacht > 30 %) a tháirgeadh.

X.A.VIII.009 Trealamh le haghaidh folús ultra-ard (UHV) mar a leanas:

- a. Caidéil UHV (caidéil néalúcháin, caidéil turbamhóilíneacha, caidéil idirleata, caidéil chriógineacha, caidéil ianghabhálaí);
- b. Brúthomhsairí UHV.

Nóta: Ciallaíonn UHV brú 100 nanaPascal (nPa) nó níos ísle.

X.A.VIII.010 ‘Córais chuisniúcháin chriógineacha’ atá deartha chun teochtaí a choinneáil faoi bhun 1,1 K ar feadh 48 n-uaire an chloig nó níos mó agus an trealamh cuisniúcháin criógineach gaolmhar mar a leanas:

- a. Bíogfheadáin;
- b. Crióstait;
- c. Fleascáin Dewar;
- d. Córas Láimhseála Gáis (GHS);

- e. Comhbhrúiteoirí; nó
- f. Aonad Rialaithe.

Nóta: 'Córais chuisniúcháin chrióigineacha', áirítear leo sin an Cuisniú Caolúcháin, na Cuisneoirí Dímhaighnéadaithe Aidiabataigh agus na Córais Fuaraithe le Léasar, ach ní hiad sin amháin a áirítear leo.

X.A.VIII.011 Trealamh 'díchochlúcháin' le haghaidh gairis leathsheoltóra.

Nóta: Is éard is 'díchochlú' ann an caipín, an claibín, nó an t-ábhar imchochlúcháin a bhaint de chiorcad comhtháite pacáistithe trí bhíthin modh meicniúil, teirmeach nó ceimiceach.

X.A.VIII.012 Fótabhrathadóirí Ard-Éifeachtúlachta Candamaí ag a bhfuil éifeachtúlacht chandamach is mó ná 80 % sa raon tonnfhaid is airde ná 400 nm ach nach airde ná 1 600 nm.

X.A.VIII.013 Meaisín-uirlisí faoi rialú uimhriúil, ag a bhfuil ais líneach amháin nó níos mó ar mó ná 8 000 mm an fad gluaiste iontu.

X.A.VIII.014 Córais canóna uisce le haghaidh smachtú círéibe nó slua-rialaithe, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh.

Nóta: Áirítear ar chórais gunnaí móra uisce X.A.VIII.014, mar shampla: feithiclí nó stáisiúin sheasta atá feistithe le canóin uisce cianoibrithe atá deartha chun an t-oibreoir a chosaint ó chírreib lasmuigh le gnéithe amhail armúr, fuinneoga atá frithsheasmhach in aghaidh bloghta, scáileáin miotail, túsbarraí cosanta, nó boinn reatha éigeandála. Áirítear ar chomhpháirteanna atá saindeartha le haghaidh gunnaí móra uisce, mar shampla: buinní uisce gunna deice, caidél, taiscumair, ceamaraí, agus soilse atá cruaite nó cosanta in aghaidh diúracán, crainn ardúcháin le haghaidh na n-ítimí sin, agus córais teilea-oibriúcháin le haghaidh na n-ítimí sin.

X.A.VIII.015 Airm bhuailte um fhorfheidhmiú an dlí, lena n-áirítear súnna, bataí póilíní, bataí taobhláimhe, tonfaí, sjambokanna, agus fuipeanna.

X.A.VIII.016 Clogaid agus sciatha póilíneachta; agus comhpháirteanna saindeartha, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.

X.A.VIII.017 Gairis srianta um fhorfheidhmiú an dlí, lena n-áirítear geimhle cos, geimhle agus glais láimhe; seaicéid cheangail; stiúdghlais; criosanna turrainge; muinchillí turrainge; gléasanna um shrianadh ilphointe amhail cathaoireacha srianta; agus comhpháirteanna agus gabhálais shaindeartha, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.

Nóta: Tá feidhm ag X.A.VIII.017 maidir le gairis srianta a úsáidtear i ngníomhaíochtaí forfheidhmithe dlí. Níl feidhm aige maidir le feistí leighis atá feistithe chun gluaiseacht an othair a shrianadh le linn gnáthaimh leighis. Níl feidhm aige maidir le feistí lena ndéantar othair lagchuimhne a choinneáil i saoráidí leighis iomchuí. Níl feidhm aige maidir le trealamh sábháilteachta amhail criosanna sábhála nó suíocháin sábháilteachta gluaisteán leanaí.

X.A.VIII.018 Trealamh, bogearraí, agus sonraí taiscéalaíochta ola agus gáis, mar a leanas (féach Liosta na nÍtimí a Rialaítear):

- a. Ní úsáidtear.
- b. Ítimí scoilte hiodrálacha, mar a leanas:
 1. Bogearraí agus sonraí um scoilteadh hiodrálach a dhearadh agus a anailísiú;
 2. ‘Própan’ scoilte hiodrálach, ‘sreabhán fraiceála’, agus breiseáin cheimiceacha lena n-aghaidh; nó

3. Caidéil ardbhrú.

Nóta Teicniúil:

Ábhar soladach, gaineamh a chóireáiltear de ghnáth nó ábhair cheirmeacha de dhéantús an duine is ea ‘própan’, atá deartha chun scoilteadh hiodrálach ionduchtaithe a choinneáil oscailte, le linn nó tar éis cóireáil scoilte. Cuirtear é le ‘sreabhán fraiceála’ a d’fhéadfadh a bheith éagsúil i gcomhdhéanamh ag brath ar an gcineál scoilte a úsáidtear, agus is féidir leis a bheith bunaithe ar ghlóthach, cúr nó uisce sleamhain.

X.A.VIII.019 Trealamh próiseála sonracha, mar a leanas (féach an Liosta Ítimí a Rialaítear):

- a. Maighnéid fáinne;
- b. Ní úsáidtear.

X.A.VIII.020 Airm agus gléasanna atá ceaptha le haghaidh círeib a smachtú nó le haghaidh féinchosanta, mar seo a leanas:

- a. Airm turrainge leictirí iniompartha nach féidir a dhíriú ach ar dhuine amháin gach uair a thugtar turraing leictreach, lena n-áirítear stiúdsmachttíní, sciatha turrainge leictirí, stiúdghunnaí agus ga-ghunnaí turrainge leictirí;
- b. Fearais ina bhfuil na comhpháirteanna riachtanacha uile chun airm turrainge leictirí iniompartha a chóimeáil a rialaítear le hítim X.A.VIII.020.a; nó

Nóta: Meastar gur comhpháirteanna riachtanacha na hearraí seo a leanas:

- 1. An t-aonad a ghineann an turraing leictreach;*
- 2. An lasc, bíodh sí ina cianlasc nó ná bíodh; agus*
- 3. Na leictreoidí nó, i gcás inarb infheidhme, na sreanga trína dtugtar an turraing leictreach.*

- c. Airm turrainge leictrí suite nó insuite a chlúdaíonn limistéar fairsing agus lenar féidir turraingí leictreacha a dhíriú ar níos mó ná duine amháin.

X.A.VIII.021 Airm agus trealamh lena scaiptear substaintí ceimiceacha greannacha nó éagumasúcháin le haghaidh círéib a smachtú nó le haghaidh féinchosanta agus substaintí gaolmhara áirithe, mar seo a leanas:

- a. Airm agus trealamh iniompartha lena dtugtar dáileog de shubstaint cheimiceach ghreannach nó éagumasúcháin a dhírítear ar dhuine amháin nó lena scaiptear dáileog den substaint a dhéanann dochar do limistéar beag, mar shampla i bhfoirm ceobhráin nó scamail, nuair a thugtar dáileog den substaint cheimiceach nó nuair a scaiptear í;

Nóta 1: Leis an ítim seo, ní rialaítear trealamh a rialaítear le hítim ML7(e) de chuid LCM an Aontais Eorpaigh.

Nóta 2: Leis an ítim seo, ní rialaítear trealamh iniompartha aonair, fiú má tá substaint cheimiceach ann, nuair is lena úsáideoir atá sé ar mhaithe le cosaint phearsanta an úsáideora.

Nóta 3: Le cois substaintí ceimiceacha ábhartha, amhail oibreáin smachtaithe círéibe nó PAVA, measfar gur substaintí ceimiceacha greannacha nó éagumasúcháin iad na hearraí a rialaítear le hítim X.A.VIII.021.c agus ítim X.A.VIII.021.d.

- b. Fanailealaimíd aigéid pheileargónaigh (PAVA) (CAS 2444-46-4);
- c. Capsacaim oiléaroisín (OC) (CAS 8023-77-6);
- d. Meascáin de 0,3 % PAVA nó OC ar a laghad de réir meáchain agus tuaslagóir (amhail eatánól, 1-própánól nó heacsán), a d'fhéadfaí a thabhairt mar oibreáin ghreannacha nó éagumasúcháin, go háirithe in aerasóil agus i bhfoirm leachtach, nó a d'fhéadfaí a úsáid chun oibreáin ghreannacha nó éagumasúcháin a dhéanamh;

Nóta 1: Leis an ítim seo, ní rialaítear anlainn agus ullmhóidí lena n-aghaidh, anraithí agus ullmhóidí lena n-aghaidh agus tarsainn mheasctha agus blastanais mheasctha, ar choinníoll nach iad PAVA agus OC an t-aon bhlas comhpháirteach atá iontu.

Nóta 2: Leis an ítim seo, ní rialaítear táirgí íocshláinte dá dtugtar údarú margáiochta i gcomhréir le dlí an Aontais.

- e. Is éard atá sa trealamh suite chun substaintí ceimiceacha greannacha nó éagumasúcháin a scaipeadh, ar féidir a fheistiú ar bhalla nó ar shíleáil laistigh d'fhoirgneamh, ná ceanastar oibreán ceimiceach éagumasúcháin nó greannach a ghníomhaítear trí úsáid a bhaint as córas cianrialaithe;

Nóta: Le cois substaintí ceimiceacha ábhartha, amhail oibreáin smachtaithe círéibe nó PAVA, measfar gur substaintí ceimiceacha greannacha nó éagumasúcháin iad na hearraí a rialaítear le hítim X.A.VIII.021.c agus ítim X.A.VIII.021.d.

- f. Trealamh suite nó insuite chun oibreáin cheimiceacha ghreannacha nó éagumasúcháin a scaipeadh a chlúdaíonn limistéar fairsing agus nach bhfuil ceaptha le bheith feistithe ar bhalla nó ar shíleáil laistigh d'fhoirgneamh;

Nóta 1: Leis an ítim seo, ní rialaítear trealamh a rialaítear le hítim ML7(e) de chuid LCM an Aontais Eorpaigh.

Nóta 2: Le cois substaintí ceimiceacha ábhartha, amhail oibreáin smachtaithe círéibe nó PAVA, measfar gur substaintí ceimiceacha greannacha nó éagumasúcháin iad na hearraí a rialaítear le hítim X.A.VIII.021.c agus ítim X.A.VIII.021.d.

- g. Substaintí ceimiceacha greannacha eile, agus meascáin díobh ina bhfuil 0.3 % ar a laghad den tsubstaint ghníomhach de réir meáchain, mar a leanas:

1. Débheinsea[b.f][1.4]ocsaiseifín (CR) (CAS 257-07-8);
2. 8-Meiti-N-fanailíl-tras-6-nónaimíd(caipsicin) (CAS 404-86-4);
3. 8-Meiti-N-fanailíl-nónaimíd (déhidreachaipsicin) (CAS 19408-84-5);
4. N-Fanailíl-9-meitildeic-7-(E)-eanaimíd(homachaipsicin) (CAS 58493-48-4);
5. N-Fanailíl-9-meiti-dhéacananaimíd (homaiddéhidreachaipsicin) (CAS 20279-06-5);
6. N-Fanailíl-7-meiti-dhéacananaimíd (nóirdihédhéhidreachaipsicin) (CAS 28789-35-7);
7. 4-Naonánólmorfóilín (MPA) (CAS 5299-64-9);

8. Cis-4-aocéatáit-aimíndhéihicleaheicsilmheatáin (CAS 37794-87-9);
 9. N,N'-Bis(iseapróipil)eitiléindhéimíne; nó
 10. N,N'-Bis(treasbhúitile)eitiléindhéimíne.
- h. Réamhtheachtaithe ceimiceacha d'Oibreáin Smachtaithe Círéibe nó substaintí greannacha, mar a leanas:
1. Malónainítríl (CAS 109-77-3);
 2. 2-Clóraibeansaildéad (CAS 89-98-5);
 3. Alcól 2-clóraibeinsile (CAS 17849-38-6);
 4. 2-Clóraibeinsiolaimín (CAS 89-97-4);
 5. 1-Clóra-2-(démheatocsaimeitil)-beinséin (CAS 70380-66-4);
 6. Aicéitifeanón (CAS 98-86-2);
 7. Clóiríd clóra-aicéitile (CAS 79-04-9); nó
 8. 2-Aimínifeanól (CAS 95-55-6).

X.A.VIII.022 Táirgí a d'fhéadfaí a úsáid chun daoine a chur chun báis le hinstealladh marfach, mar a leanas:

- a. Oibreáin barbatúraite ainéistéseacha a ghníomhaíonn go gearrthréimhseach agus go meántréimhseach lena n-áirítear, ach nach dteorannaítear chuig:
 1. Aimileabarbátón (CAS 57-43-2);
 2. Salann sóidiam aimileabarbátóin (CAS 64-43-7);
 3. Peantabarbátón (CAS 76-74-4);
 4. Salann sóidiam peantabarbátóin (CAS 57-33-0);
 5. Seacabarbátón (CAS 76-73-3);
 6. Salann sóidiam peantabarbátóin (CAS 309-43-3);
 7. Tiaipeantán (CAS 76-75-5); nó
 8. Salann sóidiam tiaipeanteáin, (CAS 71-73-8), dá ngairtear sóidiam tiaipeantóin freisin;
- b. Táirgí ina bhfuil ceann de na hoibreáin ainéistéseacha a liostaítear faoi X.A.VIII.022.a.

X.A.VIII.023 Eangacha, ceannbhrait, pubaill, blaincéid agus éadaí, atá saindeartha le haghaidh duaithníochta.

X.A.VIII.024 ‘Feithiclí uile-thír-raoin’.

Nóta Teicniúil:

‘Ciallaíonn ‘feithiclí uile-thír-raoin’ aon fheithicil mhótair atá deartha chun taisteal ar thrí nó ceithre bhoinn ísealbhrú (níos lú ná 0,9 bar brú tomhsaire) ar dhromchlaí gan phábháil, a bhfuil suíochán aici de ghnáth atá deartha le bheith gabhalscartha ag an oibreoir agus hanla le haghaidh rialú stiúrtha. D’fhéadfaí a áireamh le feithiclí uile-thír-raoin cuadrothair, feithiclí easbhóthair nó feithiclí uile-thír-raoin fónais, mar shampla.

X.B.VIII.001 Trealamh próiseála sonrach, mar a leanas (féach an Liosta Ítimí a Rialaítear):

- a. Teo-chealla; nó
- b. Boscaí lámhainní atá oiriúnach le húsáid le hábhair radaighníomhacha.

X.C.VIII.001 Púdair miotal agus púdair cóimhiotail, is féidir a úsáid le haghaidh aon cheann de na córais a liostaítear in X.A.VIII.005.a.

X.C.VIII.002 Ábhair shárffhorbartha mar a leanas:

- a. Ábhair le haghaidh cealtrú nó le haghaidh duaithníocht oiriúnaitheach;
- b. Meatábhair, e.g. ag a bhfuil comhéifeacht athraonta dhiúltach;
- c. Ní úsáidtear;
- d. Cóimhiotail ard-eantrópachta (HEA);

- e. Comhdhúile Heusler; nó
- f. Ábhair Kitaev, lena n-áirítear leachtanna guairneacha Kitaevacha.

X.C.VIII.003 Polaiméirí comhchuingeacha (idir sheoltach, leathsheoltach agus leictrea-ionrach) le haghaidh leictreonaic phriontáilte nó orgánach.

X.C.VIII.004 Ábhair fuinneamhais mar a leanas agus meascáin díobh:

- a. Piocráit amóiniam (CAS 131-74-8);
- b. Púdar dubh;
- c. Heicsinítridéfheiniolaimín (CAS 131-73-7);
- d. Défhluaraimín (CAS 10405-27-3);
- e. Stáirse nítreach (CAS 9056-38-6);
- f. Ní úsáidtear;
- g. Teitríníotranafailéin;
- h. Tríníotranasól;
- i. Tríníotranafailéin;
- j. Tríníotrocailéin;
- k. N-piorólaidhéanón; 1-meitil-2-piorólaidhéanón (CAS 872-50-4);

- l. Dé-ochtalmaléait (CAS 142-16-5);
- m. Eitilheicsiolaicrioláit (CAS 103-11-7);
- n. Trí-eitiolalúmanam (TEA) (CAS 97-93-8), trímheitilalúmanam (TMA) (CAS 75-24-1), agus ailcílí agus airilí miotalacha píreafóreacha ó litiam, sóidiam, maignéisiam, sinc nó bórón;
- o. Nítriceallalós (CAS 9004-70-0);
- p. Nítriglicrín (nó gliocróiltríníotráit, trínítriglicrín) (NG) (CAS 55-63-0);
- q. 2,4,6-tríníotratolúéin (TNT) (CAS 118-96-7);
- r. Eitiléindé-aimíndéníotráit (EDDN) (CAS 20829-66-7);
- s. Teitríníotráit pheinteiritríotóil (PETN) (CAS 78-11-5);
- t. Aisíd luaidhe (CAS 13424-46-9), gnáthstiofnáit luaidhe (CAS 15245-44-0) agus stiofnáit luaidhe bhunúsach (CAS 12403-82-6), agus pléascáin phríomhúla nó cumaisc phrímeála ina bhfuil aisidí nó coimpléisc aiside;
- u. Ní úsáidtear;
- v. Ní úsáidtear;
- w. Dé-eitildéfheiniolúiré (CAS 85-98-3); Démheitildéfheiniolúiré (CAS 611-92-7); úiré mheitileitildhéfheinile.

- x. N,N-défheiniolúiré (défheiniolúiré neamhshiméadrach) (CAS 603-54-3);
- y. Meitil-N,N-défheiniolúiré (défheiniolúiré neamhshiméadrach mheitile) (CAS 13114-72-2);
- z. Eitil-N,N-défheiniolúiré (défheiniolúiré neamhshiméadrach eitile) (CAS 64544-71-4);
- aa. Ní úsáidtear;
- bb. 4-Nítridhéfheiniolaimín (4-NDPA)(CAS 836-30-6);
- cc. 2,2-déníotrapprópánól (CAS 918-52-5); nó
- dd. Ní úsáidtear.

X.D.VIII.001 Bogearraí, atá saindeartha le haghaidh ‘forbairt’, ‘táirgeadh’ nó ‘úsáid’ trealaimh a shonraítear in X.A.VIII.005 go X.A.VIII.0013.

X.D.VIII.002 Bogearraí, atá saindeartha le haghaidh ‘forbairt’, ‘táirgeadh’ nó ‘úsáid’ trealaimh, ‘cóimeálacha leictreonacha’ nó comhpháirteanna a shonraítear in X.A.VIII.002.

X.D.VIII.003 Bogearraí le haghaidh leathchúplaí digiteacha táirgí monaraithe shuimithigh nó chun iontaofacht táirgí monaraithe shuimithigh a chinneadh.

X.D.VIII.004 ‘Bogearraí’ atá saindeartha le haghaidh ‘forbairt’, ‘táirgeadh’ nó ‘úsáid’ tráchtearraí a rialaítear le X.A.VIII.014.

X.D.VIII.005 ‘Bogearraí’ sonracha, mar a leanas (an Liosta Ítimí a Rialaítear):

- a. ‘Bogearraí’ le haghaidh ríomhanna/samhlú neodrónach;
- b. ‘Bogearraí’ le haghaidh ríomhanna/samhlú iompair radaíochta; nó
- c. ‘Bogearraí’ le haghaidh ríomhanna/samhaltú hidridínimiciúil.

X.E.VIII.001 ‘Teicneolaíocht’ chun trealamh a shonraítear in X.A.VIII.001 go X.A.VIII.0013 ‘a fhorbairt’, ‘a tháirgeadh’ nó ‘a úsáid’.

X.E.VIII.002 ‘Teicneolaíocht’ chun ábhair a shonraítear in X.C.VIII.002 nó X.C.VIII.003 ‘a fhorbairt’, ‘a tháirgeadh’ nó ‘a úsáid’

X.E.VIII.003 ‘Teicneolaíocht’ le haghaidh leathchúplaí digiteacha táirgí monaraithe shuimithigh nó chun iontaofacht táirgí monaraithe shuimithigh a chinneadh nó le haghaidh ‘bogearraí’ a shonraítear in X.D.VIII.003.

X.E.VIII.004 ‘Teicneolaíocht’ le haghaidh ‘forbairt’, ‘táirgeadh’ nó ‘úsáid’ bogearraí a shonraítear in X.D.VIII.001 go X.D.VIII.002.

X.E.VIII.005 ‘Teicneolaíocht’ atá ‘riachtanach’ le haghaidh ‘forbairt’ agus ‘táirgeadh’ tráchtarraí atá faoi rialú X.A.VIII.014.

X.E.VIII.006 ‘Teicneolaíocht’ chun trealamh a rialaítear le X.A.VIII.017 ‘a fhorbairt’ nó ‘a tháirgeadh’ go heisiach.

Catagóir IX – Ábhair Speisialta agus Trealamh Gaolmhar

- X.A.IX.001 Oibreáin cheimiceacha, lena n-áirítear foirmliú deorgháis ina bhfuil cion 1 % nó níos lú d'ortaclóraibeansalmalónainítríl (CS), nó 1 % nó níos lú de chlóraicéitifeanón (CN), seachas i gcoimeádáin aonair ag a bhfuil glanmheáchan de 20 g nó níos lú; piobar leachtach ach amháin nuair atá sé pacáistithe i gcoimeádáin aonair ag a bhfuil glanmheáchan de 85,05 g nó níos lú; buamaí deataigh; bladhmanna deataigh neamhghreannacha, ceanastair, gránáidí agus lánáin; agus earraí piriteicniúla eile ag a bhfuil dé-úsáid mhíleata agus tráchtála, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.
- X.A.IX.002 Púdair, ruaimeanna, agus dúigh mhéarlorgaireachta.
- X.A.IX.003 Trealamh cosanta agus braite nach bhfuil saindeartha le haghaidh úsáid mhíleata agus nach rialaítear le 1A004 ná 2B351²⁴, mar a leanas (féach Liosta na nÍtimí a Rialaítear), agus comhpháirteanna nach bhfuil saindeartha le haghaidh úsáid mhíleata agus nach rialaítear le 1A004 ná 2B351 lena n-aghaidh:
- Dáileogmhéadair phearsanta chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht; nó
 - Trealamh atá teoranta de réir dearaidh nó feidhme chun cosaint a thabhairt in aghaidh guaiseacha a bhaineann go sonrach le tionscail shibhialta, amhail mianadóireacht, cairéalacht, talmhaíocht, cógaisíocht, míochaine, tréidliacht, comhshaol, bainistiú dramhaíola, nó don tionscal bia.

²⁴ Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

Nóta: Ní rialaítear le X.A.IX.003 ítimí le haghaidh cosaint in aghaidh oibreáin cheimiceacha nó bhitheolaíocha ar earraí tomhaltais iad, atá pacáistithe lena miondíol nó chun úsáide pearsanta, nó táirgí leighis, amhail lámhainní scrúdaithe laitéise, lámhainní máinliachta laitéise, gallúnach díghalráin leachtach, cultacha máinliachta indiúscartha, gúnaí máinliachta, clúdaigh cos máinliachta, agus maisc mháinliachta.

X.A.IX.004 Trealamh próiseála sonrach, cé is moite díobh sin a shonraítear in CML nó i Rialachán (AE) 2021/821, mar a leanas (féach Liosta na nEarraí Rialaithe):

- a. Trealamh braite, faireacháin agus tomhais radaíochta, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821; nó
- b. Trealamh braite radagrafaigh amhail tiontairí x-ghathanna, agus plátaí íomhánna fosfair stórála.


X.B.IX.001 Trealamh próiseála sonrach, cé is moite díobh sin a shonraítear in CML nó i Rialachán (AE) 2021/821, mar a leanas (féach Liosta na nEarraí Rialaithe):

- a. Cealla leictrealaíocha chun fluairín a tháirgeadh, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821;
- b. Luasaire cáithníní;
- c. Crua-earraí/córais rialaithe an phróisis thionsclaíoch atá deartha le haghaidh tionscail chumhachta, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821;
- d. Córais freon agus córais fuaraithe uisce fuaraithe a bhfuil ar a gcumas dleachtanna fuaraithe leanúnacha 29,3 kW/hr nó níos mó a dhéanamh; nó

- e. Trealamh chun comhchodaigh struchtúracha, snáithíní, réamhthuiltí agus réamhfhoirmeacha a tháirgeadh.

X.C.IX.001 Comhdhúile ar leithligh atá sainithe ó thaobh ceimice de, de réir Nóta 1 a ghabhann le Caibidlí 28 agus 29 den Ainmníocht Chomhcheangailte:


- a. I dtiúchan de 95 % de réir meáchain nó níos mó, mar a leanas:
1. Déchlóiríd eitiléine (CAS 107-06-2);
 2. Nítrimeatán (CAS 75-52-5);
 3. Aigéad picreach (CAS 88-89-1);
 4. Clóiríd amóiniam (CAS 7446-70-0);
 5. Arsanaic (CAS 7440-38-2);
 6. Trí-ocsaíd arsanaice (CAS 1327-53-3);
 7. Hidreaclóiríd bis(2-clóireitil)eitiolaimín (CAS 3590-07-6);
 8. Hidreaclóiríd bis(2-clóireitil)meitiolaimín (CAS 55-86-7);
 9. Hidreaclóiríd trios(2-clóireitil)aimín (CAS 817-09-4);
 10. Tríbhúitiolfóisfít (CAS 102-85-2);
 11. Isicianáitimeatán (CAS 624-83-9);


- 
12. Cuinaildín (CAS 91-63-4);
 13. 2-Brómaclóireatán (CAS 107-04-0);
 14. Beinsíl (CAS 134-81-6);
 15. Éitear dé-eitile (CAS 60-29-7);
 16. Éitear démheitile (CAS 115-10-6);
 17. Démheitiolaimíneatánól (CAS 108-01-0);
 18. 2-meatocsa-eatánól (CAS 109-86-4);
 19. Bútairiolcoilíneistearáis (BCHE);
 20. Dé-eitiléinríaimín (CAS 111-40-0);
 21. Déchlóraimeatán (CAS 75-09-2);
 22. Démheitiolanailín (CAS 121-69-7);
 23. Bróimíd eitile (CAS 74-96-4);
 24. Clóiríd eitile (CAS 75-00-3);
 25. Eitiolaimín (CAS 75-04-7);
 26. Heicsimín (CAS 100-97-0);

27. Iseaprópánól (CAS 67- 63-0);
28. Bróimíd iseapróipile (CAS 75-26-3);
29. Éitear iseapróipile (CAS 108-20-3);
30. Meitiolaimín (CAS 74-89-5);
31. Bróimíd mheitile (CAS 74-83-9);
32. Mona-iseapróipiolumín (CAS 75-31-0);
33. Clóiríd obadocsaíme (CAS 114-90-9);
34. Bróimíd photaisiam (CAS 7758-02-3);
35. Piridín (CAS 110-86-1);
36. Bróimíd phiridistigmíne (CAS 101-26-8);
37. Bróimíd sóidiam (CAS 7647-15-6);
38. Miotal sóidiam (CAS 7440-23-5);
39. Tríbhúitiolumín (CAS 102-82-9);
40. Trí-eitiolumín (CAS 121-44-8); nó
41. Trímheitiolumín (CAS 75-50-3).

b. I dtiúchan de 90 % de réir meáchain nó níos mó, mar a leanas:

1. Aicéatón (CAS 67-64-1);
2. Aicéitiléin (CAS 74-86-2);
3. Amóinia (CAS 7664-41-7);
4. Antamón (CAS 7440-36-0);
5. Beansaildéad (CAS 100-52-7);
6. Beansóin (CAS 119-53-9);
7. 1-Bútánól (CAS 71-36-3);
8. 2-Bútánól (CAS 78-92-2);
9. Isea-bútánól (CAS 78-83-1);
10. Treas-bútánól (CAS 75-65-0);
11. Cairbíd chailciam (CAS 75-20-7);
12. Aonocsaíd charbóin (CAS 630-08-0);
13. Clóirín (CAS 7782-50-5);
14. Cioglaiheicseanal (CAS 108-93-0);
15. Déchioglaiheicsiolaimín (CAS 101-83-7);



- 
16. Eatánól (CAS 64-17-5);
 17. Eitiléin (CAS 74-85-1);
 18. Ocsaíd eitiléine (CAS 75-21-8);
 19. Fluorapaitít (CAS 1306-05-4);
 20. Clóiríd hidrigine (CAS 7647-01-0);
 21. Suilfid hidrigine (CAS 7783-06-4);
 22. Aigéad almóinneach (CAS 90-64-2);
 23. Meatónól (CAS 67-56-1);
 24. Clóiríd mheitile (CAS 74-87-3);
 25. Iaidíd mheitile (CAS 74-88-4);
 26. Mearcaptan meitile (CAS 74-93-1);
 27. Mona-eitiléingliocól (CAS 107-21-1);
 28. Clóiríd ocsailile (CAS 79-37-8);
 29. Suilfid photaisiam (CAS 1312-73-8);
 30. Tiaicianáit photaisiam (CAS 333-20-0);
 31. Hipeaclóirít sóidiam (CAS 7681-52-9);

32. Sulfar (CAS 7704-34-9);
33. Dé-ocsaíd sulfair (CAS 7446-09-5);
34. Trí-ocsaíd sulfair (CAS 7446-11-9);
35. Clóiríd tiafosfairile (CAS 3982-91-0);
36. Foisfít trí-iseabúitile (CAS 1606-96-8);
37. Fosfar bán (CAS 12185-10-3);
38. Fosfar buí (CAS 7723-14-0);
39. Mearcair (CAS 7439-97-6);
40. Clóiríd bairiam (CAS 10361-37-2);
41. Aigéad sulfarach (CAS 7664-93-9);
42. 3,3-démheitle -1-búitéin (CAS 558-37-2);
43. 2,2-dhémheitealphrópánól (CAS 630-19-3);
44. 2,2-clóiríd dhémheitealphrópáile (CAS 753-89-9);
45. 2-Meitlebhúitéin (CAS 26760-64-5);
46. 2-clóra-3-meitlebhúitéin (CAS 631-65-2);
47. 2,3-démheitle -2.3-bútáindé (CAS 76-09-5);

48. 2-meitil-2-búitéin (CAS 513-35-9);
49. Búitéil litiam (CAS 109-72-8);
50. Brómai(meitil)maignéisiam (CAS 75-16-1);
51. Formaildéad (CAS 50--00-0);
52. Dé-eatánólaimín (CAS 111-42-2);
53. Dé-mheitil carbónáite (CAS 616-38-6);
54. Hidreaclóiríd meitildhé-eatánólaimín (CAS 54060-15--0);
55. Hidreaclóiríd dé-eitiolaimín (CAS 660-68-4);
56. Hidreaclóiríd dé-iseapróipiolaimín (CAS 819-79-4);
57. Hidreaclóiríd 3-cuinúicléanóin (CAS 1193-65-3);
58. Hidreaclóiríd 3-cuinúicléanóil (CAS 6238-13-7);
59. (R)-3- hidreaclóiríd ceithre-chlidianóin (CAS 42437-96-7);
60. Hidreaclóiríd N,N-dé-eitiolaimíneatánóil (CAS 14426-20-1);
61. Clórafosfáití dé-ailcile ($\leq C_{10}$);
62. Fluarafosfáití dé-ailcile ($\leq C_{10}$);
63. N,N-Meitoliseapróipolaicéataimidín (CAS 1339185-57-7);

64. N,N-Meitleitiolaicéataimidín (CAS 1339632-40-4);
65. N,N-Eitiliseapróipiolaicéataimidín (CAS 1339156-10-3);
66. N,N-Meitolpróipiolaicéataimidín (CAS 1344238-28-3);
67. N,N-Eitolpróipiolaicéataimidín (CAS 1339737-43-7);
68. N,N-Iseapróipiolpróipiolaicéataimidín (CAS 1341389-98-7);
69. N,N-Meitleitiolprópánaimidín (CAS 1339424-26-8);
70. N,N-Eitiliseapróipiolprópánaimidín (CAS 1344354-09-1);
71. N,N-Meitolpróipiolprópánaimidín (CAS 1340216-25-2);
72. N,N-Eitolpróipiolprópánaimidín (CAS 1341493-60-4);
73. N,N-Iseapróipiolpróipiolprópánaimidín (CAS 1343225-93-3);
74. N,N-Meitoliseapróipiolprópánaimidín (CAS 1339042-55-5);
75. N,N-Meitleitiolbútánaimidín (CAS 1341049-51-1);
76. N,N-Meitolpróipiolbútánaimidín (CAS 1343721-02-7);
77. N,N-Eitolpróipiolbútánaimidín (CAS 1343806-12-1);
78. N,N-Iseapróipiolpróipiolbútánaimidín (CAS 1343316-02-8);

79. N,N-Meitioliseapróipiobútánaimeidín (CAS 1340219-94-4);
80. N,N-Eitioliseapróipiobútánaimeidín (CAS 1342204-10-7);
81. N,N-Meitleitiliseabútánaimeidín (CAS 1342365-47-2);
82. N,N-Eitiolpróipiliseabútánaimeidín (CAS 1342566-58-8);
83. N,N-Meitiolpróipiliseabútánaimeidín (CAS 1342270-21-6);
84. N,N-Iseapróipiobpróipiliseabútánaimeidín (CAS 1342156-11-9);
85. N,N-Meitioliseapróipiliseabútánaimeidín (CAS 1341992-96-8);
86. N,N-Eitiliseapróipiliseabútánaimeidín (CAS 1339048-76-8);
87. Hidreabróimíd N,N-démheitiolaicéataimeidín (CAS 1801188-12-4);
88. Hidreacloiríd N,N-démheitiolaicéataimeidín (CAS 2909-15-1);
89. Hidreacloiríd N,N-dé-eitiolaicéataimeidín (CAS 91400-32-7);
90. Hidreabróimíd N,N-dé-eitiolaicéataimeidín (CAS 78053-54-0);
91. Déhidreacloiríd N,N-démheitiolprópánaimeidín (CAS 79972-73-9); nó
92. Hidreacloiríd N,N-démheitiolprópánaimeidín (CAS 56776-15-9); nó
93. Clóraform (CAS 67-66-3).

X.C.IX.002 Feantáinil agus a cuid díorthach Ailfeantáinil, Sufantainil, Reimifeantáinil, Cairfeantáinil, agus a gcuid salann.

Nóta: Ní rialaítear le X.C.IX.002 táirgí a aithnítear mar earraí tomhaltais atá pacáistithe lena miondíol chun úsáide pearsanta nó atá pacáistithe chun úsáid an duine aonair.

X.C.IX.003 Réamhtheachtaithe ceimiceacha de chuid ceimiceáin a ghníomhaíonn ar lárchóras na néaróg, mar a leanas:

- a. 4-Anailín-N-feineitilpipiridín (CAS 21409-26-7); nó
- b. N-Feineitil-4-pipiriodón (CAS 39742-60-4).

Nótaí:

1. Ní rialaítear le X.C.IX.003 ‘meascáin cheimiceacha’ ina bhfuil ceann amháin nó níos mó de na ceimiceáin atá sonraithe in iontrálacha X.C.IX.003 nach mó ná 1 % de réir mheáchan an mheascáin aon cheimiceán ar leith atá sonraithe.
2. Ní rialaítear le X.C.IX.003 táirgí a aithnítear mar earraí tomhaltais atá pacáistithe lena miondíol chun úsáide pearsanta nó atá pacáistithe chun úsáid an duine aonair.

X.C.IX.004 Ábhair shnáithíneacha nó fhiliméadacha, nach rialaítear le 1C010 ná 1C210²⁵, le haghaidh úsáid i struchtúir ‘chomhchodacha’ agus ag a bhfuil modal sonrach de $3,18 \times 10^6$ m nó níos mó agus ag a bhfuil neart teanntachta sonrach de $7,62 \times 10^4$ m nó níos mó.

²⁵ Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821.

X.C.IX.005 ‘Vacsainí’, ‘imdhíon-tocsainí’, ‘táirgí leighis’, ‘fearais dhiagnóiseacha agus tástála bia’, mar a leanas (féach Liosta na nÍtimí a Rialaítear):

- a. ‘Vacsainí’ ina bhfuil ítimí a rialaítear le 1C351, 1C353 nó 1C354 nó atá deartha lena n-úsáid in aghaidh ítimí a rialaítear le 1C351, 1C353 nó 1C354;
- b. ‘Imdhíon-tocsainí’ ina bhfuil ítimí a rialaítear le 1C351.d; nó
- c. ‘Táirgí leighis’ ina bhfuil aon cheann díobh seo a leanas:
 1. ‘Tocsainí’ a rialaítear le 1C351.d (seachas tocsainí botalanaim a rialaítear le 1C351.d.1, conatocsainí a rialaítear le 1C351.d.3, nó ítimí a rialaítear le haghaidh cúiseanna cogaíochta ceimiceacha faoi 1C351.d.4 nó.d.5); nó
 2. Orgánaigh ghéinmhodhnaithe nó dúile géiniteacha a rialaítear le 1C353.a.3 (seachas iad siúd ina bhfuil tocsainí botalanaim nó ina bhfuil cód le haghaidh tocsainí botalanaim a rialaítear le 1C351.d.1 nó conatocsainí a rialaítear le 1C351.d.3);
- d. ‘Táirgí leighis’ nach rialaítear le X.C.IX.005.c ina bhfuil aon cheann díobh seo a leanas:
 1. Tocsainí botalanaim a rialaítear le 1C351.d.1;
 2. Conatocsainí a rialaítear le 1C351.d.3; nó
 3. Orgánaigh ghéinmhodhnaithe nó dúile géiniteacha a rialaítear le 1C353.a.3 ina bhfuil tocsainí botalanaim nó ina bhfuil cód le haghaidh tocsainí botalanaim a rialaítear le 1C351.d.1 nó conatocsainí a rialaítear le 1C351.d.3; nó

- e. 'Feistis dhiagnóiseacha agus tástála bia' ina bhfuil ítimí a rialaítear le 1C351.d (seachas ítimí a rialaítear le haghaidh cúiseanna cogaithe ceimiceacha faoi 1C351.d.4 nó.d.5).

Nótaí Teicniúla:

1. *Is éard is 'táirgí leighis' ann: (1) foirmilthe cógaisíochta atá deartha le haghaidh tástáil agus riar daoine (nó tréidliachta) i gcóireáil fadhbanna sláinte, (2) réamhphacáistithe lena ndáileadh mar tháirgí cliniciúla nó leighis, agus (3) arna bhformheas ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) lena gcur ar an margadh mar tháirgí cliniciúla nó leighis nó lena n-úsáid mar thaighde ar dhrugaí nua.*
2. *Déantar 'fearais dhiagnóiseacha agus tástála bia' a fhorbairt, a phacáistiú agus a mhargú go sonrach chun críocha diagnóiseacha nó sláinte poiblí. Tocsainí bitheolaíocha in aon chumraíocht eile, lena n-áirítear bulc-lastais, nó le haghaidh úsáidí deiridh eile, rialaítear iad le 1C351.*

X.C.IX.006 Lánáin agus gairis tráchtála ina bhfuil ábhair fuinneamhachais, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, agus trífhlúairíd nítrigine i staid ghásach (féach Liosta na nÍtimí a Rialaítear):

- a. Lánáin mhúnlaithe atá saindeartha le haghaidh oibríochtaí toibreacha ola, trí úsáid a bhaint as lánán amháin a fheidhmíonn ar feadh ais aonair, a tháirgeann poll tráth an mhadhmtha, agus
 1. Ina bhfuil aon fhoirmliú de 'ábhair rialaithe';
 2. Nach bhfuil ach líneáil chónúil ar chruth aonfhoirmeach acu, ina bhfuil uillinn eatarthu de 90 céim nó níos lú;

3. Ina bhfuil níos mó ná 0,010 kg, ach níos lú ná nó cothrom le 0,090 kg de ‘ábhair rialaithe’; agus
4. Ina bhfuil trastomhas nach mó ná 114,3 cm;
- b. Lánáin mhúnlaithe atá saindeartha le haghaidh oibríochtaí toibreacha ola ina bhfuil níos lú ná nó cothrom le 0,010 kg de ‘ábhair rialaithe’;
- c. Corda madhmtha nó feadáin turrainge ina bhfuil níos lú ná nó cothrom le 0,064 kg/m de ‘ábhair rialaithe’;
- d. Feistí cumhachta cartúis ina bhfuil níos lú ná nó cothrom le 0,70 kg de ‘ábhair rialaithe’ san ábhar grodloisthe;
- e. Maidhmitheoirí (leictreacha nó neamhleictreacha) agus cóimeálacha díobh, ina bhfuil níos lú ná nó cothrom le 0.01 kg de ‘ábhair rialaithe’;
- f. Adhainteoirí, ina bhfuil níos lú ná nó cothrom le 0.01 kg de ‘ábhair rialaithe’;
- g. Cartúis toibreacha ola, ina bhfuil níos lú ná 0,015 kg de ‘ábhair ábhair fuinneamhachais rialaithe’ nó méid atá cothrom leis sin;
- h. Treiseoirí teilgte nó brúite tráchtála ina bhfuil níos lú ná 1,0 kg de ‘ábhair rialaithe’ nó méid atá cothrom leis sin;
- i. Sciodair agus eibleachtaí réamhdhéanta tráchtála ina bhfuil níos lú ná 10,0 kg, nó méid atá cothrom leis sin, agus níos lú ná 35 % de réir meáchain, nó méid atá cothrom leis sin, de ‘ábhair rialaithe’ ML8;

- j. Gearrthóirí agus uirlisí gearrtha ina bhfuil níos lú ná 3,5 kg de ‘ábhair rialaithe’, nó méid atá cothrom leis sin;
- k. Feistí piriteicniúla nuair atá siad deartha go heisiach chun críoch tráchtála (e.g. stáitsí amharclainne, éifeachtaí speisialta léirithe scannán, agus taispeántais tinte ealaíne) agus ina bhfuil níos lú ná 3,0 kg de ‘ábhair rialaithe’, nó méid atá cothrom leis sin;
- l. Feistí agus lánáin phléascacha tráchtála eile nach rialaítear le X.C.IX.006.a go.k ina bhfuil níos lú ná 1,0 kg de ‘ábhair rialaithe’, nó méid atá cothrom leis sin; nó

Nóta: Áirítear le X.C.IX.006.1 gairis sábháilteachta mótarfheithiclí; córais mhúchta; cartúis le haghaidh gunnaí seamaithe; muirir phléascacha le haghaidh oibríochtaí talmhaíochta, ola agus gáis, earraí spóirt, mianadóireacht tráchtála, nó chun críocha oibreacha poiblí; agus feadáin mhoille a úsáidtear i gcóimeáil feistí pléascacha tráchtála.

- m. Trífhluairíd nítrigine (NF₃) i staid ghásach.

Nótaí:

- 1. Ciallaíonn ‘ábhair rialaithe’ ábhair fuinneamhachais rialaithe (féach IC011, IC111, IC239 nó ML8).
- 2. Rialaítear trífhluairíd nítrigine, nuair nach bhfuil sí i staid ghásach, faoi ML8.d ag an LCM.

X.C.IX.007 Meascáin nach rialaítear le 1C350 nó 1C450²⁶ ina bhfuil ceimiceáin a rialaítear le 1C350 nó 1C450 agus fearais leighis, anailiseacha, dhiagnóiseacha agus tástála bia nach rialaítear le 1C350 nó 1C450 ina bhfuil ceimiceáin a rialaítear le 1C350, mar a leanas (féach Liosta na nÍtimí a Rialaítear):

- a. Meascáin ina bhfuil na tiúchain seo a leanas de cheimiceáin réamhtheachtacha a rialaítear le 1C350:
 1. Meascáin ina bhfuil 10 % nó níos lú, de réir meáchain, d'aon cheimiceán aonair i Sceideal 2 de CWC a rialaítear le 1C350;
 2. Meascáin ina bhfuil níos lú ná 30 %, de réir meáchain, díobh seo a leanas:
 - a. Aon cheimiceán aonair i Sceideal 3 de CWC a rialaítear le 1C350; nó
 - b. Aon cheimiceán réamhtheachtach aonair, nach ceimiceach CWC é, a rialaítear le 1C350;
- b. Meascáin ina bhfuil na tiúchain seo a leanas de cheimiceáin thocsaineacha nó réamhtheachtacha a rialaítear le 1C450:
 1. Meascáin ina bhfuil na tiúchain seo a leanas de cheimiceáin i Sceideal 2 de CWC a rialaítear le 1C450:
 - a. Meascáin ina bhfuil 1 % nó níos lú, de réir meáchain, d'aon cheimiceán aonair i Sceideal 2 de CWC a rialaítear le 1C450.a.1 agus a.2 (i.e. meascáin ina bhfuil Amiton nó PFIB); nó

²⁶ Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821.

- b. Meascáin ina bhfuil 10 % nó níos lú, de réir meáchain, d'aon cheimiceán aonair i Sceideal 2 de CWC a rialaítear le 1C450.b.1, b.2, b.3, b.4, b.5, nó b.6;
2. Meascáin ina bhfuil níos lú ná 30 %, de réir meáchain, d'aon cheimiceán aonair i Sceideal 3 de CWC a rialaítear le 1C450.a.4, a.5., a.6., a.7, nó 1C450.b.8;
- c. 'Fearais leighis, anailíseacha, dhiagnóiseacha agus tástála bia' ina bhfuil ceimiceáin réamhtheachtacha a rialaítear le 1C350 i méid nach mó ná 300 gram in aghaidh an cheimiceáin.

Nóta Teicniúil:

Chun críoch na hiontrála seo, is éard is 'fearais leighis, anailíseacha, dhiagnóiseacha agus tástála bia' ann ábhair réamhphacáistithe de chomhdhéanamh sainithe a fhorbraítear, a phacáistítear agus a mhargaítear go sonrach chun críocha leighis, anailíseacha, diagnóiseacha nó sláinte poiblí. Maidir le himoibreáin athsholáthair le haghaidh na bhfearas leighis, anailíseach, diagnóiseach agus tástála bia a dtugtar tuairisc orthu in X.C.IX.007.c, rialaítear iad le 1C350 má tá ar a laghad ceann amháin de na ceimiceáin réamhtheachtacha a shainaithnítear san iontráil sin i dtiúchain arb ionann iad agus na leibhéil rialaithe do mheascáin a shonraítear in 1C350 nó ar mó iad ná sin.

X.C.IX.008 Substaintí polaiméireacha neamhfhluaírithe, nach rialaítear le 1C008²⁷, mar a leanas (féach Liosta na nÍtimí a Rialaítear):

- a. Céatón éitir pholairléineacha, mar a leanas:
 - 1. Céatón éitir poiléitir (PEEK);
 - 2. Céatón céatóin poiléitir (PEKK);
 - 3. Céatón poiléitir (PEK); nó
 - 4. Céatón céatóin éitir céatóin poiléitir (PEKEKK);
- b. Ní úsáidtear.

X.C.IX.009 Ábhair shonracha, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, mar a leanas (féach Liosta na nÍtimí a Rialaítear):

- a. Cruach chruaite agus imthacaí gránacha beachtais cairbíde tungstain (trastomhas de 3 mm nó níos mó);
- b. pláta cruach dosmálta 304 agus 316, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821;
- c. Pláta Monal;
- d. Fosfáit tríbhúitile (CAS 126-73-8);

²⁷ Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

- e. Aigéad nítreach (CAS 7697-37-2) i dtiúchain de 20 % de réir meáchain nó níos mó;
- f. Fluairín (CAS 7782-41-4); nó
- g. Radanúiclídí alfa-astaitheacha, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.

X.C.IX.010 Polaimídí aramatacha (araimíd) nach rialaítear le 1C010, 1C210 nó X.C.IX.004, a chuirtear i láthair in aon cheann de na foirmeacha seo a leanas (féach Liosta na nÍtimí a Rialaítear):

- a. Foirmeacha príomhúla;
- b. Snáth filiméid nó aonfhiliméid;
- c. Barraigh filiméid;
- d. Caisirníní;
- e. Snáithíní stáplacha nó mionghearrtha;
- f. Fabraicí;
- g. Laíon nó flocais.

X.C.IX.011 Nana-ábhair mar a leanas (féach Liosta na nÍtimí a Rialaítear):

- a. Nana-ábhair leathsheoltóra;
- b. Nana-ábhair chomhchodacha-bhunaithe; nó

c. Aon cheann de na nana-ábhair charbónbhunaithe seo a leanas:

1. Nanafheadáin charbóin;
2. Nanashnáithíní carbóin;
3. Fullairéiní;
4. Graiféiní; nó
5. Oinniúin charbóin.

Nótaí: Chun críoch X.C.IX.011, ciallaíonn nana-ábhar ábhar a chomhlíonann ceann amháin ar a laghad de na critéir seo a leanas:

1. *Tá sé comhdhéanta de cháithníní ag a bhfuil toise seachtrach amháin nó níos mó sa raon méide 1 - 100 nm le haghaidh níos mó ná 1 % dá líon méid-dáileacháin;*
2. *Tá struchtúir inmheánacha nó dromchla aige ag a bhfuil toise amháin nó níos mó sa raon méide 1 – 100 nm; nó*
3. *Tá achar dromchla sonrach aige, de réir toirte, atá níos mó ná 60 m²/cm³, seachas ábhair atá comhdhéanta de cháithníní ag a bhfuil méid ar lú í ná 1 nm.*

X.C.IX.012 Miotail agus comhdhúil tearc-chré, bídis i bhfoirm orgánach nó ná bíodh, lena n-áirítear meascáin, bídis idirmheasctha nó idir-chóimhiotalaithe nó ná bídis.

Nóta 1: Áirítear ar mhiotail agus comhdhúil tearc-chré Scaindiam, Itriam, Lantanam, Ceiriam, Praiséidimiam, Neoidimiam, Próiméitiam, Samairiam, Eoraipiam, Gadailiniam, Teirbiam, Diospróisiam, Hoilmiam, Eirbiam, Túiliam, Itéirbiam agus Lúitéitiam;

Nóta 2: Chun críoch rialú X.C.IX.012, eisiatar mianraí ina bhfuil miotail tearc-chré;

Nóta 3: Le X.C.IX.012 ní rialaítear meascáin nach bhfuil aon mhiotal nó aon chomhdhúil a shonraítear san iontráil sin ina chion níos mó ná 5 % de réir mheáchan an mheascáin.

X.C.IX.013 Tungstan, cairbíd tungstain agus cóimhiotail, nach rialaítear le 1C117 ná 1C226²⁸, a bhfuil níos mó ná 90 % tungstain de réir meáchain iontu.

Nóta 1: Chun críoch rialú X.C.IX.013, eisiatar sreang;

Nóta 2: Chun críoch rialú X.C.IX.013, eisiatar ionstraimí máinlíochta nó leighis.

X.C.IX.014 Litiam agus comhdhúile litiam, mar a leanas:

- a. Litiam (CAS 7439-93-2);
- b. Carbónáit litiam (CAS 554-13-2);
- c. Hiodrocsaíd litiam (CAS 1310-65-2 agus CAS 1310-66-3);

²⁸ Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

- d. Ocsaíd litiam (CAS 12057-24-8);
- e. Ocsaíd chóbailt litiam (CAS 12190-79-3);
- f. Fosfáit iarainn litiam (CAS 15365-14-7);
- g. Ocsaíd mhangainéise litiam (CAS 12057-17-9);
- h. Ocsaíd chóbailt mhangainéise nicile litiam (CAS 346417-97-8); nó
- i. Tionánáit litiam (CAS 12031-82-2).

X.C.IX.015 Poileitiléin Meáchain Mhóilínigh Ultra-Aird (UHMWPE), nach rialaítear le 1C010 nó 1C210²⁹, a chuirtear i láthair in aon cheann de na foirmeacha seo a leanas:

- a. Foirmeacha príomhúla;
- b. Snáth filiméid nó aonfhiliméid;
- c. Barraigh filiméid;
- d. Caisirníní;
- e. Snáithíní stáplacha nó mionghearrtha;
- f. Fabraicí;
- g. Laíon nó flocais.

²⁹ Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

- X.D.IX.001 ‘Bogearraí’ sonracha, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, mar a leanas (féach Liosta na nÍtimí a Rialaítear):
- a. ‘Bogearraí’ atá saindeartha le haghaidh chrua-earraí/chórais rialaithe an phróisis thionsclaíoch a rialaítear le X.B.IX.001, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821; nó
 - b. ‘Bogearraí’ atá saindeartha le haghaidh trealamh chun comhchodaigh struchtúracha, snáithíní, réamhthuiltí agus réamhfhoirmeacha a rialaítear le X.B.IX.001 a tháirgeadh, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.
- X.E.IX.001 ‘Teicneolaíocht’ chun ábhair shnáithíneacha agus fhiliméadacha a rialaítear le X.C.IX.004 agus X.C.IX.010 ‘a fhorbairt’, ‘a tháirgeadh’ nó ‘a úsáid’.
- X.E.IX.002 ‘Teicneolaíocht’ chun nana-ábhair a rialaítear le X.C.IX.011 ‘a fhorbairt’, ‘a tháirgeadh’ nó ‘a úsáid’.

Catagóir X – Próiseáil ar Ábhair

- X.A.X.001 Trealamh braite pléascán nó maidhmitheoirí, bunaithe ar bhulc agus ar rian araon, ina bhfuil gaireas uathoibrithe, nó teaghlaim de ghairis le haghaidh cinnteoireacht uathoibrithe chun a bhrath an bhfuil cineálacha éagsúla pléascán, iarmhar pléascach nó maidhmitheoirí ann; agus comhpháirteanna, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821:
- a. Trealamh braite pléascán le haghaidh ‘cinnteoireacht uathoibrithe’ chun bulcphléascáin a bhrath agus a shainaithint trí úsáid a bhaint as teicnící X-gha (e.g. tomagrafaíocht ríofa, fuinneamh déach, nó scaipeadh comhleanúnach), teicnící núicléacha (e.g., anailís ar neodrón teirmeach, anailís ar mearneodrón bíge, speictreascópacht tarchurtha mearneodróin bíge, agus ionsú athshondais gáma), nó teicnící leictreamaighnéadacha (e.g. athshondas ceathairpholach agus tréleictriméadracht), ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin;
 - b. Ní úsáidtear;
 - c. Trealamh braite maidhmitheoirí le haghaidh cinnteoireacht uathoibrithe chun gairis tionscanta a bhrath agus a shainaithint (e.g. maidhmitheoirí, caipíní pléasctha) trí úsáid a bhaint as teicnící X-gha (e.g. fuinneamh déach nó tomagrafaíocht ríofa) nó as teicnící leictreamaighnéadacha, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin.

Nóta: Áirítear le trealamh braite pléascán nó maidhmtha in X.A.X.001 trealamh chun daoine, doiciméid, bagáiste, earraí pearsanta eile, lasta agus/nó post a scagadh.

Nótaí Teicniúla:

1. *Is éard atá i gceist le ‘cinnteoireacht uathoibrithe’ cumas an trealamh pléascáin nó maidhmitheoirí a bhrath ar an leibhéal iogaireachta arna roghnú le linn an deartha nó ag an oibreoir agus aláram uathoibrithe a sholáthar nuair a bhraitear pléascáin nó maidhmitheoirí ag an leibhéal iogaireachta nó os a chionn.*
2. *Ní rialaítear leis an iontráil seo trealamh atá ag brath ar léirmhíniú an oibreora ar tháscairí amhail mapáil datha neamhorgánach/orgánach na n-ítimí atá á scanadh.*
3. *Áirítear le pléascáin agus maidhmitheoirí lánáin agus gairis tráchtála a rialaítear le X.C.VIII.004 agus X.C.IX.006 agus ábhair fuinneamhachais a rialaítear le 1C011, 1C111 agus 1C239³⁰.*

X.A.X.002 Trealamh braite nithe ceilte a oibríonn sa raon minicíochta ó 30 GHz go 3 000 GHz agus ag a bhfuil taifeach spásúil de 0.1 mrad (millearaidian) suas go dtí 1 mrad (millearaidian) agus an taifeach sin san áireamh, ag achar scóipe de 100 m; agus comhpháirteanna, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.

Nóta: *Áirítear le trealamh braite nithe ceilte trealamh chun daoine, doiciméid, bagáiste, earraí pearsanta eile, lasta agus/nó post a scagadh, ach gan a bheith teoranta don mhéid sin.*

Nóta Teicniúil:

Is éard atá i gceist le raon na minicíochtaí an raon a mheastar de ghnáth mar na réigiúin minicíochtaí toinne milliméadair, toinne fo-mhilliméadair agus teiriheirts.

³⁰ Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

X.A.X.003 Imthacaí agus córais imthacaí nach rialaítear le 2A001 (féach Liosta na nÍtimí a Rialaítear):

- a. Imthacaí gránacha nó imthacaí gránacha soladacha, ag a bhfuil lamháltais atá sonraithe ag an monaróir i gcomhréir le ABEC 7, ABEC 7P, nó ABEC 7T nó Aicme 4 de Chaighdeán ISO nó níos fearr (nó a gcoibhéisí) agus ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe seo a leanas:
 1. Monaraítear iad lena n-úsáid ag teochtaí oibriúcháin atá os cionn 573 K (300° C) trí ábhair speisialta a úsáid nó trí theaschóireáil speisialta; nó
 2. Tá eilimintí bealaithe nó modhnuithe comhpháirteanna acu atá saindeartha, de réir shonraíochtaí an mhonaróra, chun go mbeidh na himthacaí in ann oibriú ag luasanna ar mó iad ná 2.3 milliún ‘DN’;
- b. Imthacaí rollacha barrchaolaithe soladacha, ag a bhfuil lamháltais atá sonraithe ag an monaróir i gcomhréir le hAicme 00 (orlach) nó Aicme A (méadrach) ANSI/AFBMA nó níos fearr (nó a gcoibhéisí) agus ag a bhfuil ceachtar de na saintréithe seo a leanas:
 1. Tá eilimintí bealaithe nó modhnuithe comhpháirteanna acu atá saindeartha, de réir shonraíochtaí an mhonaróra, chun go mbeidh na himthacaí in ann oibriú ag luasanna ar mó iad ná 2.3 milliún ‘DN’; nó
 2. Monaraítear iad lena n-úsáid ag teochtaí oibriúcháin faoi bhun 219 K (– 54 °C) nó os cionn 423 K (150° C);

- c. Imthaca scragail gásbhealaithe a mhonaraítear lena n-úsáid ag teochtaí oibriúcháin de 561 K (288° C) nó níos airde agus ag a bhfuil acmhainn aonadlasta ar mó í ná 1 MPa;
- d. Córais imthacaí mhaighnéadacha ghníomhacha;
- e. Imthacaí féinailínithe fabraicléineáilte nó imthacaí sleamhnáin siurnail fabraicléineáilte a mhonaraítear lena n-úsáid ag teochtaí oibriúcháin faoi bhun 219 K (– 54 °C) nó os cionn 423 K (150° C).

Nótaí Teicniúla:

- 1. *Is toradh é 'DN' ar thrastomhas cró an imthaca in mm agus ar threoluas rothlach an imthaca in rpm.*
- 2. *Áirítear le teochtaí oibriúcháin na teochtaí sin a fhaightear nuair a stopann inneall gástuirbín tar éis oibriú.*

X.A.X.004 Píobánra, feistis agus comhlaí atá déanta as cóimhiotal copair-nicile dosmálta nó as cruach cóimhiotail eile, nó léineáilte leo, ina bhfuil 10 % nó níos mó de nicil agus/nó de chróimiam:

- a. Brúfheadán, píopa agus feistis ag a bhfuil trastomhas inmheánach arb ionann é agus 200 mm nó ar mó é ná sin, agus atá oiriúnach chun oibriú ag brúnna de 3.4 MPa nó níos mó;
- b. Comhlaí píopa ar fíor ina leith na saintréithe uile seo a leanas nach rialaítear le 2B350.g³¹:
 - 1. Tá cónasc píopamhéide acu ag a bhfuil trastomhas inmheánach arb ionann é agus 200 mm nó ar mó é ná sin; agus

³¹ Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821.

2. Tá siad rátaíthe ag 10.3 MPa nó níos mó.

Nótaí:

1. Féach X.D.X.005 le haghaidh bogearraí le haghaidh ítimí a rialaítear faoin iontráil seo.
2. Féach 2E001 ('forbairt'), 2E002 ('táirgeadh'), agus X.E.X.003 ('úsáid') le haghaidh teicneolaíocht le haghaidh ítimí a rialaítear faoin iontráil seo.
3. Féach rialuithe gaolmhara 2A226, 2B350 agus X.B.X.010.

X.A.X.005 Caidéil atá deartha chun miotail leáite a bhogadh le fórsaí leictreamaighnéadacha.

Nótaí:

1. Féach X.D.X.005 le haghaidh bogearraí le haghaidh ítimí a rialaítear faoin iontráil seo.
2. Féach 2E001 ('forbairt'), 2E002 ('táirgeadh'), agus X.E.X.003 ('úsáid') le haghaidh teicneolaíocht le haghaidh ítimí a rialaítear faoin iontráil seo.
3. Caidéil lena n-úsáid in imoibreoirí leachtmhiotail fuaraithe, rialaítear iad le 0A001.

X.A.X.006 'Gineadóirí leictreacha iniompartha' agus comhpháirteanna atá saindeartha.

Nóta Teicniúil:

'Gineadóirí leictreacha iniompartha' — Tá na gineadóirí atá in X.A.X.006 iniompartha – 2 268 kg nó níos lú ar rothaí nó inaistrithe i dtrucail 2,5 tona gan ceanglas socraithe speisialta.

X.A.X.007 Trealamh próiseála sonrach, cé is moite díobh sin a shonraítear in CML nó i Rialachán (AE) 2021/821, mar a leanas (féach Liosta na nEarraí Rialaithe):

- a. Comhlaí séalaithe boilg;
- b. Ní úsáidtear.

X.B.X.001 ‘Imoibreoirí sreafa leanúnaigh’ agus a ‘gcomhpháirteanna modúlacha’.

Nótaí Teicniúla:

1. *Chun críocha X.B.X.001, is éard atá in ‘imoibreoirí sreafa leanúnaigh’ córais mhearshuiteála ina mbíonn imoibreáin á gcur isteach san imoibreoir go leanúnach agus ina mbailítear an táirge a bhíonn mar thoradh air sin ag an asraon.*
2. *Chun críocha X.B.X.001, is éard atá i ‘gcomhpháirteanna modúlacha’ modúil sreabhacha, caidél leachta, comhlaí, modúil túir phacáilte, modúil mheasctha, brúthomhsairí, deighilteoirí leachta-leachta, etc.*

X.B.X.002 Cóimeálaithe agus sintéiseoirí aigéid núicléasaigh nach rialaítear le 2B352.i, atá uathoibrithe go páirteach nó go hiomlán, agus atá deartha chun aigéid núicléasacha ar mó iad ná 50 bun a ghiniúint.

X.B.X.003 Sintéiseoirí peiptíde uathoibrithe atá ábalta oibriú faoi dhálaí atmaisféir rialaithe.

X.B.X.004 Aonaid rialaithe uimhriúil le haghaidh meaisín-uirlisí agus meaisín-uirlisí ‘a rialaítear go huimhriúil’, cé is moite díobh siúd a shonraítear in CML nó i Rialachán (AE) 2021/821 (féach an Liosta Ítimí Rialaithe):

a. Aonaid ‘rialaithe uimhriúil’ do mheaisín-uirlisí:

1. Ceithre ais idirshuíomhacha ar féidir iad a chomhordú go comhuaineach don rialú comhrianaithe; nó
2. Tá dhá cheann nó níos mó d’aiseanna idirshuíomhacha acu ar féidir iad a chomhordú go comhuaineach don rialú comhrianaithe agus tá incrimint íosta in-ríomhchláraithe acu ar fearr (ar lú) í ná 0,001 mm;
3. Aonaid ‘rialaithe uimhriúil’ le haghaidh meaisín-uirlisí ag a bhfuil dhá ais, trí ais nó ceithre ais idirshuíomhacha ar féidir iad a chomhordú go comhuaineach don rialú comhrianaithe, agus iad in ann sonraí dearaidh ríomhchuidithe (DRC) a fháil go díreach (ar líne) agus a phróiseáil le haghaidh teoracha meaisín a ullmhú go himmheánach; nó

b. Cláir rialaithe gluaisne atá saindeartha do mheaisín-uirlisí agus ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:

1. Idirshuíomh i níos mó ná ceithre ais;

2. An cumas próiseáil fíor-ama a dhéanamh ar shonraí chun conair na huirlise, an ráta fothaithe agus sonraí fearsaidí a mhodhnú, le linn na hoibríochta meaisínithe, trí aon cheann díobh seo a leanas:
 - a. Ríomh agus modhnú uathoibríoch sonraí páirtchláir le haghaidh meaisínithe in dhá cheann nó níos mó d'aiseanna trí bhíthin timthrialta tomhais agus rochtain ar shonraí foinseacha; nó
 - b. Rialú oiriúnaitheach ag a bhfuil níos mó ná athróg fhisiceach amháin arna tomhas agus arna próiseáil le samhail ríomhaireachta (straitéis) chun ceann amháin nó níos mó de na teoracha meaisínithe a athrú chun an próiseas a bharrfheabhsú; nó
 3. An cumas sonraí DRC a fháil agus a phróiseáil chun teoracha meaisín a ullmhú go hinmheánach;
- c. Meaisín-uirlisí 'rialaithe uimhriúil' ar féidir iad a fheistiú, de réir shonraíochtaí teicniúla an mhonaróra, le feistí leictreonacha chun comhrianú comhuaineach a rialú in dhá cheann nó níos mó d'aiseanna agus a bhfuil an dá shaintréith seo a leanas acu:
1. Dhá cheann d'aiseanna nó níos mó ná sin ar féidir iad a chomhordú go comhuaineach don rialú comhrianaithe; agus
 2. Cruinnis aimsithe suímh de réir ISO 230/2 (2006), agus gach cúiteamh ar fáil:
 - a. Níos fearr ná 15 µm ar feadh aon ais líneach (suí ar an iomlán) le haghaidh meaisíní meilte;

- b. Níos fearr ná 15 μm ar feadh aon ais líneach (suí ar an iomlán) le haghaidh meaisíní muilleála; nó
- c. Níos fearr ná 15 μm ar feadh aon ais líneach (suí ar an iomlán) le haghaidh meaisíní deilte; nó
- d. Meaisín-uirlisí, mar a leanas, chun miotail, ceirmigh nó comhchodaigh a bhaint nó a ghearradh, ar féidir, de réir shonraíochtaí teicniúla an mhonaróra, feistí leictreonacha a fheistiú orthu le haghaidh comhrianú comhuaineach a rialú in dhá cheann nó níos mó d'aiseanna:
 - 1. Meaisín-uirlisí deilte, meilte, muilleála nó aon chomhcheangal díobh sin, a bhfuil dhá cheann nó níos mó d'aiseanna acu ar féidir iad a chomhordú go comhuaineach chun comhrianú a rialú agus ar fíor ina leith aon cheann de na saintréithe seo a leanas:
 - a. 'Fearsaid claoine' amháin nó níos mó ná sin;

Nóta: Ní bhaineann X.B.X.004.d.1.a. ach le meaisín-uirlisí meilte nó muilleála amháin.
 - b. 'Ceamáil' (díláithriú aise) in aon rothlú amháin den fhearsaid ar lú (níos fearr) é ná léamh táscaire iomlán (TIR) 0.0006 mm;

Nóta: Ní bhaineann X.B.X.004.d.1.b. ach le meaisín-uirlisí deilte amháin.

- c. ‘Díláithriú gathach’ in aon rothlú amháin den fhearsaid ar lú (níos fearr) é ná léamh táscaire iomlán (TIR) 0.0006 mm; nó
 - d. Tá na ‘cruinnis aimsithe suímh’, agus gach cúiteamh atá ar fáil, níos lú (níos fearr) ná: 0,001° ar aon ais rothlach;
2. Meaisíní díluchtaithe leictreacha (EDM) den chineál fotha sreinge a bhfuil cúig ais nó níos mó acu ar féidir iad a chomhordú go comhuaineach le haghaidh rialú comhrianaithe.

X.B.X.005 Meaisín-uirlisí ‘nach rialaítear go huimhriúil’ le haghaidh dromchlaí ardchaighdeáin optúla a ghiniúint, (féach Liosta na nÍtimí Rialaithe) agus comhpháirteanna a dheartar go speisialta ina leith:

- a. Meaisíní deilte lena n-úsáidtear uirlis gearrtha aonphointe agus ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas:
 - 1. Tá cruinneas aimsithe suímh sleamhnáin acu ar lú (níos fearr) é ná 0.0005 mm in aghaidh gach 300 mm den taisteal;
 - 2. Tá in-atriallacht suímh sleamhnáin déthreoch acu ar lú (níos fearr) é ná 0,00025 mm in aghaidh gach 300 mm den taisteal;
 - 3. Is lú (níos fearr) ‘díláithriú gathach’ agus ‘ceamáil’ na fearsaide ná 0,0004 mm (TIR);
 - 4. Is lú (níos fearr) diall uilleach ghluaiseacht an tsleamhnaithe (luascáil, claonadh agus rolladh) ná 2 shoicind den stua, TIR, thar thaisteal iomlán; agus
 - 5. Ingearacht sleamhnáin ar lú (níos fearr) é ná 0,001 mm in aghaidh gach 300 mm den taisteal;

Nóta Teicniúil:

Is éard atá in in-atriallacht suímh sleamhnáin dhéthreoch (R) d'ais uasluach in-atriallachta an tsuí ag aon suíomh ar feadh na haise nó timpeall na haise a chinntear trí úsáid a bhaint as an nós imeachta agus faoi na coinníollacha a shonraítear i gcuid 2.11 de ISO 230/2: 1988.

- b. Meaisíní eangúcháin ar fíor ina leith na saintréithe uile seo a leanas:
1. Is lú (níos fearr) 'íláithriú gathach' agus 'ceamáil' na fearsaíde acu ná 0,0004 mm TIR; agus
 2. Is lú (níos fearr) diall uilleach ghluaiseacht an tsleamhnaithe (luascáil, claonadh agus rolladh) ná 2 shoicind den stua, TIR, thar thaisteal iomlán.

X.B.X.006 Meaisínre déanta agus/nó bailchríche gearanna nach rialaítear le 2B003 atá in ann gearanna a tháirgeadh go leibhéal cáilíochta ar fearr é ná AGMA 11.

X.B.X.007 Córais nó trealamh iniúchta nó tomhaiste toisí nach rialaítear le 2B006 ná 2B206, mar a leanas (féach Liosta na nÍtimí Rialaithe):

- a. Meaisíní iniúchta toisí de láimh, ar fíor ina leith an dá shaintréith seo a leanas:
1. Tá dhá cheann nó níos mó d'aiseanna acu; agus
 2. Neamhchinnteacht tomhais arb ionann í agus $(3 + F/300) \mu\text{m}$ nó ar lú (níos fearr) ná sin í in aon ais (is é F an fad arna thomhas ina mm).

X.B.X.008 ‘Róbait’ nach rialaítear le 2B007 nó 2B207 a bhfuil ar a gcumas faisnéis aiseolais a úsáid i bpróiseáil fíor-ama ó bhraiteoir amháin nó níos mó chun ríomhchláir a ghiniúint nó a mhodhnú nó sonraí uimhriúla ríomhchlár a ghiniúint nó a mhodhnú.

X.B.X.009 Cóimeálacha, cláir chiorcad nó ionsáiteáin atá saindeartha do mheaisín-uirlisí a rialaítear le X.B.X.004, nó do threalamh a rialaítear le X.B.X.006, X.B.X.007 nó X.B.X.008:

- a. Cóimeálacha fearsaidí arb é atá iontu fearsaidí agus imthacaí mar chóimeáil íosta, agus gluaisne aise ghathach (‘díláithriú gathach’) nó aiseach (‘ceamáil’) acu in aon rothlú amháin den fhearsaid ar lú (níos fearr) í ná léamh táscaire iomlán (TIR) 0,0006 mm;
- b. Ionsáiteáin uirlisí gearrtha diamantphointe aonair, ar fíor ina leith gach ceann de na saintréithe a leanas:
 1. Faobhar uirlise saor ó shlisíní agus gan cháim fiú agus é formhéadaithe 400 uair i ngach treo;
 2. Ga gearrtha ó 0,1 go 5 mm go huile; agus
 3. Is lú (níos fearr) ná 0,002 mm TIR an ga gearrtha ó thaobh mhíchruinneas an gha de.
- c. Cláir ciorcad priontáilte a shaindeartar agus a bhfuil comhpháirteanna feistithe iontu a bhfuil ar a gcumas aonaid ‘rialaithe uimhriúil’, meaisín-uirlisí nó feistí aisfhotha a uasghrádú, de réir shonraíochtaí an mhonaróra, chuig na leibhéil a shonraítear in X.B.X.004, X.B.X.006, X.B.X.007, X.B.X.008, nó X.B.X.009.

Nóta Teicniúil:

Ní rialaítear leis an iontráil seo córais thrasnamhéadair tomhais, gan aisfhothú iata ná aisfhothú lúb oscailte, ina bhfuil léasar chun earráidí gluaisne sleamhnáin a thomhas i meaisín-uirlisí, i meaisíní iniúchta toisí, nó i dtrealamh comhchosúil.

- X.B.X.010 Trealamh próiseála sonracha, cé is moite díobh sin a shonraítear in CML nó i Rialachán (AE) 2021/821, mar a leanas (féach Liosta na nEarraí Rialaithe):
- a. Preasanna iseastatacha, cé is moite díobh sin a shonraítear in CML nó i Rialachán (AE) 2021/821;
 - b. Trealamh monaraithe boilg, lena n-áirítear trealamh foirmithe hiodrálaigh agus díslí foirmithe boilg;
 - c. Meaisíní táthúcháin léasair;
 - d. Táthairí MIG;
 - e. Táthairí leictreonléis;
 - f. Trealamh Monal, lena n-áirítear comhlaí, píobánra, umair agus soithí;
 - g. 304 agus 316 chomhla cruach dosmálta, píobánra, umair agus soithí;

Nóta: Meastar gur cuid de phíobánra iad feistis chun críocha X.B.X.010.g.

- h. Trealamh mianadóireachta agus druileála, mar a leanas:
 - 1. Trealamh tollta mór atá in ann poill ar mó iad ná 61 cm ar trastomhas a dhruileáil;
 - 2. Trealamh mór cré-ghluaiseachta a úsáidtear sa tionscal mianadóireachta;
- i. Trealamh leictreaphlátála atá deartha chun páirteanna a bhratú le nicil nó alúmanam;
- j. Caidéil atá deartha le haghaidh seirbhís thionsclaíoch agus lena n-úsáid le mótar leictreach de 5 each-chumhacht nó níos mó;
- k. Comhlaí folúis, píobánra, feirí, gaiscéid agus trealamh gaolmhar a shaindeartar lena n-úsáid i seirbhís ardgholúis, cé is moite díobh sin a shonraítear in CML nó i Rialachán (AE) 2021/821;
- l. Meaisíní foirmithe guairne agus sreafa , cé is moite díobh sin a shonraítear in CML nó i Rialachán (AE) 2021/821;
- m. Meaisíní ilphlánacha lártheifeacha cothromaithe, cé is moite díobh sin a shonraítear in CML nó i Rialachán (AE) 2021/821; nó
- n. Pláta cruach dhosmálta ástainíreach, comhlaí, píobánra, umair agus soithí.

X.B.X.011 Cochaill eastarraingthe atá feistithe ar an urlár (de chineál siúil isteach) a bhfuil leithead ainmniúil íosta 2,5 méadar acu.

X.B.X.012 Caibinéid bithshábháilteachta agus boscaí lámhainní d'Aicme II.

- X.B.X.013 Lártheifneoirí baisce ag a bhfuil toilleadh rótair 4 lítear nó níos mó, atá inúsáidte le hábhair bhitheolaíocha.
- X.B.X.014 Soithigh choipthe ag a bhfuil toirt inmheánach 10–20 lítear, atá inúsáidte le hábhair bhitheolaíocha.
- X.B.X.015 Soithí imoibriúcháin, imoibreoirí, teasmhalartóirí, comhdhlúthadáin, caidéil (lena n-áirítear caidéil ar a bhfuil séala amháin), comhlaí, umair stórála, coimeádáin, glacadóirí, agus colúin driogtha nó ionsúcháin a chomhlíonann paraiméadair feidhmíochta an rialaithe 2B350³², gan beann ar a n-ábhair tógála.
- Nóta: Chun críoch rialú X.B.X.015, ní áirítear comhlaí pluiméireachta ná umair stórála a bhfuil toirt inmheánach (geoiméadrach) iomlán acu ar lú í ná 1 m³ (1000 lítear) atá deartha le haghaidh uisce tí nó córais gáis.*
- X.B.X.016 Seomraí aeir ghlain ina bhfuil aershreabhadh traidisiúnta nó suaite agus aonaid aerála fhéin chuimsitheacha ag a bhfuil scagaire HEPA a fhéadfar a úsáid le haghaidh saoráidí srianta P3 nó P4 (BSL 3, BSL 4, L3, L4).
- X.B.X.017 Caidéil folúis a bhfuil ráta sreafa sonraithe an mhonaróra acu ar mó é ná 1 m³/h (faoi chúinsí caighdeánacha teochta agus brú), cásálacha (coirp chaidéil), líneálacha cásála réamhfhoirmithe, rótair, agus soic de chuid caidéal scairde atá deartha do na caidéil sin, ina bhfuil na dromchlaí uile a mbíonn teagmháil dhíreach acu leis na ceimiceáin atá á bpróiseáil déanta as ábhair rialaithe.
- X.B.X.018 Trealamh saotharlainne, lena n-áirítear páirteanna agus gabhálais don trealamh sin, chun substaintí ceimiceacha a anailísiú nó a bhrath, ar bhealach scríosach nó neamhscríosach.

³² Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

- X.B.X.019 Cealla leictrealaithe clór-alcaile iomlána – mearcair, spiara, agus scannán.
- X.B.X.020 Leictreoidí tíotáiniam (lena n-áirítear leictreoidí le bratuithe a tháirgtear ó ocsaídí miotail eile), atá saindeartha lena n-úsáid i gcealla clór-alcaile.
- X.B.X.021 Leictreoidí nicile (lena n-áirítear leictreoidí le bratuithe a tháirgtear ó ocsaídí miotail eile), atá saindeartha lena n-úsáid i gcealla clór-alcaile.
- X.B.X.022 Leictreoidí nicile tíotáiniam dépholacha (lena n-áirítear leictreoidí le bratuithe a tháirgtear ó ocsaídí miotail eile), atá saindeartha lena n-úsáid i gcealla clór-alcaile.
- X.B.X.023 Spiaraí aispeiste atá saindeartha lena n-úsáid i gcealla clór-alcaile.
- X.B.X.024 Spiaraí bunaithe ar fhluarapholaiméirí atá saindeartha lena n-úsáid i gcealla clór-alcaile.
- X.B.X.025 Scannáin ianmhalartaithe bunaithe ar fhluarapholaiméirí atá saindeartha lena n-úsáid i gcealla clór-alcaile.
- X.B.X.026 Comhbhrúiteoirí atá saindeartha chun clóirín fliuch nó tirim a chomhbhrú, gan beann ar ábhar tógála.
- X.B.X.027 Imoibreoirí micreathonnacha – Innealra, gléasra nó trealamh saotharlainne, bíodh sé téite go leictreach nó ná bíodh, le haghaidh cóireáil ábhar trí phróiseas lena mbaineann athrú teochta amhail téamh.
- X.D.X.001 ‘Bogearraí’ atá saindeartha nó sainmhodhnaithe chun trealamh a rialaítear le X.A.X.001 ‘a fhorbairt’, ‘a tháirgeadh’ nó ‘a úsáid’.

- X.D.X.002 ‘Bogearraí’ atá ‘riachtanach’ chun trealamh braite réad ceilte a rialaítear le X.A.X.002 ‘a fhorbairt’, ‘a tháirgeadh’ nó ‘a úsáid’.
- X.D.X.003 ‘Bogearraí’ atá saindeartha le haghaidh trealamh a rialaítear le X.B.X.004, X.B.X.006, nó X.B.X.007, X.B.X.008, agus X.B.X.009 ‘a fhorbairt’, ‘a tháirgeadh’ nó ‘a úsáid’.
- X.D.X.004 ‘Bogearraí’ sonracha, mar a leanas (an Liosta Ítimí a Rialaítear):
- a. ‘Bogearraí’ chun rialú oiriúnaitheach a sholáthar agus ar fíor ina leith an dá thréith seo a leanas:
 1. I gcás aonaid mhonaraíochta sholúbtha (FMUanna); agus
 2. Tá ar a gcumas cláir nó sonraí a ghiniúint nó a mhodhnú, i bpróiseáil fíor-ama, trí úsáid a bhaint as na comharthaí a fhaightear go comhuaineach trí bhíthin dhá theicníc braite ar a laghad, amhail:
 - a. Fís an mheaisín (raonáil optúil);
 - b. Íomháu infridhearg;
 - c. Íomháu fuaimiúil (raonáil fuaimiúil);
 - d. Tomhas tadhlaigh;
 - e. Suí támhúil;

f. Tomhas fórsa; agus

g. Tomhas casmhóiminte.

Nóta: Ní rialaítear le X.D.X.004.a ‘bogearraí’ nach ndéanann ach athsceidealú ar threalamh lena mbaineann feidhm chomhionann laistigh d’aonaid mhonaraíochta sholúbtha trí pháirtchláir réamhstóráilte agus straitéis réamhstóráilte a úsáid le haghaidh na páirtchláir a dháileadh.

b. Ní úsáidtear.

5604	Snáth agus corda rubair atá clúdaithe le teicstíl; snáth teicstíle, stiall agus a leithéid atá faoi cheannteideal 5404 agus 5405, atá tuilthe, brataithe, clúdaithe nó cumhdaithe le rubar nó le plaistigh (seachas caolán bréige, snáithe agus corda le ceangaltáin duáin éisc nó cóirithe ar bhealach eile mar líne iascaireachta)
5605	Snáth miotalaithe, bíodh sé galúnaithe nó ná bíodh, ar snáth teicstíle é, nó stiall nó a leithéid atá faoi cheannteideal 5404 nó 5405, as snáithíní teicstíle, i gcomhcheangal le miotal i bhfoirm snáithe, stiall nó púdair nó clúdaithe le miotal (seachas snáth atá monaraithe as meascán snáithíní teicstíle agus snáithíní miotail, a bhfuil airíonna frithstatacha acu; snáthanna atá treisithe le sreang mhiotail; earraí de chineál ciumhsóg)
5607 41	Sreangán ceanglóra nó burlála, as poileitiléin nó as polapróipiléin
5801 27	Fabraicí caitíneacha dlúith, as cadás (seachas tuáille gibíneach agus fabraicí fite súiteacha comhchosúla, fabraicí teicstíle stothacha agus fabraicí fite cúnga atá faoi cheannteideal 5806)
5803	Uige (seachas fabraicí fite cúnga atá faoi cheannteideal 5806)
5806 40	Fabraicí cúnga arb é atá iontu dlúth gan inneach a chóimeáiltear le greamaitheach 'bolducs', ar leithead ≤ 30 cm
5901	Fabraicí teicstíle atá brataithe le guma nó substaintí amáláiseacha, de chineál a úsáidtear do chlúdaigh sheachtracha leabhar, do mhonarú boscaí agus earraí cairtchláir nó a leithéidí; rianéadach; canbhás ullmhaithe péinteála; bucrán agus fabraicí teicstíle righnithe comhchosúla de chineál a úsáidtear le haghaidh bunsraitheanna hataí (seachas fabraicí atá brataithe le fabraicí plaisteacha)
5905	Clúdaigh bhalla teicstíle
5908	Buaicis teicstíle, fite, trilsithe nó cniotáilte, do lampaí, do shoirn, do lastóirí, do choinnle nó a leithéid; cochaill gáis ghealbhruthaigh agus fabraic fheadánach chniotáilte cochaill gáis díobh, bídis tuilte nó ná bídis (seachas buaicis chéaracha den chineál téipe, fiús agus fiús madhmtha, buaicis i bhfoirm snáth teicstíle agus buaiceanna snáithíní gloine)
5910	Criosanna nó beilteanna tarchurtha nó iompair, d'ábhar teicstíle, bídis tuilthe, brataithe, clúdaithe nó lannaithe le plaistigh nó ná bíodh, nó treisithe le miotal nó le hábhar eile (seachas iad siúd atá ar tiús < 3 mm agus a bhfuil fad éiginnte nó gearrtha neamhchinntithe acu ar fad amháin, agus iad siúd atá tuilthe, brataithe, clúdaithe nó lannaithe le rubar nó atá déanta as snáth nó corda atá tuilthe nó brataithe le rubar)

Cód AC	Tuairisc
5911 10	Fabraicí teicstíle, feilt agus fabraicí fite feilt-líneáilte, brataithe, clúdaithe nó lannaithe le rubar, le leathar nó le hábhar eile, de chineál a úsáidtear le haghaidh carda-éadaí, agus fabraicí comhchosúla de chineál a úsáidtear chun críoch teicniúil eile, lena n-áirítear fabraicí cúnga as veilbhit atá tuite le rubar, chun fearsaídí fíodóireachta ‘bíomaí fíodóireachta’ a chlúdach
5911 31	Fabraicí agus feilteanna teicstíle, éigríoch nó feistithe le gléasanna nasctha, de chineál a úsáidtear i meaisíní déanta páipéir nó i meaisíní comhchosúla, e.g. le haghaidh laíon páipéir nó stroighin aiseiste, meá < 650 g/m ²
5911 32	Fabraicí agus feilteanna teicstíle, éigríoch nó feistithe le gléasanna nasctha, de chineál a úsáidtear i meaisíní déanta páipéir nó i meaisíní comhchosúla, e.g. le haghaidh laíon páipéir nó stroighin aiseiste, meá ≥ 650 g/m ²
5911 40	Éadach scagtha de chineál a úsáidtear i bhfáisceáin ola nó chun críoch comhchosúil, lena n-áirítear éadach as gruaig dhaonna
6001 99	Fabraicí caitíneacha, cniotáilte nó cróiseáilte (seachas cadás nó snáithíní de dhéantús an duine agus fabraicí ‘caitíneacha fada’)
6003	Fabraicí cniotáilte nó cróiseáilte, ar leithead ≤ 30 cm (seachas iad siúd a bhfuil iontu de réir meáchain ≥ 5 % de shnáth leaistiméireach nó de shnáithe rubair, agus fabraicí caitíneacha, lena n-áirítear fabraicí ‘caitíneacha fada’, fabraicí caitíneach lúbtha, lipéid, suaitheantais agus earraí comhchosúla, fabraicí cniotáilte nó cróiseáilte, brataithe, clúdaithe nó lannaithe)
6005 36	Fabraicí cniótála dlúth neamhthuartha nó tuartha as snáithíní sintéiseacha ‘lena n-áirítear iad siúd atá déanta ar mheaisíní cniótála galúin’, ar leithead > 30 cm (seachas iad siúd a bhfuil iontu de réir meáchain ≥ 5 % de shnáth leaistiméireach nó de shnáithe rubair, agus fabraicí caitíneacha, lena n-áirítear fabraicí ‘caitíneacha fada’, fabraicí caitíneach lúbtha, lipéid, suaitheantais agus earraí comhchosúla, fabraicí cniotáilte nó cróiseáilte, brataithe, clúdaithe nó lannaithe)
6005 44	Fabraicí cniótála dlúth priontáilte as snáithíní saorga ‘lena n-áirítear iad siúd atá déanta ar mheaisíní cniótála galúin’, ar leithead > 30 cm (seachas iad siúd a bhfuil iontu de réir meáchain ≥ 5 % de shnáth leaistiméireach nó de shnáithe rubair, agus fabraicí caitíneacha, lena n-áirítear fabraicí ‘caitíneacha fada’, fabraicí caitíneach lúbtha, lipéid, suaitheantais agus earraí comhchosúla, fabraicí cniotáilte nó cróiseáilte, brataithe, clúdaithe nó lannaithe)

Cód AC	Tuairisc
6006 10	Fabraicí, cniotáilte nó cróiseáilte, atá ar leithead > 30 cm, as olann nó as fionnadh ainmhíoch mín (seachas fabraicí cniotála dlúith ‘lena n-áirítear iad siúd atá déanta ar mheaisíní cniotála galúin’, iad siúd a bhfuil cion meáchain $\geq 5\%$ de shnáth leaistiméireach nó de shnáithe rubair, agus fabraicí caitíneacha, lena n-áirítear fabraicí ‘caitíneacha fada’, fabraicí caitíneach lúbtha, lipéid, suaithiantais agus earraí comhchosúla, fabraicí cniotáilte nó cróiseáilte, brataithe, clúdaithe nó lannaithe)
6309	Éadaí agus gabhálais éadaigh chaite, pluideanna agus rugaí taistil, linéadach tí agus earraí le haghaidh fearastú inti, de gach cineál ábhair theicstíle, lena n-áirítear gach saghas coisbhirt agus ceannbheart, ar a dtaispeántar comharthaí de chaitheamh suntasach agus i láthair i mbulc nó i gcoraí, saic nó in ábhair phacála dá samhail (seachas cairpéid, clúdaigh urláir eile agus taipéisí)
6802 92	Cloch chailcreach, i bhfoirm ar bith (seachas marmar, trabhairtín agus albastar, tileanna, ciúbanna agus earraí comhchosúla faoi fho-cheannteideal 6802.10, seodra bréige, cloig, lampaí agus feistis soilsithe agus páirteanna díobh, dealbha bunaidh agus dealbhóireacht bhunaidh, seiteoga, clocha grinneall agus leaca)
6804 23	Clocha muilte, clocha meilte, rothaí meilte agus a leithéidí, gan creatlacha, chun géarú, snasú, fíorú nó gearradh a dhéanamh ar chloch nádúrtha (seachas scríobaigh nó ceirmigh cheirtleánaithe nádúrtha, slíogarta cumhraithe, clocha géaraithe nó snasaithe láimhe, agus rothaí meilte etc. go sonrach d’innill druileála fiacloíreachta)
6806	Olann slaige, olann charraige agus cineálacha olann comhchosúla; veirmicilít scafa, créanna fairsingithe, slaig chúrtha agus ábhair mhianracha fhairsingithe chomhchosúla; meascáin agus earraí déanta as ábhair mhianracha lena ndéantar insliú ó thaobh teasa, insliú ó thaobh fuaime agus maolú fuaime, seachas iad sin faoi cheannteideal 6811 nó faoi cheannteideal 6812 nó faoi Chaibidil 69
6807	Earraí déanta as asfalt nó as ábhair chomhchosúla, e.g. bitiúman peitiriliam nó pic tarra guail
6809 19	Cláir, leatháin, painéil, tileanna agus earraí comhchosúla, as plástar nó as comhdhéanaimh atá bunaithe ar phlástar (seachas iad siúd atá maisithe, clúdaithe nó treisithe le páipéar nó cairtchlár amháin, agus le hearraí ceirtleánaithe plástair le haghaidh insliú teasa, insliú fuaime nó ionsú fuaime)
6810 91	Comhpháirteanna struchtúrtha réamhdhéanta le haghaidh tógáil nó innealtóireacht shibhialta stroighne, coincreíte nó cloiche saorga, bídís treisithe nó ná bídís
6811	Earraí as stroighin aispeiste, as stroighin shnáithíneach cheallalóis nó a leithéidí

Cód AC	Tuairisc
6813	Ábhar frithchuimilteach agus earraí déanta as sin e.g. shampla, leatháin, rollaí, stiallacha, teascáin, dioscaí, leicneáin, pillíní), nach bhfuil feistithe, do choscáin, do chrága nó a leithéidí, ar bhonn aispeiste, ar bhonn ábhar mianrach eile nó ar bhonn cheallalóis, bídís comhcheangailte le teicstíl nó le hábhair eile nó ná bídís (seachas ábhar frithchuimilte suite)
6814	Míoca saoirsithe agus earraí déanta as míoca, lena n-áirítear míoca atá ceirtleánaithe nó athdhéanta, bíodh páipéar, cairtchlár nó ábhar eile ina ábhar taca leis sin nó ná bíodh
6901	Brící, bloic, tileanna agus earraí ceirmeacha eile as min shiliciúil iontaise, e.g. kieselguhr, triopoílít nó diatómít, nó as créanna siliciúla comhchosúla
6904 10	Brící tógála (seachas iad siúd ó mhin shiliciúil iontaise nó créanna siliciúla comhchosúla, agus brící teasfhuilangacha atá faoi cheannnteideal 6902)
6905	Tileanna díonadóireachta, potaí simléir, cochaill, líneálaigh simléir, maisiúcháin ailtireachta agus earraí ceirmeacha eile le haghaidh na tógála
6906 00	Píopaí ceirmeacha, seoladáin, gáitéarlach agus feistis phíobáin (seachas min shiliciúil iontaise nó créanna siliciúla comhchosúla, earraí teasfhuilangacha ceirmeacha, líneálaigh simléir, píopaí a monaraíodh go sonrach do shaotharlanna, feadánra agus feistis inslithe agus píobánra eile chun críoch leictreicniúil)
6907 22	Leaca ceirmeacha agus pábháil cheirmeach, tileanna teallaigh nó balla, de chomhéifeacht ionsúcháin uisce de réir meáchain $> 0,5 \%$ ach $\leq 10 \%$ (seachas ciúbanna mósáice agus táirgí ceirmeacha chun bailchríche)
6907 40	Táirgí ceirmeacha chun bailchríche
6909 90	Umair, tobáin agus gabhdáin chomhchosúla cheirmeacha a úsáidtear sa talmhaíocht; potaí, crúscaí agus earraí comhchosúla ceirmeacha de chineál a úsáidtear chun earraí a iompar nó a phacáil (seachas soithí stórála ilchuspóireacha do shaotharlanna, coimeádáin le haghaidh siopaí agus earraí tí)
7002	Gloine i liathróidí (seachas micrisféir faoi cheannnteideal 7018) slata nó feadáin, neamhshaoirsithe
7003	Gloine theilgte agus gloine rollta, ina leatháin nó ina bpróifílí, bíodh brat ionsúiteach, frithchaiteach nó neamh-frithchaiteach léi nó ná bíodh, ach í neamhshaoirsithe seachas sin
7004	Leatháin, as gloine tharraingthe nó as gloine shéidte, bíodh brat ionsúiteach, frithchaiteach nó neamh-frithchaiteach orthu nó ná bíodh, ach gan aon saoirsiú thairis sin

Cód AC	Tuairisc
7005	Gloine ar snámh agus gloine snoite nó snasta, ina leatháin nó ina bpróifilí, bíodh brat ionsúiteach, frithchaiteach nó neamh-fhrithchaiteach léi nó ná bíodh, ach í neamhshaoirsithe seachas sin
7007	Gloine sábháilteachta, déanta as gloine threisithe (fhaghartha) nó as gloine lannach
7011 10	Clúdaigh ghloine, lena n-áirítear bolgáin agus feadáin, oscailte, agus páirteanna gloine díobh, gan feistis, le haghaidh soilsiú leictreach
72	Iarann agus cruach
7301	Bratphileáil iarainn nó cruach, bídis druileáilte nó pollta, bídis déanta as nithe cóimeáilte nó ná bíodh; uillinneacha, cruthanna agus cónaisc, iad táite, agus iad déanta as iarann nó as cruach
7302	Ábhar tógála iarainn nó cruach le haghaidh na n-iarnród nó le haghaidh trambhealaí, lena n-áirítear na nithe seo a leanas: ráillí, ráillí cosanta agus ráillí mantacha, lanna aistrithe treo, froganna trasnála, slata pointe agus píosaí eile le haghaidh na trasnála, trasnáin 'trascheangail', lioscáin, teangacha ladhróige, dingeacha teanga ladhróige, bonnphlátaí 'bunphlátaí', fáiscíní ráille, plátaí leaba, ceangail agus ábhar speisialaithe eile chun ráillí a cheangal nó a dheisiú
7303	Feadáin, píobáin agus próifilí tolla déanta as iarann teilgthe
7304	Feadáin, píobáin agus próifilí tolla gan uaim, iad déanta as cruach nó as iarann (seachas iarann teilgthe)
7305	Feadáin agus píobáin nach bhfuil sonraithe in aon áit eile (atá táite, seamaithe nó dúnta ar bhealach comhchosúil eile, mar shampla), a bhfuil trasghearrthacha ciorclacha acu, atá níos mó ná 406,4 mm ar trastomhas seachtrach agus atá déanta as iarann nó as cruach
7306	Feadáin, píobáin agus próifilí tolla, nach bhfuil sonraithe aon áit eile, atá déanta as iarann nó as cruach (a bhfuil a séama oscailte nó táthaithe, iad séamaithe nó dúnta ar bhealach eile den chineál sin, mar shampla)
7307	Feistis feadáin nó píobáin (mar shampla, cúplálacha, uillinneacha, muinchillí) agus iad déanta as iarann nó as cruach
7308	Struchtúir agus codanna de struchtúir as iarann nó as cruach (mar shampla, droichid agus codanna droichid, geataí loic, túir, crainn laitíse, díonta, creatlacha dín, doirse agus fuinneoga agus a bhfrámaí mar aon le tairseacha doirse, comhlaí, balastráidí, piléir, colúin); plátaí, slata, uillinneacha, cruthanna, cónaisc, feadáin agus a leithéidí, arna n-ullmhú lena n-úsáid i bhfoirgnimh iarainn nó chruach (seachas foirgnimh réamhdhéanta faoi cheannteideal 9406)
7309	Taiscumair, umair, dabhcha agus taisceadáin eile den chineál sin, iad déanta as iarann nó as cruach, le haghaidh aon ábhair (seachas gás comhbhrúite nó leachtaithe), a bhfuil toilleadh is mó ná 300 l iontu, bídis línithe nó inslithe in aghaidh teasa nó ná bíodh, ach nach bhfuil trealamh meicniúil ná teirmeach feistithe orthu

Cód AC	Tuairisc
7310	Umair, bairillí, drumáí, cannaí, boscaí agus coimeádáin chomhchosúla, atá déanta as iarann nó cruach, le haghaidh aon ábhair ‘seachas gás comhbhrúite nó leachtaithe’, a bhfuil toilleadh ≤ 300 l iontu, nach bhfuil trealamh meicniúil ná teirmeach feistithe orthu, bídis línithe nó inslithe in aghaidh teasa nó ná bídis, nach bhfuil sonraithe aon áit eile
7311	Coimeádáin iarainn nó chruach, le haghaidh gás comhbhrúite nó leachtaithe (seachas coimeádáin atá tógtha nó feistithe go sonrach le haghaidh cineál amháin iompair nó níos mó)
7314 12	Bannaí éigríochta de shreang cruach dhosmálta, le haghaidh innealra
7318 24	Leicníní agus pionnaí leicnín, as iarann nó cruach
7320	Spriongaí agus lannóga sprionga déanta as iarann nó as cruach
7322 90	Radaitheoirí le haghaidh téamh lárnach, gan iad téite go leictreach, agus codanna de na radaitheoirí sin, iad déanta as iarann nó as cruach, téiteoirí aeir agus dáileoirí aeir the (lena n-áirítear dáileoirí lenar féidir aer úr nó aer cóirithe a dháileadh freisin), gan iad téite go leictreach, ina bhfuil fean nó séidire ar inneall, agus codanna díobh sin, iad déanta as iarann nó as cruach
7324 29	Folcadáin leatháin cruach
7407	Barraí, slata agus próifílí copair
7408	Sreang chopair
7409	Plátaí, leatháin agus stiallacha copair, ar mó ná 0,15 mm a dtiús
7411	Feadáin agus píobáin chopair
7412	Feistis feadáin nó píobáin chopair (mar shampla, cúplálacha, uillinneacha, muinchillí)
7413	Sreang dhualach, cáblaí, bandaí trilseacha agus a leithéid, iad déanta as copar (nach bhfuil inslithe go leictreach)
7415 21	Leicneáin, ‘lena n-áirítear leicneáin sprionga agus leicneáin ghlasa earraigh’ as copar
7505	Barraí, slata, próifílí agus sreang nicile
7506	Plátaí agus leatháin nicile, stiallacha agus duilleoga nicile
7507	Feadáin, píobáin agus feistis feadáin nó píobáin (mar shampla, cúplálacha, uillinneacha, muinchillí)
7508	Earraí eile nicile
7605	Sreang alúmanaim
7606	Plátaí, leatháin agus stiallacha alúmanaim, atá níos mó ná 0,2 mm ar tiús

Cód AC	Tuairisc
7607 20	Scragall alúmanaim, tacaithe, de thiús (seachas aon ábhar taca) de $\leq 0,2$ mm (seachas scragall stampála atá faoi cheannteideal 3212, agus scragall atá ina ábhar maisiúcháin crainn nollag)
7608	Feadáin agus píobáin alúmanaim
7609	Feistis feadáin nó píobáin alúmanaim (mar shampla, cúplálacha, uillinneacha, muinchillí)
7610	Foirgnimh agus codanna d'fhoirgnimh as alúmanam e.g., droichid agus codanna droichid, túir, crainn laitise, piléir agus colúin, díonta, creatlacha dín, doirse agus fuinneoga agus a bhfrámaí mar aon le tairseacha doirse, comhlaí, balastráidí (seachas foirgnimh réamhdhéanta faoi cheannteideal 9406); plátaí alúmanaim, slata, próifílí, feadáin agus a leithéid sin agus iad ullmhaithe le húsáid i struchtúir, de dhéanamh alúmanaim
7611	Taiscumair, umair, dabhcha agus coimeádáin chomhchosúla, as alúmanam, le haghaidh aon ábhair (seachas gás comhbhrúite nó leachtaithe), a bhfuil toilleadh > 300 l iontu, nach bhfuil trealamh meicniúil ná teirmeach feistithe orthu, bídis línithe nó inslithe in aghaidh teasa nó ná bídis (seachas coimeádáin atá déanta nó feistithe go sonrach le haghaidh cineál amháin nó níos mó iompair)
7612	Bairillí, drumáí, cannaí, boscaí agus coimeádáin chomhchosúla, lena n-áirítear coimeádáin fheadánacha righne nó infhillte atá déanta as alúmanam, le haghaidh aon ábhair (seachas gás comhbhrúite nó leachtaithe), a bhfuil toilleadh ≤ 300 l iontu, nach bhfuil trealamh meicniúil ná teirmeach feistithe orthu, bídis línithe nó inslithe in aghaidh teasa nó ná bídis, nach bhfuil sonraithe aon áit eile
7613	Taisceadáin alúmanaim le haghaidh gás comhbhrúite nó leachtaithe
7616 10	Tairní, greamanna, stáplaí (seachas iad siúd atá faoi cheannteideal 8305), scriúnna, boltaí, cnónna, crúcaí scriú, seamanna, leicíní, pionnaí leicín, leicneáin agus earraí comhchosúla eile
7804	Plátaí agus leatháin luaidhe, stiallacha agus duilleoga luaidhe; púdair agus calóga luaidhe
7905	Plátaí, leatháin, stiallacha agus duilleoga since
8001	Stán neamhshaoirsithe
8003	Barraí, slata, próifílí agus sreang stáin
8007	Earraí stáin
8101 10	Púdair thungstain
8102	Molaibdéineam agus earraí molaibdéinim, lena n-áirítear fuíoll agus dramhaíl

Cód AC	Tuairisc
8105 90	Earraí cóbailt
8109	Siorcóiniam agus earraí siorcóiniam, lena n-áirítear an fuíoll agus an dramhaíl
8111	Mangainéis agus earraí mangainéise, lena n-áirítear fuíoll agus dramhaíl
8202 20	Lanna le haghaidh sábh banda de tháirmhíotal
8207	Uirlisí inmhalartaithe le haghaidh uirlisí láimhe, bídis cumhachtoibrithe nó ná bíodh, nó le haghaidh meaisín-uirlisí (mar shampla le haghaidh brú, stampáil, puinseáil, tapáil, snáithiú, druileáil, tolladh, bróisteáil, muilleáil, deileadóireacht nó tiomáint scriúna), lena n-áirítear díslí le haghaidh míotal a tharraingt nó a easbhrú, agus uirlisí chun clocha a dhruileáil agus an talamh a tholladh
8208 10	Sceana agus lanna gearrtha, do mheaisíní nó d'fhearaí mheicniúla – le haghaidh míotalóireachta
8208 20	Sceana agus lanna gearrtha, do mheaisíní nó d'fhearaí mheicniúla – le haghaidh adhmaadóireachta
8208 30	Sceana agus lanna gearrtha, do mheaisíní nó d'fhearaí mheicniúla – a úsáidtear sa tionscal bia
8208 90	Sceana agus lanna gearrtha, do mheaisíní nó d'fhearaí mheicniúla – eile
8301 20	Glais, iad déanta as táirmhíotail, a úsáidtear do mhótarfheithiclí
8301 70	Eochracha arna gcur i láthair ceann ar cheann
8302 30	Gléasadh, feistiú agus earraí comhchosúla eile atá oiriúnach le haghaidh mótarfheithiclí
8307	Feadánra solúbtha as táirmhíotal, bíodh feistis air nó ná bíodh
8309	Stopalláin, caidhpeanna agus claibíní, lena n-áirítear coirc chorónacha, scriú-chlaibíní agus stopalláin doirte, capsúil do bhuidéil, dalláin shnáithithe, clúdaigh dallán, séalaí agus comhghabhálais phacála eile, déanta as táirmhíotal
8414 10	Folúschaidéil
8414 90	Caidéil aeir nó folúis, comhbhrúiteoirí agus gaothráin aeir nó gáis eile; cochaill aerála nó athchúrsála lena gcuimsítear gaothrán, bídis feistithe le scagairí nó ná bíodh; caibinéid sábháilteachta bitheolaíochta nach sceitheann gás, bídis feistithe le scagairí nó ná bídis - Páirteanna
8417	Foirnéisí agus oighinn thionsclaíochta, lena n-áirítear loisceoirí, neamhleictreacha

Cód AC	Tuairisc
8419 40	Gléasra driogtha nó ceartaithe
8419 50	Aonaid theasmhalartaithe (seachas iad siúd a úsáidtear le coirí)
8419 60	Innealra le haghaidh aer nó gáis eile a leachtú
8419 89	Innealra, gléasra nó trealamh saotharlainne, bíodh sé téite go leictreach nó ná bíodh, le haghaidh cóireáil ábhar trí phróiseas lena mbaineann athrú teochta mar théamh, cócaireacht, róstadh, steiriliú, paistearadh, gail, triomú, galú, gal a dhéanamh, comhdhlúthú nó fuarú, nach bhfuil sonraithe aon áit eile (seachas innealra nó gléasra de chineál a úsáidtear chun críocha baile agus foirnéisí, oighinn agus trealamh eile faoin cheannteideal 8514)
8419 90	Páirteanna de threalamh, innealra agus trealamh saotharlainne, bíodh sé téite go leictreach nó ná bíodh, chun ábhair a chóireáil trí phróiseas lena mbaineann athrú teochta, agus de phrapthéitheoirí nó taiscthéitheoirí uisce neamhleictreacha, nach bhfuil sonraithe in aon áit eile.
8451 10	Meaisíní tirimhlanta
8451 29	Meaisíní triomaithe - Eile
8451 30	Meaisíní smúdála agus preasanna (lena n-áirítear preasanna comhleáite)
8451 90	Innealra (seachas meaisíní faoi cheannteideal 8450) le haghaidh snáthanna teicstíle, fabraicí nó earraí teicstíle déanta suas a ní, a ghlanadh, a fháisceadh, a thriomú, a smúdáil, a phreasáil (lena n-áirítear preasanna comhleáite), a thuaradh, a dhathú, a threiscíniú, a chríochnú, a chlúdach nó a thuile agus meaisíní le taos a chur ar bhonn fabraice nó tacú eile a úsáidtear i ndéantús clúdaigh urláir amhail líonóil; meaisíní le haghaidh fabraicí teicstíle a thochras, a dhíthochras, a fhilleadh, a ghearradh nó a scealpadh - Páirteanna
8456	Meaisín-uirlisí le haghaidh ábhar a shaoirsiú trí ábhar a bhaint, le próisis léasair nó léis solais nó fótóin eile, léis ultrasonaigh, díluchtaithe leictrigh, leictriceimicigh, léis leictreoin, léis ianaigh nó stua-phlasmacha; meaisíní gearrtha scaird uisce
8459	Uirlisí meaisíní, lena n-áirítear meaisíní ceann aonaid, le haghaidh druileála, tollta, muilleála, snáithithe, nó tapála (seachas deil agus ionaid deilte atá faoi cheannteideal 8458, meaisíní gearrtha giair atá faoi cheannteideal 8461 agus meaisíní lámhoibrithe)

Cód AC	Tuairisc
8460	Meaisín-uirlisí le haghaidh miotal nó miotail cheirmeacha a dhíbhurrú, a fhaobhrú, a líomhadh, a mhíniú, a rádalú, a shnasú nó a chríochnú ar bhealach eile trí bhíthin clocha meilte, scríobaigh nó táirgí snasta, (seachas meaisíní gearrtha gair, meilte gair nó críochnaithe gair atá faoi cheannteideal 8461 agus meaisíní lena n-úsáid sa lámh)
8461	Meaisín-uirlisí le haghaidh plánáil, múnú, déanamh slótán, bróitseáil, gearradh gair, meilt gair nó críochnú gair, sábhadh, teascadh agus uirlisí meaisín eile a oibríonn trí mhiotal nó miotail cheirmeacha a bhaint, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in aon áit eile
8462	Meaisín-uirlisí (lena n-áirítear preasanna) le haghaidh miotal a oibriú trína ghaibhniú, a ghreadadh nó stampáil díse (seachas muilte rollála); meaisín-uirlisí (lena n-áirítear preasanna, línte scáinte agus línte scoite) le haghaidh miotal a oibriú trí lúbadh, filleadh, díriú, leacú, fiar, puinseáil, eangú nó miotú (binsí tarraingthe as an áireamh); preasanna chun miotal nó cairbídí miotail a shaoirsiú, nár sonraíodh i gceannteidil roimh seo
8463	Meaisín-uirlisí chun miotal a shaoirsiú, cairbídí miotail nó ceirméidí sintéaraithe, gan ábhar a bhaint (seachas fáisceáin ghaibhnithe, fhillteacha, dhírithe agus chothromaithe, meaisíní fiartha, meaisíní puinseála nó eangaithe, fáisceáin agus meaisíní lena n-oibriú sa lámh)
8464	Meaisín-uirlisí le haghaidh oibriú cloiche, earraí ceirmeacha, coincríte, stroighne aispeiste nó ábhair mhionracha chomhchosúla nó le haghaidh oibriú fuar gloine (seachas meaisíní lena n-oibriú sa lámh)
8465	Meaisín-uirlisí (lena n-áirítear meaisíní le haghaidh tairneála, stáplála, gliúála nó cóimeála eile) le haghaidh adhmaid, corc, cnámh, rubar crua, plaistigh chrua nó ábhair chrua chomhchosúla a oibriú
8470	Áireamháin agus meaisíní taifeadta, atáirgthe agus taispeána sonraí de mhéid póca a bhfuil feidhmeanna ríofa acu; meaisíní cuntasáochta, meaisíní francála poist, meaisíní eisithe ticéad agus meaisíní comhchosúla, a chuimsíonn gaireas ríofa, scipéid airgid
8472	Meaisíní oifige eile (mar shampla, meaisíní heicteagraf nó dúblála stionsail, meaisíní breactha seoltaí, dáileoirí uathoibríocha nótaí airgid, meaisíní sórtála bonn, meaisíní comhairimh nó clúdaithe bonn, meaisíní bioraithe, meaisíní bréifnithe nó stáplála)

Cód AC	Tuairisc
8473	Páirteanna agus gabhálais (seachas clúdaigh, cásanna iompair agus a leithéidí) atá oiriúnach le húsáid leis na meaisíní atá faoi cheannteideal 8470 go 8472
8478	Innealra le haghaidh tobac a ullmhú nó a chóiriú nach bhfuil sonraithe nó san áireamh aon áit eile sa Chaibidil seo
8485	Meaisíní chun breiseáin a mhonarú
8486	Meaisíní agus gléasra de chineál a úsáidtear go príomha le haghaidh peileanna nó sliseoga leathsheoltóirí, gairis leathsheoltóirí, ciorcaid leictreonacha chomhtháite nó painéil chothroma chun taispeána, nó chuige sin amháin; meaisíní agus gléasra a shonraítear i nóta 11(C) a ghabhann le Caibidil 84; páirteanna agus gabhálais díobh, nach bhfuil sonraithe aon áit eile
8487	Páirteanna innealra, nach bhfuil nascóirí leictreacha, inslitheoirí, cornaí, tadhaill nó gnéithe leictreacha eile iontu, nach bhfuil sonraithe ná áirithe aon áit eile i gCaibidil 84
8506	Cealla príomhúla agus ceallraí príomhúla; páirteanna díobh
8512	Trealamh soilsithe nó comharthaíochta leictreonach (seachas lampaí faoi cheannteideal 8539), cuimilteoirí gaothscátha, díreoáin agus dínéaltóirí, de chineál a úsáidtear le haghaidh rothar nó mótarfheithiclí; páirteanna díobh
8513	Lampaí inaistrithe leictreacha atá deartha le feidhmiú as a bhfoinse fuinnimh féin, e.g. ceallraí tirime, taisc-cheallraí agus maignéatónna; páirteanna díobh
8515	Meaisíní leictreacha agus gléasra leictreach (lena n-áirítear gás a théitear go leictreach), léasair nó léis solais nó fótóin eile, ultrasonacha, léis leictreoin, bíogtha maignéadaigh nó sádrála stua-phlasmaí, brásála nó táthúcháin, bídís ábalta gearradh nó ná bídís; meaisíní agus gairis leictreacha le haghaidh spraeáil the miotal nó miotal ceirmeach; páirteanna díobh
8517	Gléasra teileafóin, lena n-áirítear teileafóin le haghaidh líonraí ceallacha nó le haghaidh líonraí eile gan sreang; gaireas le haghaidh guth, íomhánna nó sonraí eile a tharchur nó a fháil, lena n-áirítear gaireas le haghaidh cumarsáide i líonra le sreang nó gan sreang (lena n-áirítear líonra achair logánta nó líonra achair fhairsing), seachas gaireas tarchurtha nó fála faoi cheannteideal 8443, 8525, 8527 nó 8528
8518	Micreafóin agus seastáin dóibh; callairí, bídís suite ina gcompal nó ná bídís; cluasáin, bídís comhcheangailte le micreafón nó ná bídís, agus gléasra ina bhfuil micreafón agus callaire amháin nó níos mó; aimplitheoirí closmhiniúcháin leictreacha; gléasra aimplitheoirí fuaime leictreacha

Cód AC	Tuairisc
8519	Gairis taifeadta fuaime nó atáirgthe fuaime
8521	Gairis taifeadta nó atáirgthe fise, bíodh tiúnóir fise ina gcuid díobh nó ná bíodh
8522	Páirteanna agus gabhálais atá oiriúnach lena n-úsáid leis na gairis faoi cheannteidil 8519 nó 8521 amháin nó leis na gairis sin go príomha
8523	Dioscaí, téipeanna, gléasanna stórála soladstaide neamhluaineacha, ‘cártaí cliste’ agus meáin eile le haghaidh fuaim nó feiniméin eile a thaifeadadh, bíodh sé taifeadta nó ná bíodh, lena n-áirítear máitrísí agus máistirthéipeanna le haghaidh dioscaí a tháirgeadh, ach gan táirgí Chaibidil 37 san áireamh
8524	Painéil chothroma ina modúil taispeána, bíodh scáileáin tadhall-íogair iontu nó ná bíodh
8525	Gairis tarchurtha le haghaidh craoltóireacht raidió nó teilifíse, bíodh gaireas glactha nó gaireas taifeadta nó atáirgthe fuaime mar chuid díobh nó ná bíodh; ceamaraí teilifíse, ceamaraí digiteacha agus fistaifeadáin cheamara
8526	Gléasra radair, gléasra cúnta radloingseoireachta agus gléasra cianrialaithe raidió
8527	Gléasra glactha le haghaidh craoladh raidió nó teilifíse, bíodh gléasra taifeadta fuaime nó clog comhcheangailte, sa chásáil chéanna, nó ná bíodh
8528	Monatóirí agus teilgeoirí nach gcuimsíonn gléasra glactha teilifíse; gairis ghlactha le haghaidh teilifíse, bíodh glacadóirí le haghaidh craoltóireacht raidió nó gaireas taifeadta nó atáirgthe fuaime nó fise iontu nó ná bíodh
8530	Trealamh comharthaíochta, sábháilteachta nó rialaithe tráchta leictreach le haghaidh iarnród, trambhealaí, bóithre, uiscebhealaí intíre, áiseanna páirceála, fearais chalaphoirt nó aerpháirceanna (seachas trealamh meicniúil nó leictrimheicniúil faoi cheannteideal 8608); páirteanna díobh
8531	Gaireas leictreach fuaime nó fise (mar shampla, cloig, bonnáin, painéil táscaire, aláraim buirgléireachta nó tine), seachas iad siúd faoi 8512 nó 8530
8532	Toilleoirí leictreacha, seasta, inathraithe nó inchoigeartaithe (réamhshocraithe)
8533	Friotóirí leictreacha (lena n-áirítear réastait agus poitéinsiméadair), seachas friotóirí téimh
8534	Ciorcaid phriontáilte

Cód AC	Tuairisc
8536	Gléasra leictreach le haghaidh ciorcaid leictreonacha a lascadh nó a chosaint, nó le haghaidh naisc a dhéanamh le ciorcaid leictreacha nó laistigh díobh (mar shampla, lasca, athsheachadáin, fiúsanna, coscaire tintrí, plocóidí, soicéid, coinneálaithe lampa agus nascóirí eile, comhchumair), le haghaidh voltas nach mó ná 1000 V; nascóirí le haghaidh snáithíní optúla, cuacha snáithíní optúla nó cáblaí snáithíní optúla
8540	Comhlaí agus feadáin teirmianacha, catóide fuaire nó fóta-catóide e.g.comhlaí agus feadáin folúis nó gaile nó gáslíonta, comhlaí agus feadáin coigeartaithe stuamhearcair, feadáin gha-chatóideacha, feadáin ceamara teilifíse; páirteanna díobh
8541	Gairis leathsheoltóra (mar shampla, dé-oidí, trasraitheoirí, trasduchtóirí bunaithe ar leathsheoltóir); gairis leathsheoltóra fótamhothálacha, lena n-áirítear cealla fóta-voltacha bídis cóimeáilte i módúil nó cóirithe ina bpainéil nó ná bídis; dé-oidí astaithe solais (LED), bídis cóimeáilte le dé-oidí astaithe solais eile nó na bídis; criostail phísileictreacha shuite
8543	Meaisíní leictreonacha agus gléasra leictreonach a bhfuil feidhmeanna ar leith acu nach bhfuil sonraithe nó san áireamh aon áit eile sa Chaibidil seo
8546	Inslitheoirí leictreacha atá déanta as aon ábhar
8549	Fuíoll agus drámh cealla príomhúla, ceallraí príomhúla agus taisc-cheallraí leictreacha
8602	Innill fhéinghluaiste iarnróid (seachas iad sin a chumhachtaítear ó fhoinshe sheachtrach leictreachais nó le taisc-chealla leictreacha); gualcharranna
8604	Feithiclí cothabhála nó deisithe iarnróid nó trambhealaigh, bídis féinghluaiste nó ná bídis (mar shampla, ceardlanna, craenacha, calcóirí ballasta, ailínitheoirí rianta, cóistí tástála agus feithiclí iniúchta rianta)
8606	Veaineanna agus vaigíní earraí iarnróid nó trambhealaigh (seachas veaineanna féinghluaiste agus veaineanna bagáiste agus cóistí postoifige)
8607	Páirteanna d'innill fhéinghluaiste iarnróid nó trambhealaigh nó de rothstoc
8608	Daingneáin riain agus feistis iarnróid nó trambhealaigh (seachas trasnáin adhmaid, coincréite nó cruach, codanna de rian agus daingneáin riain eile nach bhfuil cóimeáilte go fóill agus ábhar tógála riain iarnróid nó trambhealaigh); trealamh comharthaíochta, slándála nó rialaithe tráchta meicniúil (lena n-áirítear leictrimheicniúil), d'iarnróid, trambhealaigh, bóithre, uiscebhealaigh intíre, saoráidí páirceála, fearais chalafoirt nó aerpháirceanna; páirteanna díobh thuas

Cód AC	Tuairisc
8609	Coimeádáin, lena n- áirítear coimeádáin chun sreabháin a iompar, atá saincheaptha agus feistithe lena n- iompar ar mhodh iompair amháin nó níos mó
8701 21	Tarracóirí bóthair do leathleantóirí - Gan ach inneall loiní dócháin inmheánaigh adhainte comhbhrú (díosal nó leathdhíosal)
8701 22	Tarracóirí bóthair do leathleantóirí - Ina bhfuil inneall loiní dócháin inmheánaigh adhainte comhbhrú (díosal nó leathdhíosal) agus mótar leictreach araon mar mhótair tiomána
8701 23	Tarracóirí bóthair do leathleantóirí – Ina bhfuil inneall loiní dócháin inmheánaigh spréachadhainte agus mótar leictreach araon mar mhótair le haghaidh tiomána
8701 24	Tarracóirí bóthair le haghaidh leathleantóirí – Gan ach mótar leictreach le haghaidh tiomána
8701 29	Tarracóirí bóthair do leathleantóirí - Nach bhfuil iontu ach inneall loiní dócháin inmheánaigh spréachadhainte mar mhótair le haghaidh tiomána
8701 30	Tarracóirí snámhaíola (seachas tarracóirí arna rialú ag coisithe)
8703 10	Feithiclí chun <10 nduine a iompar ar an sneachta; cairríní gailf agus feithiclí comhchosúla
Ex 8703 23	Gluaisteáin agus mótarfheithiclí eile atá deartha go príomha chun <10 duine a iompar, lena n-áirítear vaigíní stáisiúin agus gluaisteáin rásaíochta, nach bhfuil acu ach inneall loiní dócháin inmheánaigh frithingeacha spréachadhainte ar > 1900 cm ³ ach ≤ 3000 cm ³ a thoilleadh sorcóra, ag a bhfuil fad ceartingearach idir an taobh íochtair d'fhonnadh cairr agus an bóthar ('scóip ón talamh') atá cothrom le 165 mm nó níos mó ná sin (seachas otharcharranna)
Ex 8703 24	Gluaisteáin agus mótarfheithiclí eile atá deartha go príomha chun <10 duine a iompar, lena n-áirítear vaigíní stáisiúin agus gluaisteáin rásaíochta, nach bhfuil acu ach inneall loiní dócháin inmheánaigh frithingeacha spréachadhainte ar > 3000 cm ³ a thoilleadh sorcóra, ag a bhfuil fad ceartingearach idir an taobh íochtair d'fhonnadh cairr agus an bóthar ('scóip ón talamh') atá cothrom le 165 mm nó níos mó ná sin (seachas otharcharranna)
Ex 8703 32	Gluaisteáin agus mótarfheithiclí eile atá deartha go príomha chun <10 duine a iompar, lena n-áirítear vaigíní stáisiúin agus gluaisteáin rásaíochta, nach bhfuil acu ach inneall díosail ar > 1900 cm ³ ach ≤ 2500 cm ³ a thoilleadh sorcóra, ag a bhfuil fad ceartingearach idir an taobh íochtair d'fhonnadh cairr agus an bóthar ('scóip ón talamh') atá cothrom le 165 mm nó níos mó ná sin (seachas otharcharranna)

Cód AC	Tuairisc
Ex 8703 33	Gluaisteáin agus mótarfheithiclí eile atá deartha go príomha chun <10 duine a iompar, lena n-áirítear vaigíní stáisiúin agus gluaisteáin rásaíochta, nach bhfuil acu ach inneall díosail ar > 2500 cm ³ a thoilleadh sorcóra, ag a bhfuil fad ceartingearach idir an taobh íochtair d'fhonnadh cairr agus an bóthar ('scóip ón talamh') atá cothrom le 165 mm nó níos mó ná sin (seachas otharcharranna)
Ex 8703 40	Gluaisteáin agus mótarfheithiclí eile atá deartha go príomha chun <10 duine a iompar, lena n-áirítear vaigíní stáisiúin agus gluaisteáin rásaíochta, a bhfuil inneall loiní dócháin inmheánaigh frithingeacha spréachadhainte agus mótar leictreach araon acu mar mhótair le haghaidh tiomána, ag a bhfuil fad ceartingearach idir an taobh íochtair d'fhonnadh cairr agus an bóthar ('scóip ón talamh') atá cothrom le 165 mm nó níos mó ná sin (seachas feithiclí hibrideacha inluchtaithe)
Ex 8703 50	Gluaisteáin agus mótarfheithiclí eile atá deartha go príomha chun <10 duine a iompar, lena n-áirítear vaigíní stáisiúin agus gluaisteáin rásaíochta, a bhfuil inneall díosail agus mótar leictreach araon acu mar mhótair le haghaidh tiomána, ag a bhfuil fad ceartingearach idir an taobh íochtair d'fhonnadh cairr agus an bóthar ('scóip ón talamh') atá cothrom le 165 mm nó níos mó ná sin (seachas feithiclí hibrideacha inluchtaithe)
Ex 8703 60	Gluaisteáin agus mótarfheithiclí eile atá deartha go príomha chun <10 duine a iompar, lena n-áirítear vaigíní stáisiúin agus gluaisteáin rásaíochta, a bhfuil inneall loiní dócháin inmheánaigh frithingeacha spréachadhainte agus mótar leictreach araon acu mar mhótair le haghaidh tiomána, ar féidir iad a luchtú trína gceangal le foinse sheachtrach cumhachta leictreachais, ag a bhfuil fad ceartingearach idir an taobh íochtair d'fhonnadh cairr agus an bóthar ('scóip ón talamh') atá cothrom le 165 mm nó níos mó ná sin
Ex 8703 70	Gluaisteáin agus mótarfheithiclí eile atá deartha go príomha chun <10 duine a iompar, lena n-áirítear vaigíní stáisiúin agus gluaisteáin rásaíochta, a bhfuil inneall díosail agus mótar leictreach araon acu mar mhótair le haghaidh tiomána, ar féidir iad a luchtú trína gceangal le foinse sheachtrach cumhachta leictreachais, ag a bhfuil fad ceartingearach idir an taobh íochtair d'fhonnadh cairr agus an bóthar ('scóip ón talamh') atá cothrom le 165 mm nó níos mó ná sin
Ex 8703 80	Gluaisteáin agus mótarfheithiclí eile atá deartha go príomha chun <10 duine a iompar, lena n-áirítear vaigíní stáisiúin agus gluaisteáin rásaíochta, nach bhfuil ach mótar leictreach acu le haghaidh tiomána, ag a bhfuil fad ceartingearach idir an taobh íochtair d'fhonnadh cairr agus an bóthar ('scóip ón talamh') atá cothrom le 165 mm nó níos mó ná sin
8703 90	Gluaisteáin agus mótarfheithiclí eile atá deartha go príomha chun <10 duine a iompar, lena n-áirítear vaigíní stáisiúin agus gluaisteáin rásaíochta, a bhfuil inneall seachas inneall loiní dócháin inmheánaigh adhainte nó mótar leictreach acu le haghaidh tiomána

Cód AC	Tuairisc
Ex 8704	Mótarfheithiclí chun earraí a iompar, lena n-áirítear fonnadh le hinneall agus cábán, seachas feithiclí de chóid AC 8704 21 91 agus 8704 21 99 a bhfuil inneall acu nach mó ná 1900 cm ³ a thoilleadh sorcóra
8705	Mótarfheithiclí sainchuspóireacha, (seachas iad siúd atá ceaptha go príomha chun daoine nó earraí a iompar) e.g. leoraithe deisithe, leoraithe craenach, feithiclí comhraicthe dóiteáin, leoraithe measctha coincreíte, leoraithe scuabadóra bóthair, leoraithe spraeála, ceardlanna taistil, aonaid raideolaíocha taistil
8708 99	Páirteanna agus gabhálais, do tharracóirí, do mhótarfheithiclí chun deichniúr nó níos mó a iompar, do charranna agus mótarfheithiclí eile a dearadh go príomha chun daoine a iompar, do mhótarfheithiclí chun earraí a iompar agus do mhótarfheithiclí sainchuspóireacha, nach bhfuil sonraithe aon áit eile
8709	Trucailí monarchan, de chineál féinghluaiste, nach bhfuil trealamh tógála nó láimhseála feistithe orthu, den chineál a úsáidtear i monarchana, trádstórais, limistéir duganna nó aerfoirt do ghearriompar earraí; tarracóirí den chineál a úsáidtear ar ardáin stáisiúin iarnróid; páirteanna de na feithiclí thuasluaite, nach bhfuil sonraithe aon áit eile
8716	Leantóirí agus leathleantóirí; feithiclí eile, nach feithiclí innealltiomáinte iad (gan feithiclí iarnróid agus trambhealaigh a áireamh); páirteanna díobh, nach bhfuil sonraithe aon áit eile.
8903	Luaimh agus soithí eile le haghaidh áineasa nó spórt; báid iomraimh agus canúnna
8904	Tugaí agus brúshoithí
8905	Soithí éadroma, raftaí dóiteáin, dreidirí, craenacha snámhacha agus soithí eile ar fofheidhm dá bpríomhfheidhm í a n-inseoltacht; duganna snámhacha, ardáin druileála nó táirgthe de chineál snámhach nó intumtha
9001 10	Snáithíní optúla, cuail agus cáblaí snáithíní optúla (seachas na cinn déanta as snáithíní i dtruaillí ar leith atá faoi cheannteideal 8544)
9002 11	Lionsaí oibiachtúla do cheamaraí, teilgeoirí nó méadaitheoirí nó laghdaitheoirí fótagrafacha
9002 19	Lionsaí oibiachtúla (seachas lionsaí oibiachtúla do cheamaraí, teilgeoirí nó méadaitheoirí nó laghdaitheoirí fótagrafacha)
9005	Déshúiligh, leathshúiligh, teileascóip optúla eile agus feistí díobh; ionstraimí réalteolaíochta eile agus gléasanna lena n-aghaidh (seachas ionstraimí radairéalteolaíochta agus ionstraimí nó gléasra eile a shonraítear aon áit eile)

Cód AC	Tuairisc
9007	Ceamaraí agus teilgeoirí cineamatagrafacha, bíodh gléasra taifeadta nó atáirgthe fuaime ina gcuid díobh nó ná bíodh (seachas trealamh físe)
9010	Gaireas agus trealamh le haghaidh saotharlanna fótagrafacha nó cineamatagrafacha, nach bhfuil sonraithe aon áit eile i gCaibidil 90; scóip chlaonchló; scáileáin teilgthe
9013	Léasair, seachas dé-óidí léasair; fearais agus uirlisí optúla eile nach bhfuil sonraithe ná áirithe aon áit eile i gCaibidil 90
9014	Compáis threo-aimsithe; ionstraimí agus fearais loingseoireachta eile (seachas trealamh loingseoireachta raidió); páirteanna díobh
9015	Suirbhéireacht (lena n-áirítear suirbhéireacht fhótaghrám-mhéadrach), uirlisí agus fearais hidreagrafacha, aigéaneolaíocha, hidreolaíocha, mheitéareolaíocha nó gheoifisiceacha, (seachas compáis); raonaimsitheoirí
9024	Meaisíní agus fearais chun cruas, neart, in-chomhbhrúiteacht, leaisteachas nó saintréithe meicniúla eile ábhar a thástáil (miotail, adhmaid, teicstílí, páipéar, plaistigh, mar shampla); páirteanna díobh
9025 90	páirteanna agus gabhálais do hidriméadair, agus ionstraimí snámhacha cosúla, teirmiméadair, píriméadair, baraiméadair, taismhéadair agus sícriméadair, nach bhfuil sonraithe in aon áit eile
9026	Uirlisí agus gléasra chun sreabhadh, leibhéal, brú nó athróga eile leachtanna nó gás a thomhas nó a sheiceáil (sreabhmhéadair, tomhsairí leibhéil, manaiméadair, méadair teasa, mar shampla), gan na huirlisí agus na gléasra a áireamh atá faoi cheannteidil 9014, 9015, 9028 nó 9032
9027	Ionstraimí agus gléasra le haghaidh anailís fhisiceach nó cheimiceach (mar shampla, polaraiméadair, athraonmhéadair, speictriméadair, gléasra anailíse gáis nó deataigh); uirlisí agus gléasra chun slaodacht, póiriúlacht, méadú, teannas dromchla nó a leithéidí a thomhas nó a sheiceáil; uirlisí agus gléasra chun cainníochtaí teasa, fuaime nó solais a thomhas nó a sheiceáil (lena n-áirítear nochtmhéadair); micreatóim
9029	Áiritheoirí imrothlúcháin, áiritheoirí táirgeachta, tacsaiméadair, odaiméadair, peidiméadair agus a leithéidí (seachas méadair gháis, leachta agus leictreachais); luasmhéadair agus tacsaiméadair, (seachas na cinn atá faoi cheannteideal 9014 nó 9015); stróbascóip

Cód AC	Tuairisc
9030	Ascaloscóip, anailíseoirí speictrim agus ionstraimí agus gairis eile chun cainníochtaí leictreachais a thomhas nó a sheiceáil, seachas na méadair faoi cheannteideal 9028; uirlisí agus gléasra chun radaíocht ianúcháin alfa, béite, gáma, x-ghathach, chosmach nó radaíocht ianúcháin eile a thomhas nó a bhrath
9031	Ionstraimí, fearais agus meaisíní tomhais nó seiceála nach sonraítear aon áit eile i gCaibidil 90; teilgeoirí próifíle
9032 81	Ionstraimí agus gaireas uathoibríoch eile rialála nó rialaithe - hiodrálach nó neomatach - Eile
9401 10	Suíocháin aerárthaigh
9401 20	Suíocháin do mhótarfheithiclí
9403 30	Troscán adhmaid de chineál a úsáidtear in oifigí
9406	Foirgnimh réamhdhéanta
9606	Cnaipí, brúfháiscíní, smeachdhúntóirí agus brústodaí, múnlaí cnaipe agus páirteanna eile de na hearraí sin; bánáin chnaipe (seachas scoráin muinchille)
9608 91	Goba pinn agus pointí gob
9612	Ribíní clóscríobháin nó ribíní comhchosúla ina bhfuil dúch nó atá ullmhaithe ar shlí eile chun brúnna a dhéanamh, bídís ar spóil nó i gcartúis nó ná bídís; pillíní dúigh, bídís dúch iontu nó ná bídís, le boscaí nó gan iad
Ex 98	Gléasraí tionsclaíocha iomlána, seachas gléasraí chun bia agus deochanna, cógaisíocht, cógais agus feistí leighis a tháirgeadh

’;
;

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn XIX:

‘IARSCRÍBHINN XIX

Liosta earraí agus teicneolaíochta dá dtagraítear in airteagal 1bb(2)
maidir leis an toirmeasc ar idirthuras tríd an mbealarúis

Cód AC	Tuairisc
2710 19 21	Scaird-bhreosla, de chineál ceirisín
2710 19 29	Meánolaí agus ullmhóidí, de pheitriilam nó mianraí biotúmanacha
3811	Ullmhóidí frithchnagarnaigh, coscairí ocsaídiúcháin, coscairí guma, feabhsaitheoirí slaodachta, ullmhóidí frithchreimneacha agus breiseáin ullmhaithe eile, le haghaidh olaí mianracha, lena n-áirítear gásailín, nó le haghaidh leachtanna eile a úsáidtear chun na gcríoch céanna le holáí mianracha
3815 12	Catalaigh faoi thacú a bhfuil miotal lómhar nó comhdhúile de mhíotal lómhar iontu mar an tsubstaint ghníomhach, nach bhfuil sonraithe aon áit eile
7219 21	Táirgí cothromrollta cruach dosmálta, ar leithead 600 mm nó níos mó ná sin, teo-rollta agus gan aon saoirsiú thairis sin, nach bhfuil i gcoraí, ar tiús nach mó ná 10 mm
7225 40	Táirgí cothromrollta cruach cóimhiotail eile seachas cruach dosmálta, ar leithead 600 mm nó níos mó ná sin, teo-rollta agus gan aon saoirsiú thairis sin, nach bhfuil i gcoraí (seachas táirgí déanta as cruach shileacan-leictreach)
7304 29	Cásáil agus feadánra, iad gan uaim, déanta as iarann nó as cruach, den chineál a úsáidtear chun ola agus gás a dhruileáil (gan táirgí as iarann teilgte a áireamh)
7311 00	Coimeádáin iarainn nó chruach, le haghaidh gás comhbhrúite nó leachtaithe (seachas coimeádáin atá tógtha nó feistithe go sonrach le haghaidh cineál amháin iompair nó níos mó)
8456 30	Meaisín-uirlisí chun aon ábhar a oibriú trí ábhar a bhaint, arna n-oibriú le próisis leictrea-dhíluchtúcháin
8460	Meaisín-uirlisí le haghaidh miotal nó miotail cheirmeacha a dhíbhurrú, a fhaobhrú, a líomhadh, a mhíniú, a rádalú, a shnasú nó a chríochnú ar bhealach eile trí chlocha meilte, scríobaigh nó táirgí snasta, seachas meaisíní gearrtha giair, meilte giair nó críochnaithe giair atá faoi cheannteideal 8461

Cód AC	Tuairisc
8515 19	Meaisíní prásála nó sádrála (seachas iarainn agus gunnaí sádrála)
8543 30	Meaisíní agus gléasra le haghaidh leictreaphlátála, leictrealaithe nó leictreafóiréise
8705 10	Leoraithe craenach
8708 99	Páirteanna agus gabhálais de na mótarfheithiclí atá faoi cheannteidil 8701 go 8705 (tarracóirí, mótarfheithiclí chun deichniúr nó níos mó a iompar, carranna agus mótarfheithiclí eile a dearadh go príomha chun daoine a iompar, mótarfheithiclí chun earraí a iompar agus mótarfheithiclí sainchuspóireacha), nach bhfuil sonraithe aon áit eile
9024	Meaisíní agus fearais chun cruas, neart, in-chomhbhrúiteacht, leaisteachas nó saintréithe meicniúla eile ábhar a thástáil, mar shampla miotail, adhmaid, teicstílí, páipéar nó plaistigh

’;

- (7) in Iarscríbhinn XXVII, cuirtear an cód seo a leanas isteach idir cód AC 7408 agus cód AC 7604:

‘

Cód AC	Ainm an earra
7601	Alúmanam neamhshaoirsithe

’;

- (8) in Iarscríbhinn XXX, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

‘liosta earraí agus teicneolaíochtaí coiteanna ardtosaíochta dá dtagraítear in airteagail 1e, 1f, 8 g agus 8ga’;

(9) cuirtear na hiarscríbhinní seo a leanas isteach:

IARSCRÍBHINN XXXI

Liosta earraí dá dtagraítear in airteagal 8ga

Cód AC	Tuairisc
8502 20	Foirne ginte ina bhfuil innill loine dócháin inmheánaigh spréach-adhainte
8536 50	Lasca eile

IARSCRÍBHINN XXXII

Liosta earraí dá dtagraítear in airteagal 1gd

‘Bogearraí’ a úsáidtear i dtaiscéaladh ola agus gáis, is é sin le rá:

- ‘Bogearraí’ le haghaidh taiscéaladh agus ríomh taiscumar
- ‘Bogearraí’ le haghaidh ríomh agus próiseáil sonraí seismeacha agus anailís ar na sonraí sin
- ‘Bogearraí’ le haghaidh amharc-chigireachtaí geolaíocha agus le haghaidh saintréithrithe/samhaltaithe/léirshamhlaithe/ríofa faoi seach
- ‘Bogearraí’ druileála, ‘bogearraí’ pleanála le haghaidh próisis druileála, ‘bogearraí’ le haghaidh chonair na bpróiseas druileála
- ‘Bogearraí’ le haghaidh córais loingseoireachta támhúla i gcomhair druileála
- ‘Bogearraí’ faireacháin toibreacha fíor-ama
- ‘Bogearraí’ breathnóireachta agus coimircithe i dtáirgeadh ola agus gáis.’.